# Tuarascáil Bhliantúil
# Oifig an Ard-Aighne
# 2007

**A chuimsíonn**

- **An Dara Tuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm an Ráitis Straitéise 2006 - 2008, agus**
- **An Tríú Tuarascáil um Chur i bhFeidhm Threoir Seirbhíse Cliant Oifig Shráid Mhuirfean 2005-2007 agus Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit 2005-2007**

# Clár Ábhar


**Réamhrá ón Ard-Aighne**

**Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir**

**Caibidil 1: Róil agus Feidhmeanna**

**Caibidil 2: Ráiteas Misin agus Spriocanna**

Féachaint don Mhisean a bhaint amach mar a leagtar amach sa *Ráiteas Straitéise 2006–2008*

**Caibidil 3: Príomhfhorbairtí in 2007**

**Cuid I Forbairtí Dlí**

**Cuid II Forbairtí Eagraíochtúla**

**Caibidil 4: Dul chun cinn a Baineadh Amach maidir le gnóthú Sprioc 1 – Abhcóidí Comhairleacha**

Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil don Ard-Aighne maidir le dualgais a oifige a chomhlíonadh agus sainseirbhísí na nAbhcóidí Comhairleacha a sholáthar i réimsí dlí lena mbaineann tábhacht don Rialtas agus freagrúlacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht á léiriú.

**Caibidil 5: Dul chun cinn a Baineadh amach maidir le gnóthú Sprioc 2 – Dréachtóirí Parlaiminte**

Seirbhís ghairmiúil reachtaíochta dréachtaithe a sholáthar don Rialtas.

**Caibidil 6: Dul chun cinn a Baineadh amach maidir le gnóthú Sprioc 3 – Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO)**

Sainseirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh chuig an Ard-Aighne, na Ranna agus Oifigí sna réimsí dlíthíochta, soláthar comhairle dlí agus ábhair mhaoine agus idirbhearta.

**Caibidil 7: Dul chun cinn a Baineadh amach maidir le gnóthú Sprioc 4 – Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO**

Seirbhísí nua-aimseartha gairmiúla tacaíochta corparáideacha agus gnó a sholáthar a sheachadann seirbhís ar ardchaighdeán chuig cliaint agus custaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

**Iarscríbhinní**

| | |
|---|---|
| **A:** | **Billí Rialtais a Foilsíodh in 2007** |
| **B:** | **Billí Poiblí a Achtaíodh in 2007** |
| **C:** | **Toradh don bhliain 2007 agus Meastacháin don bhliain 2008, Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus CSSO** |
| **D:** | **Ráitis Aschuir 2007, Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus CSSO** |
| **E:** | **Ráitis Chomhlíonta; Tuarascálacha um Chleachtais Íocaíochta 2007, Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus CSSO** |
| **F:** | **Ionadaíocht na hOifige ar Choistí agus Grúpaí Oibre in 2007** |
| **G:** | **Staitisticí Saorála Faisnéise, 2007** |
| **H:** | **Mionsonraí Oiliúna agus Forbartha, 2007** |
| **I:** | **Cairt Eagraíochta** |
| **J:** | **Cásanna Ard-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí ón mbliain 2007 lenar bhain Breithiúnais Stáit na Cúirte Breithiúnais Eorpaí (ECJ) agus na Cúirte Chéadchéime (CFI) lenar bhain Éire in 2007<br>Ábhair a bhaineann leis an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) in 2007** |

# Réamhrá ón Ard-Aighne

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo faoi ghníomhaíochtaí agus gnóthachtálacha na hOifige i rith 2007 a chur i láthair. Leagann an Tuarascáil amach príomhréimsí ghníomhaíochtaí na hOifige i rith na bliana agus leagan sé béim ar na príomh-ghnóthachtálacha maidir le baint amach spriocanna, cuspóirí agus straitéisí ardleibhéil, mar a leagtar amach i Ráiteas Straitéise na hOifige 2006 – 2008.

Leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo béim chomh maith ar raon leathan seirbhísí dlí agus dréachtaithe a chuireann Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ar fáil. Chomh maith leis sin, leagann sé béim freisin ar na tionscnaimh leanúnacha nuachóirithe atá á gcur i bhfeidhm ar fud na nOifigí a chuireann seirbhís éifeachtach agus tráchtála ar fáil dár gcliaint go léir.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann go léir sa dá Oifig as ucht a tiomantais, a dtacaíochta agus a seirbhíse.

**Paul Gallagher, SC**
**An tArd-Aighne**

# Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir

***An tArd-Stiúrthóir,***

Cuireann sé áthas orm *Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Stiúrthóra don bhliain 2007* a chur i láthair. Áirítear ar an Tuarascáil seo, an Dara Tuarascáil um Dhul Chun Cinn ar chur i bhfeidhm an *Ráitis Straitéise 2006-2008* agus an Tríú Tuarascáil um Dhul Chun Cinn ar chur i bhfeidhm *Treoir Seirbhíse Cliant 2005-2007* Oifig Shráid Mhuirfean *, Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2005-2007* Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus *Cairteacha Cliant agus Custaiméirí* an dá Oifig.

I rith 2007, sholáthair an Oifig seirbhísí dlí a leagann béim ar ardchaighdeán agus seachadadh tráthúil dár gcliaint, don Rialtas, Ranna agus Oifigí. Lean na hOifigí ar aghaidh ag díriú fócas ar fhorbairt agus feabhsú a thuilleadh speisialtóireachta chun freastal a dhéanamh ar riachtanais athraitheacha na gcliant agus iarracht á déanamh a straitéis speisialtóireachta méadaithe a bhaint amach i bpríomhréimsí.

D'ullmhaigh an Oifig *Ráiteas Straitéise nua 2008 – 2010* i mí na Nollag, 2007, ar fhorbair sé sin ár Ráiteas Straitéise roimhe seo. Léiríonn an Ráiteas Straitéise nua seo pleanáil na hOifige don tréimhse trí bliana agus forbraíodh é tar éis comhairliúchán agus anailís a dhéanamh ar an timpeallacht inmhéanach agus sheachtrach ina n-oibríonn an Oifig.

Bhí baint ag an Oifig le roinnt tionscnaimh thábhachtacha i rith 2007 agus dul chun cinn á dhéanamh ar na príomhthionscadail seo a leanas:

- Foilsiú an Dara agus an Tríú Tuarascáil um Dhul Chun Cinn ar chur i bhfeidhm Phleananna Gníomhaíochta Athbhreithnithe Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit um Nuachóiriú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta *I dTreo 2016,*

- Dul chun cinn suntasach déanta ar chur i bhfeidhm ár Straitéise Teicneolaíocht Faisnéise, lena n-áirítear
    - Féidhmiú céimneach iomlán bainte amach ar Chóras nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead chuig úsáideoirí seirbhísí dlí sa dá Oifig,

    - Daingniú, feabhsú agus úsáid leanúnach na gCóras comhtháite Bainistíochta Airgeadais agus Bainistíochta Acmhainní Daonna sa dá Oifig,
    - A thuilleadh daingnithe agus cuir i bhfeidhm ar Phlean Tionscnaimh do Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta don dá Oifig.
- Foilsiú an Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus Beartais leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí i mí na Nollag, 2007 agus dul chun cinn suntasach déanta maidir le tabhairt chun críche an Athbhreithnithe ar Riaradh Scéim an Ard-Stiúrthóra agus ar Chothabháil Leabhar Reachtanna leictreonaigh na hÉireann (eISB).
- Dul chun cinn suntasach déanta ar an Tionscadal Reachtaíochta Roimh 1922, lena n-áirítear achtú an Achta um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007 an 8 Bealtaine, 2007 (an reacht aonair ba mhó aisghairthe i stair an Stáit, agus 3,225 Acht a achtaíodh roimh 6 Nollaig 1922 á n-aisghairm aige),
- A thuilleadh nuashonraithe ar Leabhar Reachtanna Leictreonach na hÉireann chun Achtanna 2006 agus Eolaire Reachtaíochta 2005 (ar tugadh Tábla Croineolaíoch na Reachtanna air roimhe seo), a thabhairt san áireamh.
- Breathnú agus athbhreithniú déanta ag Coiste Iniúchóireachta na hOifige ar 7 dTuarascáil Iniúchta,
- A thuilleadh cuir i bhfeidhm ar thionscnamh na nOifigí chun Abhcóidí Comhairleacha a earcú, oiliúint a chur orthu agus a chur ar iasacht chuig Ranna Rialtais rannpháirteacha.

I bhfianaise na ngnóthachtálacha go léir a baineadh amach i rith na bliana, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne sa dá Oifig as a dtiomantais, an dianobair shármhaith a rinne siad agus an tacaíocht leanúnach a chuir siad ar fáil i rith 2007.

**Finola Flanagan**
**An tArd-Stiúrthóir**

# Caibidil 1: Róil agus Feidhmeanna

Is é an tArd-Aighne an comhairleoir dlí leis an Rialtas agus is oifigeach bunreachtúil é. Is iad cliaint an Ard-Aighne agus Oifig an Ard-Aighne brainse feidhmiúcháin an Rialtais, is é sin, an Rialtas ina iomláine, a bhaill aonair agus na Ranna a bhfuil siad mar cheannairí orthu. De bhua Airteagal 30.1 den Bhunreacht agus alt 6 den Acht Airí agus Rúnaithe 1924 agus naoú cuid de sceideal an Achta sin, is é an tArd-Aighne a rialaíonn Oifig na ndréachtóirí parlaiminte agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus atá freagach astu. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Oifig an Ard-Aighne:

- comhairle dlí a sholáthar don Rialtas, Ranna agus Oifigí
- reachtaíocht a dhréachtú
- seirbhísí dlíthíochta a sholáthar
- seirbhísí aturnae a sholáthar, lena n-áirítear tíolacas agus seirbhísí eile idirbheartaíochta.

Is é ról Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear a hoifigí go léir, chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne agus é ag tabhairt faoi na feidhmeanna a bhaineann le comhairle a chur ar an Rialtas agus feidhmeanna eile a chomhlíonadh ar thug an Bhunreacht agus reachtaíocht dó go speisialta. Faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, tugtar údarás as bainistíocht na hOifige, monatóireacht a dhéanamh ar bheartais a imríonn tionchar ar an Oifig agus seachadadh aschur sainithe ar Cheann na hOifige, arb é an tArd-Stiúrthóir é.

## Abhcóidí Comhairleacha

Roinntear taobh Comhairleach na hOifige i gcúig Ghrúpa speisialtóireachta a chlúdaíonn na mórspeisialtóireachtaí dlí go léir. Tá abhcóidí mar chuid de (Abhcóidí Comhairleacha) a ndéanann gach duine acu speisialtóireacht dhomhain, i raon éagsúla sainréimsí dlí. Is é príomhdhualgas na nAbhcóidí Comhairleacha chun cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna agus na ndualgas. Tá baill foirne thiomanta chléireachais ag gach Grúpa Comhairleach a bhfuil eolas maith acu ar ghnó an Ghrúpa.

Clúdaíonn an Grúpa réimse leathan ábhar, ach baineann na gníomhaíochtaí féin le trí réimse fheidhmiúla, is iad sin:

(a) soláthar comhairle;

(b) treorú dlíthíochta;

(c) baint le soláthar seirbhíse dréachtaithe do Ranna Rialtais.

## Obair na nAbhcóidí Comhairleacha

Tá struchtúir agus córais i bhfeidhm ag an Oifig chun freastal a dhéanamh ar na gnáthfhiosrúcháin go léir chomh maith le hiarratais ar chomhairle phráinneach i leith saincheisteanna suntasacha dlíthiúla agus aghaidh a thabhairt orthu. Oibríonn na hAbhcóidí Comhairleacha go dlúth le dlíodóirí in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte, ag tabhairt comhairle faoi shaincheisteanna dlíthiúla a thagann chun cinn le linn dhréachtú na reachtaíochta agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag tabhairt comhairle faoi stiúradh dlíthíochta agus ábhair dhlíthiúla eile.

Tá an raon oibre comhairleoireachta a dtugann an Oifig faoi de ghnáth, an-leathan ar fad agus áirítear dlí bunreachtúil, dlí riaracháin, dlí na hEorpa, dlí tráchtála, dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí coiriúil air – i ndáiríre gach réimse den obair dlí, a bhféadfadh an Rialtas nó Roinn nó Oifig comhairle a lorg ina leith. D'fhéadfadh iarratais ar chomhairle a fháil ón Rialtas ina iomláine, ó Airí, nó ó státseirbhísigh i Ranna nó Oifigí Rialtais nó trí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Cuirtear comhairle ar fáil go minic faoi fhíorbhrú ama.

## Buanionadaíocht don Aontas Eorpach

Lean an Oifig leis an sannadh a tugadh do na hAbhcóidí Comhairleacha trí dul ar iasacht mar Chomhairleoir Dlí le Buanionadaíocht na hÉireann leis an Aontas Eorpach sa Bhruiséil. Ó bunaíodh é i 1996, tá ról an Chomhairleora Dlí ina ghné riachtanach lárnach d'fheidhmiú éifeachtach na Buanionadaíochta. Mar thoradh ar rannpháirtíocht na Comhairleora Dlí in idirbheartaíocht thábhachtach AE, lena n-áirítear leasú Conartha agus forbairtí eile suntasacha reachtaíochta, bíonn baint ag an Ard-Aighne ó chéim luath le comhairle a thabhairt ar shaincheisteanna suntasacha dlíthiúla AE.

## Dréachtóir Parlaiminte don Rialtas

Is éard atá in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte (OPC) leis an Rialtas, foireann dlíodóirí speisialtóireachta atá oilte ar leibhéal an-ard sa disciplín dréachtaithe reachtaíochta. Is é misean na hOifige seirbhís ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas agus faisnéis a choimeád ar dhul chun cinn dhréachtú na reachtaíochta.

## Obair na nDréachtóirí Parlaiminte

Is í phríomhobair an OPC chun Billí Rialtais a dhréachtú le tabhairt isteach i dTithe an Oireachtais agus reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú, i gcás inar cuí, do Ranna nó Oifigí Rialtais, lena n-áirítear Ionstraimí a thrasuíonn reachtaíocht AE sa dlí teaghlaigh/intíre faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972. Bíonn baint ghníomhach ag an OPC le forbairt an bheartais um Rialáil Níos Fearr i gcomhar le Roinn an Taoisigh agus áirítear ar an obair a dhéanann sí, athbhreithniú agus daingniú ar an dlí reachtúil i gcomhthéacs Clár Leasaithe Rialála.

Tá an OPC eagraithe i dtrí Ghrúpa, a bhfuil freagracht ar gach ceann acu as soláthar seirbhísí dréachtaithe do Ranna agus Oifigí sainiúla Rialtais. Tá foireann thiomanta tacaíochta chléireachais a bhfuil eolas maith acu ar ghnó an Ghrúpa.

## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Is ghné bhunreachta í Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit d'Oifig an Ard-Aighne agus is í an príomhsholáthaí seirbhísí aturnae don Ard-Aighne agus do gach Roinn agus Oifig Rialtais. Soláthraíonn sí seirbhísí aturnae chomh maith do Ghníomhaireachtaí Stáit agus Binsí Fiosrúcháin, ach ní fheidhmíonn sí do bhaill an phobail.

## Obair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit eagraithe i gcúig rannóg dhlíthiúla. Is éard atá i gceist leis na Rannóga sin, Dlí Phoiblí, Seirbhísí Tearmainn agus Seirbhísí Dlí, Maoin Stáit, Ceartas agus an Dlí Coiteann agus Comhairleach. Tá gach Rannán eagraithe i Rannóga ar bhonn chosúlacht na hoibre nó an chliaint. Glacann an eagraíocht príomhéilimh na gcliant san áireamh chomh maith le roinnt éileamh a dhéanfar ar an Oifig amach anseo, cosúil le cumas chun freagairt a thabhairt ar ghníomhartha a bhaineann leis an CECD, rannpháirtíocht mhéadaithe leis an CEB, méadú i líon na mbarántas gabhála Eorpach a fuarthas ó thíortha eile san AE agus éileamh níos mó ar chomhairle maidir le Soláthar Poiblí agus Conarthaí Tráchtála. Glacann an struchtúr seo na dúshláin bhainistíochta don Oifig san áireamh chomh maith, go háirithe na dúshláin a chruthaíonn an clár do nuachóiriú na seirbhíse poiblí.

## Riarachán

Tá Aonaid riaracháin ag Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun tacaíocht a thabhairt d'obair na foirne dlí trí sheirbhísí ghairmiúla tacaíochta corparáideacha a sholáthar, cosúil le hAcmhainní Daonna/Oiliúint agus Forbairt, Airgeadais/Cuntais, Seirbhísí Corparáideacha, Tacaíocht Chléireachais, Tacaíocht Phríobháideach Oifige, Bainistíocht ar Athrú, Teicneolaíocht Faisnéise, Iniúchadh Inmheánach, Clárlann/Clárlann agus Ionad Taifead agus Leabharlann agus Fios Gnó. Tá dlúthbhaint idir Cinn Riaracháin agus baill foirne Aonaid ábhartha san dá Oifig agus an baill foirne lena mbaineann an ról céanna in Oifigí Dlí eile faoi na saincheisteanna a imríonn tionchar ar na hOifigí. Déantar dlúth-theagmháil chomh maith idir na Cinn Riaracháin agus baill foirne Aonaid ábhartha le baill foirne i Ranna agus Oifigí eile Rialtais faoi shaincheisteanna áirithe.

## Láithreán Gréasáin

Cuireann láithreán gréasáin na hOifige ag www.attorneygeneral.ie mionchur síos ar fáil ar róil, feidhmeanna agus obair an Ard-Aighne, na nAbhcóidí Comhairleacha, na nDréachtóirí Parlaiminte agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

# Caibidil 2: Ráiteas Misin agus Spriocanna

Bhain an Ráiteas Misin agus Spriocanna seo a leanas le *Ráiteas Straitéise 2006 – 2008* na hOifige -

> Is é Misean Oifig an Ard-Aighne *"an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar do Ranna agus Oifigí Rialtais"*.

**Díorthaíodh ceithre Sprioc ón Ráiteas Misin;**

- Tacaíocht a thabhairt don Ard-Aighne agus comhairle a thabhairt dó maidir le dualgais a oifige a chomhlíonadh agus sainseirbhísí Abhcóidí Comhairleacha a sholáthar i réimsí dlí lena mbaineann tábhacht don Rialtas, agus freagrúlacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht á léiriú.
- Seirbís ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.
- Sainseirbhís aturnae ardchaighdeáin a sheachadadh don Ard-Aighne, do na Ranna agus do na hOifigí sna réimsí dlíthíochta, soláthair chomhairle dlí agus maidir le hábhair mhaoine agus idirbhearta.
- Seirbhísí gairmiúla agus nua-aimseartha tacaíochta corparáide agus gnó a sheachadfaidh seirbhís ar an gcaighdeán is airde do chliaint agus custaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

# Caibidil 3: Príomhfhorbairtí in 2007

## Cuid I: Forbairtí Dlí

### Obair Oifig an Ard-Aighne, Oifig Shráid Mhuirfean, in 2007

## Obair na nAbhcóidí Comhairleacha in 2007

Chuir na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle ar fáil do Ranna agus Oifigí i rith 2007, de réir mar a iarradh, ar fud raon iomlán speisialachas a aithnítear thíos. Is éard atá i ngach grúpa, Comhordaitheoir Grúpa agus roinnt ball foirne ó na hAbhcóidí Comhairleacha agus tacaíochta cléireachais.

**Grúpa A** – tá freagracht air as na réimsí a bhaineann le dlí coiriúil, an Garda Síochána, ceartas, príosúin, cúirteanna agus breithimh, Angla-Éireannach, sócmhainní coiriúla, eiseachadadh, cúnamh frithpháirteach, idircheapadh pacáistí telecom agus postais, bearta ceartas coiriúil an AE, clúmhilleadh, ceadúnú agus saincheisteanna maidir leis an nGaeilge.

**Grúpa B** - tá freagracht air as na réimsí a bhaineann le dlí idirnáisiúnta príobháideach, corrthrádáil agus ócáideach, staitisticí, an tAcht ionstraimí reachtúla, saincheisteanna ceartais shibhialta, díobháil phearsanta, dlí sláinte, mí-úsáid leanaí, orgáin agus vacsaíní, ginmhilleadh, uchtú, atáirgeadh cúnta daonna, oideachas, dlí teaghlaigh, ombudsman, sláinte agus sábháilteacht, dlí núicleách agus comhshaoil.

**Grúpa C** - tá freagracht air as na réimsí tearmainn agus inimirce, státchabhair agus státdeontais, dlí iomaíochta, craoladh, leictreachas, iascaigh, imeall trá, dlí na mara, dlí loingseoireachta, cuanta, muiríní, seirbhís Ghardaí Cósta na hÉireann, Coimisinéirí Soilse na hÉireann, monaíocht, trádáil idirnáisiúnta, gás, dlí postais, tarlú bóthair agus busanna, achtanna um thrácht ar bhóithre, dlí ioncaim, comhaontuithe um chánachas dúbailte, Bonneagar Náisiúnta/Plean Forbartha Náisiúnta/Comhpháirtíochtaí Poiblí – Príobháideacha, an Ghaeltacht, saincheisteanna Angla-Éireannaigh, Cosaint, Cosaint Tomhaltóirí, árachas Creidmheas Easpórtála, aisíocaíochtaí Easpórtála, Iompar Aeir agus Iompar Iarnróid.

**Grúpa D** – tá freagracht air as na réimsí gníomhartha insteora, saincheisteanna féimheachta/dócmhainneachta/leachtaithe, carthanas, an t-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,

Cuntas Leithghabhála, Bille, Meastacháin agus nósanna imeachta airgeadais a bhaineann leis an *Exchequer and Audit Department Act 1866*, Leithghabháil agus Caiteachas Poiblí, Dlí Probháide agus Comharbais, Eadráin, baincéireacht, Billí Malairte, Cumainn Foirgníochta, Dlí Cuideachtaí, Eitic, Árachas, Clárú Talún, Tiarna Talún agus Tionónta, Cumaisc agus and Monaplachtaí, Méadreolaíocht, Mianadóireacht agus Cairéalú, Peitriliam, Monaplachtaí Stáit, an tAcht Maoine Stáit, Stocmhalartán agus Dlí Infheistíochta, Teileachumarsáid, Seirbhísí Cumainn Faisnéise, UNCITRAL, Údaráis Stáit eile, Dlí Toghcháin, Comhlacht Trádála agus Gnó Thuaisceart Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí, Comhlachtaí Leathstáit, Tobac, Achtanna um Thurasóireacht agus Pleanála.

**Grúpa E** – tá freagracht air as na réimsí maidir le Maoin Intleachtúil, Dlí Idirnáisiúnta Poiblí, an tAcht um Chosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, Oireachtas agus Leasú an Oireachtais, Airí agus Rúnaithe, Seirbhís Phoiblí, Dlí Saothair, Cúnamh Dlí, Cultúrtha, Cearta Daonna, Cróinéirí, conarthaí Rialtais lena n-áirítear soláthar poiblí, Seirbhís Taidhleoireachta agus Consalachta, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, Pléascáin agus Airm Tine, Achtanna um Chluichíocht, Crannchuir agus Gealltóireacht, an tAcht um Rúin Oifigiúla, Dlí Foraoiseachta, Talmhaíochta agus Leasa Shóisialaigh.

**An Leas-Ardstiúrthóir:** Tá an Leas-Ardstiúrthóir freagrach as na réimsí a bhaineann le Clúmhilleadh, Costais, Binsí, Coistí Imscrúdaithe agus Coistí Oireachtais, dlíthíocht Goodman, Binse Morris, saincheisteanna Institiúideacha AE, córas Breithiúnach an CE, saincheisteanna Cothrománacha AE agus saincheisteanna cothrománacha don OPC agus saincheisteanna a bhaineann leis an mBruiséil go sonrach. Oibríonn an Attaché Dlí leis an mBuanionadaíocht don Aontas Eorpach sa Bhruiséil faoin Leas-Ardstiúrthóir chomh maith.

Baineann suntas ar leith leis na cásanna seo a leanas a cinneadh in 2007 inar thug na hAbhcóidí Comhairleacha cúnamh le soláthar comhairle agus treoracha.

## Reachtaíocht

Chuir na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle ar fáil chomh maith maidir le reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach a dréachtaíodh in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte in 2007.

## Dlí Idirnáisiúnta

Chuir an Oifig comhairle ar fáil maidir le han-chuid Coinbhinsiúin, Prótacail agus Comhaontuithe idirnáisiúnta, chomh maith le cásanna agus forbairtí reachtaíochta i ndlí idirnáisiúnta in 2007. Cuireadh comhairle ar fáil chomh maith maidir le líon mór dréacht-Chomhaontuithe déthaobhacha sna réimsí a bhain le heiseachadadh agus cúnamh firthpháirteach dlí le tíortha nach baill den AE iad.

## Tuaisceart Éireann

Thug an Oifig comhairle, i gcomhar le rannóg dlí na Roinne Gnóthaí Eachtracha, i ndáil le Comhaontú San Aindrias agus moladh roghanna dá dteipfí ar athbhunú an Tionóil.

## Binsí agus Fiosrúcháin

I rith 2007, bhí saincheisteanna dlí a raibh baint acu le binsí reachtúla agus neamhreachtúla ina ngné thábhachtach d'obair na nAbhcóidí Comhairleacha i gcónaí.

## Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus AE

Ghlac Abhcóidí Comhairleacha san Oifig páirt chomh maith sna grúpaí oibre ábhartha a liostaítear ar **Iarscríbhinn F.**

## Dlí Ceartais agus Coiriúil

Chuir an Oifig comhairle ar fáil ag an leibhéal AE maidir le roinnt bearta molta faoin Teideal VI TEU a bhaineann le réimsí cosúil le comhroinnt faisnéise, dlí nós imeachta, aitheantas frithpháirteach agus dlí substainteach.

## Cásanna Eiseachadta agus Barántais Ghabhála Eorpaigh

Oibríonn an Oifig go han-dlúth leis an Údarás Láir ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Garda Síochána agus i roinnt cásanna, an Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir leis na hábhair seo. I bhfianaise athruithe atá tarlaithe le déanaí i ngluaiseacht daoine laistigh den Eoraip, tá méid na hoibre méadaithe go mór mhór. San am atá caite, tháinig tromlach na n-iarratas sa réimse seo ó dhlínsí congarácha sa Ríocht Aontaithe. Tháinig tromlach na n-iarratas in 2007, áfach, ó thíortha Oirthear na hEorpa agus ón bPólainn go háirithe.

Ní dearnadh ach cinneadh amháin breithiúnach in 2007 i gcás faoi Chuid II den Acht um Eiseachadadh 1965. Ba iarratas é seo ón nGearmáin den ainm Abimbola inar tugadh iarratas faoi Chuid II sular cuireadh próiseas an Bharántais Ghabhála Eorpaigh in ionad ghaolmhaireacht eiseachadta na hÉireann leis an Stát ábhartha. Chinn an Chúirt Uachtarach nach raibh feidhm a thuilleadh le Cuid II maidir le cásanna cosúil leis seo, fiú dá mbeadh an t-iarratas ón dtír eachtrannach faighte le linn ama ina raibh feidhm ag Cuid II.

Bhí líon beag cinntí breithiúnacha déanta in 2007 faoi Chuid III den Acht um Eiseachadadh 1965 a chuimsíonn an córas roimhe sin um barántais ó dhlínsí an Ríochta Aontaithe agus críocha cóngaracha a thacú. Bhain an dlí-eolaíocht sna cásanna seo in 2007 le saincheisteanna moillithe. I gcás O'Keefe -v- O'Toole (An Chúirt Uachtarach 29/3/2007), d'ordaigh an Chúirt Uachtarach go scaoilfí an t-iarrthóir ar an mbonn go mbeadh leatrom i gceist dá n'ordófaí dó filleadh ar an Stát iarratais i bhfianaise an mhollithe lenar bhain agus coinníollacha eile an cháis. I gcás Egan -v- O'Toole (An Chúirt Uachtarach 15/11/2007), ar an láimh eile, dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach ordú na hArd-Chúirte chun diúltiú a thabhairt d'fhaoiseamh an iarrthóra in aghaidh fillte. Ní raibh an Chúirt Uachtarach sásta gur leor dul i léig an ama sa chás seo chun breithiúnas a thabhairt go raibh filleadh an iarrthóra éagórach, leatromach nó idirdhealaitheach agus bhí an Chúirt Uachtarach sásta gur tháinig an cion líomhnaithe sa bharántas leis an gcion comhcheilg um chalaois a dhéanamh faoin dlí coiteann.

Cuireadh líon mór breithiúnas faoin Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 ar aghaidh in 2007. Tagraítear do roinnt acu anseo. I gcás Tobin (An Ard-Chúirt 12/01/2007), dhiúltaigh an Ard-Chúirt an freagróir a ghéilleadh ar an mbonn nár theith sé ón Stát eisithe laistigh de bhrí Acht 2003. I gcás Uí Fhallúin (An Chúirt Uachtarach 03/05/2007), bhreithnigh an Chúirt Uachtarach go gceanglaíonn Acht 2003 Act go scaoilfí an freagróir nuair a éagfaidh an tréimhse reachtúil deich lá tar éis an ordú Ard-Chúirte a dhéanamh. I gcás tábhachtach Stapleton (An Chúirt Uachtarach 26/07/2007), réitigh an Chúirt Uachtarach saincheist an mhollithe trína bhreithniú gurb ábhar é an mhoill a bhí le tabhairt chun cinn i gcúirteanna an Stáit eisithe, in ionad éisteacht ghéillte sa dlínse seo. I gcás McGrath (An Ard-Chúirt 30/01/2007), léirigh an Ard-Chúirt nach raibh aon bhacainn ar dara iarratas BGE a dhéanamh i gcás inar diúltaíodh don chéad cheann mar gheall ar amhras faoi chéannacht an duine lenar bhain. I gcás Busjeva (An Ard-Chúirt 27/03/2007), d'éiligh an freagróir go raibh coinníollacha coinneála sa tír iarratais an méid sin faoi bhun an chaighdeáin go sáródh a geilleadh oibleagáidí Chaidreamh Daonna an Chomhphobail Eorpaigh. Bhreithnigh an Chúirt go mbeadh ar an

bhfreagróir a léiriú go raibh baol iarmhír ann go gcaithfí go mídhaonnachtúil nó go táireach léi dá ngéillfeadh sí agus i bhfianaise go bhfuil réimeas an bharántais ghabhála Eorpaigh bunaithe ar ardleibhéal comh-mhuiníne, ní fhéadfaí cinneadh a dhéanamh ach i gcoinníoll fíoreisceachtúil ar fad agus de bhun fianaise áititheach shoiléir go ndéanfaí sárú ar chearta bunreachta nó Coinbhinsiúin mar thoradh ar ghéilleadh a ordú. I gcás Iqbal (An Ard-Chúirt 24/04/2007), rinneadh an argóint go raibh an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach míbhunreachtúil ar an mbonn go raibh éagsúlachtaí i gCreat-Chinneadh ón gComhairle, ar chomhaontaigh an tAire leis, maidir le roinnt gnéithe i gcomparáid leis an gceann ar chomhaontaigh dhá Theach an Oireachtais air, mar a ceanglaíodh de réir Airteagal 29.4.6 den Bhunreacht. Chinn an Chúirt nach mór di glacadh leis go raibh an tOireachtas sásta go raibh an réiteach a ritheadh tríd ag an dá Theach faoi shainordú go bunreachtúil le go ndéanfaí an Creat-Chinnidh a thrasuíomh i ndlí na hÉireann. Ar deireadh, i gcás MM (An Ard-Chúirt 19/12/2007), chinn an chúirt nach raibh an frása "ordú coinneála" teoranta d'ordú coinneála a forchuireadh mar fhoirm phianbhreithe ach d'fhéadfadh sé imthosca cosúil le hordú ospidéil le srianta a áireamh.

## Cúnamh Dlí Frithpháirteach

Cuireann an Oifig comhairle ar fáil maidir le hiarratais a rinneadh roimh an gCúirt Dúiche agus an Ard-Chúirt.

## An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Lean an Oifig ar aghaidh ag tacú leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí. Bhuail an tArd-Aighne agus a oifigigh leis an gCoimisiún i rith na bliana, go háirithe i gcomhthéacs fhoirmiú Tríú Clár an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí 2008 – 2014 ar foilsíodh é i mí na Nollag, 2007. Thug ionadaí Grúpa Stiúrtha na hOifige agus an Choimisiúin faoi Athbhreithniú Caiteachais ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí chun críche ag deireadh 2007. Leagadh an tAthbhreithniú amach os comhair Thithe an Oireachtais agus rinneadh é a chóipeáil do Chomhchoiste an Oireachtais um Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Cearta na mBan i mí na Nollag 2007. Taispeántar ar láithreán gréasáin na hOifige é ag www.attorneygeneral.ie. Bhuail oifigigh ón Oifig leis an gCoimisiún chomh maith i rith na bliana i gcomhthéacs ról an Choimisiúin maidir le táblaí croineolaíocha na reachtanna (ar ghlac an Coimisiún freagracht as in 2007) agus Athráitis.

## Na hAbhcóidí Comhairleacha i mBuanionadaíocht na hÉireann sa Bhruiséil 2007

Lean an tAbhcóide Comhairleach, ata ar iasacht mar Chomhairleoir Dlí le Buanionadaíocht na hÉireann don Aontas Eorpach ar aghaidh ag comhlíonadh raon éagsúil feidhmeanna. Is é príomhról an Chomhairleora Dlí chun comhairle a thabhairt don Bhuanionadaí agus dá Leasionadaí maidir leis na saincheisteanna éagsula dlí a thagann chun cinn mar thoradh orthu freastal ar COREPER I agus II. Chomhairligh an Comhairleoir Dlí chomh maith le hoifigigh Roinne i ndáil le saincheisteanna a thagann chun cinn ag Grúpaí Oibre na Comhairle a bhfreastalaíonn siad orthu agus maidir le saincheisteanna a eascraíonn idir Ranna agus Institiúidí na hÉireann. Chomhlíon an Comhairleoir Dlí na dualgais seo a leanas chomh maith:

- Freastal an Ghrúpa Oibre Cheartais ar an Cúirteanna.
- Idirchaidreamh idir na Comhairleoirí Dlí ag Buanionadaíochtaí na mBallstát éagsúil agus le Comhaltaí den Chomhairle, den Choimisiúin agus de Sheirbhísí Dlí Parlaiminte.
- Cúnamh a thabhairt le réiteach déthaobhach deacrachtaí teicniúla dlí maidir le reachtaíocht atá faoi idirbheartaíocht sa Chomhairle.
- Idirchaidreamh a dhéanamh idir an Bhuanionadaíocht sa Bhruiséil agus Oifig an Ard-Aighne i mBaile Átha Cliath.

Cuireann an Comhairleoir Dlí comhairle ar fáil chomh maith faoi shaincheisteanna dlí institiúideacha an AE. Chuir an Comhairleoir Dlí, comhairle ar fáil, go háirithe, le linn na hidirbheartaíochta a raibh comhaontú ar shainordú chun Conradh Liospóin a dhréachtú mar thoradh air. Lean an Comhairleoir Dlí ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn maidir le hidirbheartaíocht ar théacs Chonradh Liospóin ag an gComhdháil Idir-rialtais – Grúpa Saineolaithe Dlí.

## <u>Obair na nDréachtóirí Parlaiminte in 2007</u>

Dhréachtaigh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte leis an Rialtas (OPC) líon mór Billí agus Ionstraimí Reachtúla i rith 2007**.** I measc na 38 Bille Rialtais a foilsíodh (féach Iarscríbhinn A) i rith 2007, thug an Oifig faoi roinnt sannacháin shuntasacha dréachtaithe, lena n-áirítear:

**An tAcht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne (Leasú) 2007** – Chomh maith le hAcht 2001 a leasú, áirítear ar an Acht seo, forálacha atá dírithe ar chreat reachtúil agus dlíthiúil bhannaí clúdaithe na hÉireann i bhfianaise athruithe a rinneadh i ndlínsí eile nó i reachtaíocht AE agus tugann sé cineál nua institiúid chreidmheasa ainmnithe isteach (institiúid ainmnithe chreidmheasa mhorgáiste tráchtála) a ndíríonn a ngníomhaíochtaí ar iasachtú morgáiste tráchtála.

**An tAcht um an gCiste Carbóin 2007** – Bhunaigh an tAcht seo an Ciste Carbóin um Aonaid Kyoto a fháil thar ceann an Stáit chun oibleagáidí idirnáisiúnta athraithe aeráide a chomhlíonadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 1992 agus Prótacal Kyoto 1997 leis an gCoinbhinsiún sin. Déanann sé éascaíocht do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun maoiniú a íostarraingt um Aonaid Kyoto a fháil ón Lárchiste, a n-aisíocfar é sna blianta ina dhiaidh sin trí Vóta an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

**An Bille Carthanas 2007** - Nuair a achtófar an Bille seo (i) díscaoilfidh sé Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanachta agus athsholáthróidh sé é le comhlacht ar a dtugfar an tÚdarás Rialála Carthanas (ii) déanfaidh sé foráil do bhunú cláir de gach eagraíocht carthanúla a fheidhmíonn sa Stát, a bheidh le cothabháil ag an Údarás Rialála Carthanas (iii) foráil a dhéanamh d'eagraíochtaí carthanachta chun cuntais chuí a choimeád agus go ndéanfaí iniúchadh gach bliain ar na cuntais sin (iv) déanfaidh sé foráil do chigirí ceapaithe ag an Údarás Rialála Carthanas chun iniúchadh a dhéanamh ar ghnóthaí eagraíochta carthanachta (v) déanfaidh sé foráil do Bhinse Achomhairc Charthanas a bhunú chun éisteacht le hachomhairc ó chinntí an Údaráis Rialála Carthanas agus an tAcht um Bailiúcháin Sráide agus ó Theach go Teach 1962 a leasú chun freastal a dhéanamh ar theicníochtaí nua a úsáideann eagraíochtaí carthanachta agus tabhartais á lorg acu ón bpobal.

**An tAcht um Rialú Cumarsáide 2007** – Áirítear ar phríomhfhorálacha an Achta:
(i) méadú cumhachtaí forfheidmiúcháin an Choimisiúin um Rialáil Chumarsáide chun a éileamh ar sholáthraithe na (n-oibreoirí) seirbhísí teileachumarsáide a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Chreat Rialála an AE um Líonraí agus Seirbhísí leictreonacha Cumarsáide, agus (b) leasú an Achta um Thráchtáil Leictreonach 2000 chun freagracht as maoirseacht agus

bainistíocht ainm fearainn idirlíon na hÉireann, .ie, a aistriú chuig an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide.

**An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007** – Cuireadh i bhfeidhm é faoin Treoir um Chleachtais Éagóracha Tráchtála (Treoir Uimh.2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 11 Bealtaine 2005) a ceanglaíodh í a thrasuíomh faoin 12 Meitheamh 2007. Chomh maith le héifeacht a thabhairt d'fhorálacha na Treorach sin a léiríonn treisiú suntasach staid an tomhaltóra maidir le trádálaithe i leith raon iomlán cleachtas lenar bhain dleathaíocht amhrasach a dtugann na trádálaithe sin futhu, bunaíonn an tAcht sin an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí chomh maith. Tugtar cumhachtaí cuimsitheacha don Ghníomhaireacht sin chun dul i ngleic le cleachtais éagóracha tráchtála, lena n-áirítear fíneálacha ar an láthair a ghearradh. Pléadh le haon laigí a measadh (i bhfianaise roinnt camscéimeanna atá tarlaithe le déanaí agus a ndearnadh an-phoiblíocht orthu) a bhí ann sa réimeas roimhe seo lenar bhain scéimeanna pirimide le forálacha an Achta i réimse na scéimeanna seo.

**An tAcht um Cheartas Coiriúil 2007** – Déanann an tAcht roinnt athruithe substainteacha do dlí agus nós imeachta coiriúil. Baineann roinnt de na hathruithe níos suntasaí le deonú bannaithe, pianbhreitheanna a ghearradh (lena n-áirítear foráil do chúirteanna íos-pianbhreitheanna sainordaitheacha a chur i bhfeidhm do athchiontóirí áirithe i gcoinníollacha áirithe) agus ceart tosta an duine chúisithe a theorannú i rith imscrúduithe coiriúla i gcoinníollacha áirithe trí infeiris dhiúltacha a bhaint as tost den chineál sin sna coinníollacha sin. Ina theannta sin, síntear cumhacht an Gharda Shíochána chun daoine cúisithe a choinneáil maidir le cionta áirithe sonraithe, lena n-áirítear dúnmharú lena mbaineann úsáid airm, go dtí tréimhsí suas go 7 lá. Leasítear an tAcht um Mí-úsáid Drugaí 1977 agus Achtanna na nArm Tine 1925 go dtí 2006, arna leasú leis an Acht um Cheartas Coiriúil 2006, a thuilleadh leis an Acht seo. Sular síníodh an Bille i ndlí, chuaigh an tUachtarán i gcomhairle leis an gComhairle Stáit chun críche cinneadh a dhéanamh ar chóir an Bille (nó a fhorálacha) a tharchur chuig an gCuirt Uachtarach faoi Airteagal 26 den Bhunreacht le cinneadh a dhéanamh maidir lena chomhlíonadh leis an mBunreacht, ach ar deireadh bheartaigh an tUachtarán gan an Bille a tharchur.

**An Bille um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2007** – Is é príomhchuspóir an Bhille seo chun éifeacht a thabhairt do Chreat-Chinneadh ón gComhairle den 19 Iúil 2002 maidir le

Gáinneáil ar dhaoine a Chomhrac, agus chun éifeacht a thabhairt go páirteach, le roinnt ionstraimí idirnáisiúnta a bhaineann leis an ábhar céanna. Nuair a achtófar an Bille, beidh cion i gceist leis na nithe seo a leanas a dhéanamh (i) gainneáil ar leanbh nó duine lagintinneach chun críocha dúshaothrú gnéasach, dúshaothrú oibre nó chun críocha ceann amháin dá orgáin nó dá horgáin a bhaint (ii) gainneáil ar dhuine fásta chun críocha dúshaothrú gnéasach, dúshaothrú oibre nó chun críocha ceann amháin dá orgáin nó dá horgáin a bhaint, i gcás ina bhfuil coinníollacha áirithe fadhbacha ag baint leis an ngainneáil, nó (iii) duine a dhíol nó a thairiscint le díol.

**An tAcht Cosanta (Leasú) 2007** - Chomh maith leis an Acht seo a bheith ar an gcéad leasú suntasach a rinneadh ar na hAchtanna Cosanta ón mbliain1954, ba é príomhchuspóir an Achta seo forálacha araíonachta na nAchtanna a nuashonrú, ag féachaint do Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine. Achtaíodh é tar éis don Bhord Athbhreithnithe um an Dlí Míleata dian-athbhreithniú a dhéanamh ar an dlí míleata reatha in 2001 agus tugadh isteach leasuithe suntasacha don chód araíonachta míleata, a áirítear faoi Chuid V den Acht Cosanta 1954. Is ollchóiriú iomlán é Acht 2007 ar na struchtuir agus nósanna imeachta reatha a rialaíonn imscrúduithe achoimre agus armchúirteanna. Tugtar aird in Acht 2007 ar ghnáis réimneacha cearta daoine, mar a forbraíodh le dlí-eolaíocht Choimisiún na hEorpa um Chearta an Duine agud déanann sé foráil do phrionsabail agus caighdeáin shibhialtacha a chur i bhfeidhm a bhaineann le gnéithe nósanna imeachta um imscrúduithe míleata agus armchúirteanna. Áirítear ar na forálacha, údarás neamhspleách ionchúisimh a bhunú (Stiúrthóir na nIonchúiseamh Míleata), oifig neamhspleách breithiúnach míleata (an breitheamh míleata) agus Riarthóir Armchúirteanna a cheapadh. Chomh maith leis na hoifigí nua seo, déanann an tAcht foráil d'armchúirt achoimre nua a bhunú, agus athstruchtúrú armchúirteanna ginerálta agus teoranta.

**An tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (Margadh Leictreachais Aonair) 2007** – Déanann an tAcht seo foráil do chruthú agus feidhmiú Margaidh Leictreachais Aonair ar oileán na hÉireann. Réitíodh deacrachtaí dlíthiúla maidir le cibé ar féidir nó ar chóir comhlacht eile trasteorann a chruthú trí struchtúir íomhá scáthánaí arna gcruthú ag na comhlachtaí rialála fuinnimh i ngach dlínse.

**Acht na gComhphobal Eorpach 2007** – Achtaíodh an tAcht go príomhúil chun dhá chinneadh de chuid na Cúirte Uachtaraí a ghlacadh san áireamh maidir le cur i bhfeidhm achtanna institiúidí na gComhphobal Eorpach. Chinn an Chúirt Uachtarach i gcás *Vincent*

*Browne v An tArd-Aighne*, 16 Iúil 2003, agus *Thomas Kennedy v An tArd-Aighne*, 31 Bealtaine 2005, nach bhféadfadh úsaid a bhaint as foráil d'Acht an Oireachtais a thugann cumhacht d'Aire chun ionstraim reachtúil a dhéanamh chun críche éifeacht a thabhairt d'acht institiúidí na gComhphobal Eorpach seachas i gcás inar cheadaigh an fhoráil go sainráite é sin. Réitíonn an tAcht an fhadhb a cruthaíodh leis na cinntí sin ar an modh seo a leanas:

(a) forálann sé, i gcás ina dtugann reacht cumhacht chun ionstraim reachtúil a dhéanamh d'Aire Rialtais, gur féidir an chumhacht a fheidhmiú chun críche éifeacht a thabhairt d'acht institiúidí na gComhphobal Eorpach gan gá le cead sainráite sa reacht, ar an gcoinníoll amháin go mbaineann an fhoráil sa reacht a thugann an chumhacht sin agus an t-acht leis an ábhar céanna; agus

(b) dearbhaíonn sé na hionstraimí reachtúla go léir a bheith bailí, a ndearnadh iad faoin gcumhacht den chineál sin sular ritheadh an tAcht agus a airbheartaíodh éifeacht a thabhairt do acht institiúidí na gComhphobal Eorpach.

Leasaíonn an tAcht alt 3 d'Acht na gComhphobal Eorpach 1972 chun cur ar cumas Airí Rialtais chun cionta indíolta a chruthú i rialacháin faoin alt sin as mainneachtain na rialachán sin a chomhlíonadh.

**An tAcht Sláinte 2007** – Déanann an tAcht seo foráil do bhunú an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) agus Oifig Phríomh-Chigire na Seirbhísí Sóisialta. Bunaíonn sé córas clárúcháin agus imscrúdúcháin chomh maith um sheirbhísí cónaitheacha do leanaí a bhfuil cúram agus cosaint ag teastáil uathu, daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta.

**An tAcht um Margaí in Ionstraimí Airgeadais agus Forálacha Ilghnéitheacha 2007** - Le trasuíomh na Treorach 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 21 Aibreán 2004 maidir le margaí in ionstraimí reachtúla (Treoir um Margaí in Ionstraimí Airgeadais - MiFID) i ndlí na hÉireann ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais) 2007 (I.R. Uimh. 60 de 2007), bhí reachtaíocht phríomhúil de dhíth ar bhearta áirithe comhlántacha. Áiríodh orthu sin-

(a) soláthar pionós suntasach de bhun ciontaithe ar díotáil le haghaidh sáruithe mora ar na forálacha a thrasuíonn MiFID, agus

(b) deimhniú go gcludaíonn cumhachtaí an Rialtóra Airgeadais ábhair MiFID agus rialacháin aire a thrasuíonn an Treoir um Cheanglais Chaipitil.

Déanann an tAcht raon leasuithe ar Achtanna éagsúla , atá teicniúil den chuid is mó agus lena mbaineann gné airgeadais.

**Acht na Lia-Chleachtóirí 2007** - Is é príomhchuspóir an Achta seo foráil a dhéanamh do chóras nua-aimseartha éifeachtúil trédhearcach agus cuntasach um rialáil na gairme liachta a shásóidh an pobal agus an lucht gairmiúil go bhfuil na liachleachtóirí go léir cáilithe go cuí agus go bhfuil inniúlacht iontu chun cleachtadh ar mhodh sábháilte ar bhonn leanúnach.

**An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú) 2007** – Is é cuspóir an Achta seo an tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002 a leasú chun bonn reachtúil a chur ar fáil don Ionad Saineolais sa Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (NDFA) chun socruithe comhpháirtíochta príobháidí poiblí (PPPanna), go háirithe iad sin maoinithe le híocaíochtaí aonadacha ó Vótaí Roinne/Gníomhaireachta.

**An tAcht Cógaisíochta 2007** - Déanann an tAcht seo foráil nua do rialáil na cógaisíochta. Áirítear air foráil do lánscor Chumann Cógaiseoirí na hÉireann, um bunú, comhdhéanamh agus feidhmeanna Chomhairle an Chumainn nua. Déanann sé foráil do chóras nua clárúcháin cógaiseoirí, drugadóirí agus cúntóirí cógaisíochta cáilithe agus cógaslann. Ní raibh ar chógaslanna clárú go dtí seo.

Déanann an córas clárúcháin athbhreithnithe éascaíocht chomh maith do nuashonrú an phróisis chlárúcháin do chógaslanna AE\LEE agus thar lear. Áirítear air chomh maith, baint an mhaolaithe (maolú faoi Airteagal 2.2 de Threoir 85/433/CEE ón gComhairle) lena cuireadh srian ar chógaiseoirí a rinne a gcuid oiliúna i dtíortha eile AE nó LEE ó bheith ina n-úinéirí ar chógaslann in Éirinn atá níos lú ná trí bliana ná bainistíocht ná maoirseacht a dhéanamh uirthi. Cuireann sé nósanna imeachta nua ar bun chun a chinntiú go bhfuil cógaiseoirí agus gnólachtaí cógaiseoirí ar chaighdeán sásúil le cleachtadh.

**Acht na bPríosún 2007** – Déanann an tAcht seo éascaíocht do sheirbhísí tionlacain chun príosúnaigh a chur amach ar conradh chuig soláthraithe príobháideacha, cuireann se ar cumas príosúnach páirt a ghlacadh maidir le héisteacht iarratas áirithe trí nasc beo teilifíse agus

áirítear forálacha air i ndáil le haraíonacht phríosúin, ceanglais “phleanála” le haghaidh príosúin nua nó sínte agus ceapachán Cigire Príosún. Toirmisceann an tAcht seilbh nó úsáid neamhúdaraithe fearas teileachumarsáide soghluaiste ag príosúnaigh.

**An tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007** - Déanann an tAcht seo na hAchtanna Ginearálta Poiblí go léir a achtaíodh roimh an 6 Nollaig 1922 a aisghairm, seachas na 1,364 Acht a liostaítear i *Sceideal 1*. D’aisghair sé na 3,225 Acht a liostaítear i *Schedule 2* go sainráite, a raibh siad as feidhm nó imithe i léig agus d’aisghair sé thart ar 12,000 go inchiallaithe a measadh nach raibh feidhm acu le hÉirinn agus dá bhrí sin, nár liostaíodh san Acht. Trí na hAchtanna go léir a fhanfaidh i bhfeidhm a liostú i *Sceideal 1*, déanann an tAcht seo foráil do shoiléireacht den chéad uair maidir leis an méid a achtaíodh leis na hAchtanna Ginearálta Poiblí roimh an bhliain 1922 atá fós i bhfeidhm sa Stát. Chomh maith leis sin, thug sé teidil ghearra ar na hAchtanna go léir a bhí le coinneáil i gcás nach raibh teideal gearr acu cheana.

**An tAcht um Sheirbhísí Uisce** – Déanann an tAcht seo an dlí a bhaineann le soláthar seirbhísí uisce a dhaingniú agus a nuashonrú. Sular achtaíodh é, dhátaigh an-chuid den reachtaíocht a rialaigh an réimse siar go dtí an naoú céad déag. Déanann an tAcht foráil do na húdaráis seirbhísí uisce (na húdaráis sláintíochta roimhe seo) agus soláthraíonn sé raon leathan cumhachtaí do na húdaráis sin chun a chur ar a gcumas a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Déanann an tAcht foráil chomh maith do bhunú comhlachta ar a dtabharfar an Coiste Náisiúnta Seirbhísí Uisce Tuaithe agus leagann sé amach feidhmeanna an chomhlachta sin. Déanann an tAcht foráil chomh maith do phróiseas pleanála straitéisí chun éascaíocht a dhéanamh d’fheabhsú marthanach ar bhainistíocht agus oibriú an bhonneagair seirbhísí uisce.

Chomh maith leis an ualach oibre a bhain le reachtaíocht phríomhúil, dréachtaíodh nó socraíodh 314 ionstraim reachtúil sa OPC, lena n-áirítear 55 ionstraim reachtúil de chuid an Aontais Eorpaigh.

## Obair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit in 2007

Is achoimre é seo a leanas ar an obair ar pléadh léi i Rannán Dlí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i rith 2007.

## Rannán an Dlí Phoiblí

Is éard atá i Rannán an Dlí Phoiblí an Rannóg Tráchtála agus Bunreachta agus Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha agus pléann sé le raon leathan dlíthíochta agus ardphróifíl ag baint le han-chuid de na cásanna, rud a éilíonn teorainneacha ama daingne a chomhlíonadh agus lena mbaineann saincheisteanna casta dlí.

### An Rannóg Tráchtála agus Bunreachta

Tá an Rannóg seo freagrach as cosaint raon leathan caingne sibhialta i gcoinne an Stáit agus Údaráis an Stáit. Fuair an Rannóg **294** cás nua i rith 2007. D'imigh an chuid is mó de na cásanna ar pléadh leo ar aghaidh go dtí éiseacht iomlánach. Ar na saincheisteanna dlí ar pléadh leo, áiríodh saincheisteanna tráchtála, bunreachtúil, conartha, árachais, idirnáisiúnta, comhshaoil, pleanáil, toghcháin, sláinte phoiblí, maoine intleachtúla, tithíochta, leasa shóisialaigh, riaracháin agus Dlí an Aontais Eorpaigh.

### Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha

Déanann an Rannóg seo ionadaíocht ar an Stát agus Údaráis an Stáit in iarratais ar athbhreithniú breithiúnach. Is é Athbhreithniú Breithiúnach an próiseas lena gcuirtear rialú breithiúnach caingne riaracháin i bhfeidhm agus lena bhfeidhmíonn an Ard-Chúirt dlínse ar imeachtaí agus cinntí cúirteanna íochtair, binsí agus comhlachtaí eile a chomhlíonann feidhmeanna garbhreithiúnacha nó a dtugtar freagracht dóibh achtanna nó dualgais phoiblí a fheidhmiú. Tá freagracht ar an Rannóg seo chomh maith as iarratais habeas corpus, cásanna sonraithe, cásanna uchtaithe, litreacha iarratais ó bhinsí eachtracha agus doiciméid a sheirbheáil faoi Rialachán AE Uimh.1348/2000 ón gComhairle agus Comhdháil na Háige 1965 maidir le seirbhéail doiciméad breithiúnach agus seachbhreithiúnach thar lear in ábhair shibhialta agus tráchtála.

Fuair an Rannóg **255** athbhreithniú breithiúnach sa bhliain 2007, chomh maith le **100** iarratas habeas corpus, **3** chás uchtaithe, **7** gcás shonraithe, **6** litir iarratais ó bhinsí eachtrach agus **165** doiciméad le seirbheáil faoi Rialachán AE Uimh.1348/2000 ón gComhairle agus Coinbhinsiún na Háige maidir le seirbhéail doiciméad breithiúnach agus seachbhreithiúnach thar lear in ábhair shibhialta agus tráchtála.

## An Rannán Tearmainn agus Seirbhísí Dlí

Tá dhá Rannóg mar chuid den Rannán seo, is iad sin, an Rannóg Tearmainn agus an Rannóg Seirbhísí Dlí.

### An Rannóg Tearmainn

Pléann an Rannóg seo le gach cás a bhaineann le tearmann, inimirce agus aisdúichiú thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Oifig an Choimisinéara um Iarratais Dídeanaithe, an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce. Baineann gné dlíthíochta leis an gcuid is mó den oibre a phléann go príomha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach (ar éisteachtaí ceada agus substainteacha) chomh maith le hiarratais habeas corpus (i gcás ina bhfeidhmíonn an Rannóg thar ceann an Ghobharnóra Phríosúin) sa réimse Tearmainn agus éilítear freastal gach lá os comhair na hard-Chúirte agus níos annaimhe os comhair na Cúirte Uachtaraí. Pléann an Rannóg chomh maith le hiarratais na Cúirte Dúiche de bhun Acht na nDídeanaithe1996 arna leasú.  Osclaíodh 1,096 comhad nua a bhain le tearmann in 2007 sa Rannóg.

### An Rannóg Seirbhísí Dlí

Tá an Rannóg seo freagrach as cuntasóireacht chostas dlí (lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar bhillí costas agus freastal ar chánachas na mbilli sin) agus aisghabháil chostas dlí ata dlite don Stát. Tá sé freagrach chomh maith as táillí na gComhairlí a íoc agus gníomhaíonn sé don Choimisinéir Luachála le linn achomharc os comhair an Bhinse Luachála. Pléann an Rannóg chomh maith le hiarratais ar Chúnamh Frithpháirteach maidir le hábhair choiriúla sa Chúirt Dúiche agus tá baint aige le hIonchúisimh Aire a ullmhú. Tá Ceann na Rannóige mar chathaoirleach ar Choiste a dhéanann maoirseacht ar scéim oiliúna dlí do bhaill foirne chléireachais san Oifig.

## An Rannán um Maoin Stáit

Pléann an Rannán um Maoin Stáit le hidirbhearta maoine, ábhair tiarna talúin agus tionónta, deontais, eastáit eiséata agus saincheisteanna pleanála agus teidil don Stát. Tá sé eagraithe i dtrí Rannóg, an Rannóg um Oifig na nOibreacha Poiblí / Sláinte agus Leanaí, an Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt agus an Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta.

## Rannóg Oifig na nOibreacha Poiblí/Sláinte agus Leanaí

Baineann obair na Rannóige seo go príomha le tíolacadh tráchtála agus áirítear uirthi, léasú tráchtála cóiríochta do Ranna agus Oifigí Rialtais agus ceannach agus fáil réidh le maoine faoi Chláir éagsúla Rialtais. Ar an mórobair a rinneadh i rith 2007, áiríodh ceannach láithreacha go leanúnach ar fud na tíre faoin gClár um Dhílárú. Cé gur leanadh le ceannach maoine glan amach, tá an tionscadal tar éis bogadh ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den léasú fadtréimhseach agus léasú sealadach chomh maith do réamhpháirtithe.

Ar obair eile a rinneadh, áirítear fáil réidh le maoine faoin gClár um Shócmhainní Stáit a Athrú, lena n-áirítear na céad diúscairtí rannpháirtíochta srutha ioncaim (44/45 Sráid Uí Chonaill, 17/19 Sráid Haiste agus Teach Hawkins, atá go léir lonnaithe i mBaile Átha Cliath); ceannach láithreacha scoile go leanúnach faoin gClár Ceannaithe Láithreacha Scoile agus feidhmiú céimneach ceadúnas leathanbhanda agus raidió dhigitigh ar mhaoin Stáit.

## An Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt

Le linn 2007, phléigh an Rannóg seo le hábhair idirbhearta agus chomhairleacha mhaoine do na Ranna Rialtais seo a leanas – An Roinn Gnothaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, an Roinn Talmhaíochta agus Bia, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Iompair, an Roinn Cosanta, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nadúrtha, an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Áiríodh ar an obair, léasanna agus ceadúnais don imeall trá, díolacháin agus léasú áitreabh nach raibh ag teastáil ón míleata agus an creat dlí a chur i bhfeidhm um dhiúscairt mhaoine don Tionscnamh Tithíochta Inacmhainne. Bhí an Rannóg freagrach chomh maith as an obair dlí maidir le Deontais an Chrannchuir Náisiúnta agus Deontas don Ghaeltacht a eisiúint. Áiríodh ar na hidirbhearta móra a láimhseáladh in 2007, fáil réidh leis an Stáisiún Tástála Ime ar Lána Ardán Fhearchair, Baile Átha Cliath, Campa Bhaile Mhic Gormáin, Co. na Mí, Magee Barracks, Co. Chill Dara d'údaráis áitiúla faoin Tionscnamh Tithíochta Inacmhainne agus malartú talún ag Baile an Aba, Co. Bhaile Átha Cliath leis an *National Stadium Development Co. Ltd*. Ina theannta sin, tugadh deontais an Chrannchúir Náisiúnta ar mhaithe le hathfhorbairt ionad ardphróifíle cosúil le Semple Stadium agus Páirc Thuamhan.

## An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta

Áiríodh ar an obair a rinne an Rannóg seo i rith 2007 gnéithe maoine don Scéim Slánaíochta Sásaimh d'Institiúidí Cónaitheacha, tarscaoileadh maoin cuideachtaí lánscortha faoin Acht

Maoine Stáit 1954, a phléann le heastáit eiséata i gcás inar comharba díthiomnach deiridh é an Stát, léasanna scoile, ceannacháin láithreacha do scoileanna agus príosúin, léasanna tráchtála don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, éilimh ar chúiteamh faoi Alt 120 de na hAchtanna um Chlárú Teidil 1964 -2006 agus deontais chun críocha cultúir (ACCESS). Bhain an obair oidhreachta le fáil séadchomharthaí náisiúnta agus maoine stairiúla. Fuarthas líon mór portach agus móinchearta i dtíortha éagsúla thar ceann an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun críocha caomhnaithe. Áiríodh ar na hidirbhearta móra a láimhseáladh in 2007, ceannach maoine do scoileanna ag Glas Tuathail, Co. Bhaile Átha Cliath (€7 milliún), Sráidbhaile Ongar, Baile Átha Cliath 15 ( €5 milliún) agus Baile Adaim, Baile Átha Cliath (€ 1,561,000) chomh maith le tailte breise ag Thornton Hall, Co. Bhaile Átha Cliath, le haghaidh bealach rochtana don phríosún molta. Ghníomhaigh an Rannóg thar ceann Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí maidir le ceannach maoine ar an mBlascaod Mór, Co. Chiarraí.

## An Rannán Ceartais agus Dlí Choitinn

Tá trí Rannóg mar chuid den Rannán seo, is iad sin, an Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta, Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta agus Rannóg na nÉileamh Tortach.

## An Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta

Pléann an Rannóg seo le cásanna Eiseachadta agus iarratais ar Bharántas Gabhála Eorpach san Ard-Chúirt agus sna Cúirteanna Uachtaracha thar ceann an Ard-Aighne agus an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Soláthraíonn an Rannóg seirbhísí Aturnae don Gharda Síochána agus Ranna cliaint maidir le hábhair cosúil le hIonchoisní, iarratais Cheadúnaithe, iarratais i leith an *Police Property Act*, iarratais ar Aistriú Daoine faoi Phianbhreith, Achomhairc chuig Cúirt Achomhairc na nArmchúirteanna agus Ionchúisimh Aire.

I rith 2007 phléigh an Rannóg le **193** iarratas nua ar Bharántas Gabhála Eorpach, **3** chás nua Eiseachadta ón taobh amuigh den Aontas Eorpach, **160** ionchúiseamh na hOifige Cuideachtaí, **9** Ionchoisne, **22** iarratas ar Aistriú Daoine faoi Phianbhreith, **204** iarratas ar Cheadúnas Deochanna Meisciúla agus raon ionchúiseamh Aire, lena n-áirítear **400** ionchúiseamh Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Rinne Ceann na Rannóige bainistíocht ar phainéal foirne ar ghlao-dhualgas le linn 2007 chomh maith, a lean ar aghaidh ag soláthar seirbhíse ar feadh an lae ar fad lasmuigh d'uaireanta oifige maidir le hEiseachadadh, Barántas Gabhála Eorpach, Habeas Corpus agus ábhair eile phráinneacha.

## Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta

Pléann an Rannóg seo le caingne sibhialta i gcoinne an Gharda Síochána, lena n-áirítear éileamh damáistí as ucht ionsaithe, gabháil eagórach, príosúnú neamhdhleathach, clúmhilleadh agus ionchúiseamh mailíseach. Déanann sé ionadaíocht ar Údaráis an Gharda Síochána i leith fiosrúchán a dhéanann Coimisiún Imscrúdaithe Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, pléann sé le hiarratais follasaithe neamhpháirtí a lorgaíonn nochtadh doiciméadaithe ó na Gardaí. Phléigh an Rannóg le **208** cás nua in 2007.

## Rannóg na nÉileamh Tortach

Pléann an Rannóg seo leis an dlíthíocht mí-úsáid leanaí go léir a thagann chun cinn ó éilimh mhí-úsáide in Institiúidí Cónaitheacha agus Scoileanna Lae. Tar éis don Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 2005 teacht i bhfeidhm (IR Uimh. 503 de 2005) (Feidhmeanna Bainistíochta Éileamh a Tharmligean) 2005 an 1 Meán Fómhair 2005, ghlac an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát freagracht as bainistíocht a dhéanamh ar dhlíthíocht mí-úsáid leanaí agus cuireann an Rannóg seirbhísí dlí ar fáil don Ghníomhaireacht i ndáil le héilimh den chineál sin. Tá foireann Aturnaetha sa Rannóg chun dlíthíocht maidir le Mí-Úsáid Scoile Lae a láimhseáil agus tá Aonad speisialta ann chun déileáil le cásanna Mí-Úsáid Chónaithe.

Pléann an Rannóg chomh maith le héilimh ar dhamáistí as díobháil a tharlaíonn do bhall de na Fórsaí Cosanta, lasmuigh den Stát, le linn dóibh fónamh don Stát, cásanna státseirbhíse um bulaíochta agus ciapadh agus achomhairc chuig an Ard-Chúirt ag daoine ionfhabhtaithe le Heipitíteas C nó VEID nó an dá cheann, trí riaradh fola nó táirgí fola. Bhí **180** cás nua sa Rannóg in 2007.

## An Rannán Comhairleach

Tá ceithre Rannóg mar chuid den Rannán Comhairleach – an Rannóg Shainchomhairleach, an Rannóg Chomhairleach Ghinearálta, an Rannóg um Dhlithíocht Stáit agus na hEorpa agus an Rannóg um Chonarthaí Tráchtála.

## An Rannóg Shainchomhairleach

Tá an Rannóg seo freagrach as plé le hobair Bhinsí Fiosrúcháin agus sholáthair sí ionadaíocht don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i rith 2007 ag Binse Morris agus phléigh sí le saincheisteanna costais a tháinig chun cinn as. Pléann an Rannóg le cásanna acmhainní nádúrtha chomh maith le hobair chomhairleach rialála agus ionchúisimh áirithe Aire agus cuireann sé cúltacaíocht ar fáil don Rannóg Chomhairleach Ghinearálta.

## An Rannóg Chomhairleach Ghinearálta

Tá an Rannóg seo freagrach as ábhair chomhairleacha ghinearálta a chuimsíonn dlíthíocht Ghearánaigh a thionscnamh thar ceann an Stáit, follasú tríú páirtí, cúnamh frithpháirteach, imeachtaí dlí cuideachtaí, eadráin, ábhair maidir le huchtú, ábhair chlárúcháin shibhialta, ábhair chomhairle an Gharda Síochána, comhairle a thabhairt do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, mianadóireacht agus táiscéalaíocht agus forbairt pheitriliam, ionchúisimh fiadhúlra, ionchúisimh ghnáthóige, bailiúchán fiach chun ró-íocaíocht phinsin Stáit agus neamhíocadh muirear stórála feithicle a ghnóthú, deontas agus íocaíochtaí REPS, gnóthú agus cur i bhfeidhm chinntí Ombudsman na bPinsean, chomh maith le hionadaíocht a dheanamh ar an Stát os comhair Binsí Fiosrúcháin maidir le saincheisteanna lena mbaineann suim phoiblí. Áiríodh ar an obair Bhinse chomh maith, ionadaíocht a dhéanamh ar an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag Binse Moriarty agus ionadaíocht a dhéanamh ar an Aire Airgeadais ag Binse Mahon agus Binse Morris maidir le costais.

## Cásanna um Dhlíthíocht Stáit agus na hEorpa

Pléann an Rannóg seo le cásanna a thagann os comhair na Cúirte Breithiúnais Eorpaí agus na Cúirte Céadchéime. Láimhseálann sé imeachtaí dlí os comhair na Cúirte Breithiúnais Eorpaí arna dtionscnamh ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne Éireann agus nósanna a thionscnaíonn Éire i gcoinne an Choimisiúin chomh maith le cásanna ina ndéanann Éire idirghabháil in imeachtaí lena mbaineann Ballstát eile. Pléann an Rannóg chomh maith le hobair Fostaíochta agus déanann sé ionadaíocht ar Ranna agus Oifigí Rialtais ag éisteachtaí os comhair an Choimisinéara um Chearta, na Cúirte Oibreachais, an Bhinse Achomhairc Fostaíochta agus an Stiúrthora Imscrúduithe Comhionannais. Cuireann an Rannóg comhairlí dlí ar fáil anuas air sin, maidir le saincheisteanna fostaíochta Státseirbhíse chomh maith le hiarratais ar athbhunú cuideachtaí a láimhseáil.

## Rannóg na gConarthaí Tráchtála

Soláthraíonn an Rannóg seo comhairle maidir le conarthaí tráchtála do Ranna agus Oifigí Rialtais, lena n-áirítear déileáil le saincheisteanna soláthair, idirbheartaíocht chonartha agus dréachtú. Láimseálann sé obair chonartha i raon leathan réimsí, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise, maoin intleachtúil, fostaíocht, pinsin, cúrsaí muirí, eitlíocht agus acmhainní nádúrtha.

## Cuid II: Forbairtí Eagríochtúla

### Coistí Comhairleacha Bainistíochta

Tháinig Comhchoiste Comhairleach Bainistíochta (Príomh-MAC), agus ionadaí ar an lucht bainistíochta sinsearach ar Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, le chéile **6** huaire i rith 2007 chun comhairle a thabhairt don Ard-Stiúrthóir maidir le saincheisteanna a bhain leis an dá Oifig, lena n-áirítear saincheisteanna a bhain leis an gclár oibre um nuashonrú. Bunaíodh ionadaí MAC Dlí ar an dá Oifig in 2006, ar fhreastail an tArd-Aighne air in 2006 i gcomhthéacs mholadh na Tuarascála um Oifig an Ard-Aighne (Tuarascáil Uí Shúilleabháin, Meitheamh, 2006). Tháinig an MAC Dlí le chéile **3** huaire in 2007 agus dhírigh sé ar shaincheisteanna reatha dlí san Oifig. Tháinig Coistí áitiúla Comhairleacha Bainistíochta ar leithligh le chéile chomh maith ar bhonn míosúil chun comhairle a chur ar an Ard-Stiúrthóir, ar an an bPríomhdhreachtóir Parlaiminte agus ar an bPríomh-Aturnae Stáit, de réir mar is cuí.

### Soláthar Foirne

Faoi dheireadh 2007, ba ionann líon na mball foirne údaraithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus **138,** lena n-áirítear baill foirne conartha agus **2** fholúntas ann. Ba ionann líon na mball foirne údaraithe in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag deireadh 2007 agus **249** agus **14** folúntas ann. Earcaíodh na baill foirne nua comhairle dlí, dréachtaithe, riaracháin agus chléireachais i rith na bliana in Oifig Shráid Mhuirfean agus earcaíodh baill foirne dlí, theicniúla, agus riaracháin in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

### Ráitéas Straitéise 2008 – 2010

Cuireadh Ráiteas Straitéise nua 2008 – 2010 faoi bhráid an Ard-Aighne an 13 Nollaig 2007, roimh an spriocdháta reachtúil, tar éis próiseas cuimsitheach forbartha agus comhairliúcháin lenar bhain an fhoireann go léir in Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae

Stáit. Léiríonn an Ráiteas Straitéise nua seo machnamh agus pleanáil na hOifige ina hiomláine don tréimhse trí bliana amach romhainn. Chuaigh an Oifig i gcomhairle le Ranna agus Oifigí Rialtais agus d'iarr sí orthu a gcuid tuairimí agus breathnuithe a chur in iúl le breithniú i gcomhthéacs an phróisis forbartha. Tabharfar faoi athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise 2008 – 2010 ag deireadh 2008 chun na hathruithe a d'fhogair an Rialtas i mí na Bealtaine 2008 chomh maith le forbairtí atá tarlaithe le déanaí a thabhairt san áireamh.

**Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí**

Déantar cur síos ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm tiomantas a leagtar amach i *Treoir Seirbhíse Cliaint 2005 – 2007* agus *Cairteacha Cliant agus Custaiméirí* Oifig Shráid Mhuirfean agus *Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2005 – 2007* agus *Cairteacha Cliant agus Custaiméirí* Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i gCaibidil 4 go dtí 7 den Tuarascáil seo.

**Teicneolaíocht Faisnéise**

Lean an Oifig ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn shuntasaigh maidir le cur i bhfeidhm a Straitéise Teicneolaíocht Faisnéise in Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Bhain an príomhfhócas a bhí ann i rith 2007 lena thuilleadh cuir i bhfeidhm a dhéanamh ar Chóras nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME) san dá Oifig agus leabú, feabhsú agus úsáid leanúnach an Chórais chomhtháite Bhainistíochta Airgeadais agus Córais Bhainistíochta Acmhainní Daonna. Lean an Oifig ar aghaidh ag athbhreithniú a bonneagair TF agus rinne sé roinnt feabhsuithe chun a chinntiú go leanann sé ar aghaidh ag obair go héifeachtúil agus go héifeachtach. Tháinig roinnt Coistí maoirseachta Tionscadail TF Oifige (Comhchoistí Oifige sna cuid is mó cásanna) le chéile i rith na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn tionscadail agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna de réir mar a bhí cuí. Déantar cur síos ar an dul chun cinn a baineadh amach i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo.

**Bainistíocht Eolais**

Lean an Oifig ar aghaidh le cultúr comhroinnte eolais laistigh de na hOifigí a chur chun cinn le linn 2007. Tá léargas ar an dul chun cinn a rinneadh ina leith sin ar fáil i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo.

**Forbairt Seirbhísí Dlí**

Lean an Oifig ar aghaidh ag díriú ar fhorbairt agus feabhsú a thuilleadh speisialtóireachta i rith 2007 chun freastal a dhéanamh ar riachtanais athraitheacha an Rialtais agus Ranna agus Oifigí cliaint agus ag obair i dtreo a straitéise le speisialtóireacht mhéadaithe i bpríomhréimsí.

**Rialáil Níos Fearr**

De réir na dtiomantas a leagtar amach i bPáipéar Bán "Rialáil Níos Fearr", bhain tionchar le tograí na hOifige maidir le inrochtaineacht agus comhleanúnachas Dhlí Reachtach na hÉireann i gcónaí d'obair na hOifige in 2007. Achtaíodh an An tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007 an 8 Bealtaine 2007 mar thoradh air seo. Ba é an tAcht seo an reacht aonair ba mhó aisghairthe i stair an Stáit, agus 3,225 Acht a achtaíodh roimh 6 Nollaig 1922 á n-aisghairm aige. Rinneadh 12,562 Acht nach raibh feidhm acu maidir le hÉirinn ach a ritheadh trí Pharlaimint Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus na hÉireann, a aisghairm chomh maith. Cuireadh tús leis an gcéad chéim eile den Tionscadal um Athchóiriú an Dlí Reachtúil i mí Mheán Fómhair 2007, a dhíríonn ar Achtanna "Áitiúla agus Pearsanta" agus "Príobháideacha" a achtaíodh roimh an 6 Nollaig 1922.

**Tuarascáil um Athbhreithniú ar Oifig an Ard-Aighne (Tuarascáil Uí Shúilleabháin, Meitheamh, 2006)**

Lean an Oifig ar aghaidh ag athbhreithniú a Plean Gníomhaíochta i rith 2007 chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtaí Thuarascáil Uí Shúilleabháin um Athbhreithniú ar Oifig an Ard-Aighne, ar foilsíodh é i mí an Mheithimh 2006. D'ainneoin gur cuireadh na moltaí go léir i bhfeidhm, chuathas i gcomhairle le Coistí Comhairleacha Bainistíochta Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, Comhchoiste Shráid Mhuirfean/Coiste Comhairleach Bainistíochta Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus an Coiste Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean maidir le forbairtí a tháinig chun cinn as an Tuarascáil, de réir mar a bhí cuí. Thuairiscigh an Oifig ar chur i bhfeidhm mholtaí Thuarascáil Uí Shúilleabháin sna Tuarascálacha um Dhul Chun Cinn a chuir sí le chéile faoi *I dTreo 2016* do Ghrúpa Fíorúcháin um Fheidhmíocht na Státseirbhíse.

**Tionscnaimh Oibre Tras-Feidhme**

I rith 2007 lean foirne tras-feidhme lenar bhain baill foirne ó Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ar aghaidh ag oibriú i dtionscadail, lena n-áirítear an Tionscadal um an gCóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead, an Tionscadal um an gCóras

Bainistíochta Airgeadais, an Tionscadal um an gCóras Bainistíochta Acmhainní Daonna agus an Tionscadal um an Straitéis Bainistíochta Eolais.

Ina theannta sin, d'oibrigh baill foirne ón dá Oifig agus i gcás inar cuí, d'oibrigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí le chéile ar shaincheisteanna cosúil le dul chun cinn ar Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus Athbhreithnithe Beartais, m.sh. Riaradh Scéim an Ard-Aighne agus an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí.

**Solúbthacht Eagraíochtúla in Oifig Shráid Mhuirfean**

Lean an Oifig ar aghaidh le cur i bhfeidhm tograí i rith 2007 chun solúbthacht eagraíochtúla a mhéadú de réir na dtiomantas a leagadh amach faoin gComhpháirtíocht Shóisialta *I dTreo 2016*. Bíonn gluaisteacht shuntasach baill foirne ag feidhmiú in Oifig Shráid Mhuirfean, laistigh de na Grúpaí Comhairleacha Parlaiminte agus idir na Grúpaí Abhcóidí Comhairleacha chomh maith agus laistigh de na hAonaid Ghnó Riaracháin, d'fhonn freagairt a thabhairt ar éilimh phráinneacha oibre.

Áiríodh an méid seo a leanas ar shainshamplaí solúbthachta a léirigh Oifig Shráid Mhuirfean i rith 2007:

- Sannadh leanúnach bainisteoirí tionscadail lánaimseartha agus pearsanra eile don Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead agus do thionscadail MIF/an Chórais Bhainistíochta Airgeadais;
- Fáil a bheith ar bhaill foirne dlí agus riaracháin i gcónaí chun páirt a ghlacadh i dtionscadail éagsúla TF, go háirithe maidir le hionadaíocht ar choistí rialachais tionscadail ábhartha agus úsáideoirí gnó agus baint a bheith acu in obair na gcoistí sin;
- Diansaothrú sa soláthar oiliúna d'úsáideoirí an Chórais ACME agus an Chórais Bhainistíochta Airgeadais.

Léiríodh an tsolúbthacht sin le linn tréimhse inar mhéadaigh ualach oibre na hOifige go suntasach i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Lean foireann trasfeidhme, inar cuimsíodh baill foirne Chlárlainne, dlí, dréachtaithe agus riaracháin ar aghaidh ag comhoibriú chun doiciméid a aithint a bhí le n-aistriú chuig Oifig na

Cartlainne Náisiúnta chun go n-eiseofar iad i mí Eanáir 2008. Ar an iomlán, aistríodh **942** comhad in 2007 agus coinníodh **44** siar toisc go raibh faisnéis phearsanta iontu.

**Solúbthacht Eagraíochtúil in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**

Is tosaíocht í an tsolúbthacht eagraíochtúil san Oifig lena mbaineann atheagrú foirne, freagrachtaí agus Rannóg mar fhreagairt ar éilimh athraitheacha na gcliant. D'aithin an Oifig réimsí i rith na bliana, ina raibh seirbhísí níos sainiúla ag teastáil ó chliaint agus thug siad struchtúir earcaíochta, oiliúna agus eagraíochtúla dá réir sin.

Lean an Oifig ar aghaidh leis an tsolúbthacht maidir le leithdháileadh a hacmhainní foirne do Bhinsí Fiosrúcháin. Lean seachtar aturnaetha ar aghaidh ag obair ar na Binsí Fiosrúcháin, ata á reáchtáil ag an am céanna. Chomh maith leis sin, lean an Oifig ar aghaidh ag soláthar beirt aturnaetha de réir mar a bhí gá leo chun ionadaíocht a dhéanamh ar Leas Poiblí ag Binsí.

Ar roinnt de na samplaí solúbthachta ní ba shainiúla a léirigh an Oifig i rith 2007, áiríodh iad seo a leanas:

- Lean painéal aturnaetha a bunaíodh le haghaidh fostaíocht ghearrthréimhseach chun baill foirne bhunaithe a bhí ar sos gairme agus ar saoire shínte a athsholáthair, ar aghaidh ag feidhmiú;
- Maidir le foinsiú allamuigh leanúnach gach dualgais 'chléireachais' lasmuigh le gnólacht phríobháideach, d'oibrigh sé chun sásaimh na hOifige;
- Leanadh le feidhmiú an phainéil ar ghlao-dhualgas le haghaidh iarratais phráinneacha cúirte lasmuigh d'uaireanta oifige;
- Lean an Oifig ar aghaidh le beartas gluaisteachta foirne inmheánaí a fheidhmiú.
- Bhí painéal aturnaetha seachtracha ar fáil d'Oifig na nOibreacha Poiblí chun sainseirbhís dlí a sholáthar don OPW ag costais iomaíocha. Bhain i bhfad níos mó leis an obair seo i gcomparáid leis an obair a rinne an Oifig go díreach don OPW.

**Iarratais ar Shaoráil Faisnéise**

Leagtar amach staitisticí maidir le hiarratais chuig Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise in **Iarscríbhinn G**. Lean na hAbhcóidí Comhairleacha ar aghaidh ag cur comhairle ar an Láraonad Beartais sa Roinn Airgeadais maidir le saincheisteanna dlí a bhain le cur i bhfeidhm agus feidhmiú na nAchtanna.

**Forbairtí Eile Eagraíochtúla**

Déantar cur síos i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo ar an dul chun cinn a baineadh amach in 2007 maidir le forbairtí eile suntasacha, cosúil le hIniúchadh Inmheánach, an Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta *I dTreo 2016*, an próiseas Comhpháirtíochta agus Acht na dTeangacha Oifigiúla.

**Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus AE agus saincheisteanna Idir-Roinne**

Ghlac baill foirne dlí agus Riaracháin sna hOifigí páirt sna grúpaí oibre chomh maith agus bhí baint acu le raon saincheisteanna idir-roinne a liostaítear in **Iarscríbhinn F.**

## Caibidil 4: Dul Chun Cinn a Baineadh Amach maidir le gnóthú Sprioc 1

## Sprioc 1 – Na hAbhcóidí Comhairleacha

Tacaíocht a thabhairt don Ard-Aighne agus comhairle a chur air maidir le dualgais a oifige a chomhlíonadh agus sainseirbhísí na nAbhcóidí Comhairleacha a sholáthar i réimsí dlí lena mbaineann tábhacht don Rialtas agus freagrúlacht, éifeachúlacht agus éifeachtacht á léiriú aici.

Is iad seo a leanas na cuspóirí, na straitéisí agus na táscairí feidhmíochta a bheidh I gceist leis an Sprioc seo a chomhlíonadh:

**Cuspóir 1**

Seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh dár gcliaint le tacaíocht ó TF agus bainistíocht eolais.

**Straitéis 1**
Príomhthiomantais na hOifige a sheachadadh ina *Treoir Seirbhíse Cliant 2005 – 2007* agus ina *Cairt Chliant agus Chustaiméirí do na hAbhcóidí Comhairleacha agus Riarachán.*

**Táscaire feidhmíochta**

- Comhlíonadh na Treorach agus na Cairte maidir le:
    - Cumarsáid le Cliaint;
    - Freagrúlacht;
    - Cruinneas, caighdeán agus comhleanúnachas oibre, aschuir agus comhairle;
    - Seachadadh seirbhíse trí chomhpháirtíocht agus obair foirne;
    - Seirbhís eiticiúil agus rúnda;
    - Teagmháil le cliaint a bhainistiú agus aiseolas ó chliaint a eagrú;
    - An caighdeán comhaontaithe seirbhíse do chustaiméirí a bhaint amach.

**Straitéis 2**

Seirbhísí dlí a chomhtháthú le OPC, CSSO agus LRC.

**Táscaire Feidhmíochta**
- Cur i bhfeidhm na nósanna imeachta agus na gcleachtas a leagtar amach i dTuarascáil an Ghrúpa um Rialú Caighdeáin na Reachtaíochta;
- Rannpháirtíocht i bhfeidhmiú céimneach an chórais ACME;
- Forbairt phrótacal agus sreabhadh oibre um úsáid agus feidhmiú cuí an chórais ACME;
- Rannpháirtíocht sa Choiste Comhairliúcháin um Athchóiriú an Dlí, go háirithe maidir le Tríú Clár a fhorbairt in 2007.

**Straitéis 3**

Páirt a ghlacadh sa phróiseas bainistíochta eolais.

**Táscaire Feidhmíochta**

- Prionsabail KM chun eolas, saineolas agus fios gnó follasach foghlama, teicniúla agus inbheirthe a chomhroinnt.

**Straitéis 4**

Beartais bhainistíochta riosca na hOifige a chur i bhfeidhm.

**Táscaire Feidhmíochta**

- Soláthar aiseolais don Choiste Comhairleach Bainistíochta agus don Ard-Aighne maidir le réimsí lena mbaineann riosca suntasach;
- Leabú Straitéisí Bainistíochta Riosca na hOifige, lena n-áirítear Beartais agus Cláir;
- Athbhreithniú Seachtrach ar nósanna imeachta measúnaithe riosca a dhéanamh ag eatraimh rialta;
- Soláthar tuarascálacha bainistíochta oibre gach 8 seachtaine.
- Comhaontú agus cloí le beartais, prótacail agus sreabhadh oibre na hOifige.

**Straitéis 5**
Páirt a ghlacadh i bhforbairt na Bainistíochta Airgeadais san Oifig chun seachadadh aschur agus luach ar airgead a chinntiú.

**Táscaire Feidhmíochta**

- Monatóireacht ar úsáid ama na nAbhcóidí Comhairleacha ar fud raon tascanna dlí (roghnaithe);
- Pleanáil agus leithdháileadh acmhainní ag féachaint do threochtaí in ualaí oibre agus coimpléascacht agus méid.

**Straitéis 6**
Athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí/seirbhísí go léir ar chóir d'údaráis eile inniúla bainistíocht a dhéanamh orthu agus na gníomhaíochtaí/seirbhísí sin a aithint.

**Táscaire Feidhmíochta**

- Athbhreithniú gach bliain ar ghníomhaíochtaí/seirbhísí chun a dheimhniú cad iad na cinn, más ann, ar chóir d'údaráis eile bainistíocht a dhéanamh orthu;
- Deighilt na bhfreagrachtaí comhaontaithe agus socruithe aistrithe le húdaráis inniúla déanta;
- Tabhairt chun críche treoirlínte, prótacal agus socruithe aistrithe de réir mar is cuí.

**Nóta: Léirítear Straitéisí 3, 4 agus 5 thuas chomh maith sa Rannóg Seirbhísí Tacaíochta Gnó.**

**Cuspóir 2**

Straitéis Acmhainní Daonna na hOifige a bhaineann leis na hAbhcóidí Comhairleacha a chur i bhfeidhm.

**Straitéis 1**
Baill foirne na nAbhcóidí Comhairleacha a earcú, a fhorbairt agus oiliúint a chur orthu.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Athbhreithniú ar insealbhú daoine nua a thagann chun obair a dhéanamh san Oifig;
- Athbhreithniú bliantúil do chomhaltaí de gach sainghrúpa ar dhul chun cinn a dhéantar i dtreo spriocanna a ghnothú maidir leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, oideachas, oiliúint agus forbairt;
- Tograí ón Aonad Gnó le haghaidh a thuilleadh oiliúna agus forbartha nó oiliúint agus forbairt leanúnach;
- Cur i bhfeidhm na dtosaíochtaí comhtháite oiliúna agus forbartha CBFF agus Acmhainní Daonna.

Léirítear an straitéis thuas chomh maith sa Rannóg Seirbhísí Tacaíochta Gnó.

**Cuspóir 3**

Cúnamh a thabhairt le comhordú seirbhísí dlí an Stáit.

**Straitéis 1**

Cur le seirbhís éifeachtach phoiblí trí chúnamh a thabhairt le comhordú seirbhísí dlí an Stáit.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Comhordú le comhairlí dlí i Ranna Rialtais a léiriú le cruinnithe athbhreithnithe gach 6 mhí;
- Prótacal a fhorbairt um iasacht na nAbhcóidí Comhairleacha chuig Ranna Rialtais faoi Ráithe 2, 2006;
- Athbhreithnithe ar shocruithe maidir le hiasacht na nAbhcóidí Comhairleacha arna dtabhairt chun críche faoi Ráithe 2, 2007 agus Ráithe 2, 2008.

**Straitéis 2**

Seirbhísí dlí a sholáthar don Rialtas maidir le cur i bhfeidhm beartas dlíthíochta agus maidir le láimhseáil saincheisteanna lena mbaineann réimse leathan.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Athbhreithniú bliantúil ar an gcóras faoi dheireadh Ráithe 3 chun an cur chuige i leith dlíthíocht intíre agus na Cúirte Breithiúnais Eorpaí a éascú agus a chomhordú;
- Rannpháirtíocht i nGrúpaí oibre agus coistí idir-roinne maidir le láimhseáil ghnéithe dlí a bhaineann le saincheisteanna leathana, lena n-áirítear cur i bhfeidhm beartas lena mbaineann réimse leathan, i gcás ina dtagann siad chun cinn.

## Dul Chun Cinn a Baineadh Amach

**Cuspóir 1**

I rith 2007, dhírigh taobh Comhairleach Oifig Shráid Mhuirfean ar a thuilleadh forbartha, feabhsaithe agus mionchoigeartaithe speisialtóireachta mar phríomhghné maidir le gnóthú Spriocanna, Cuspóirí agus Straitéisí na hOifige. Is í an phríomhstraitéis *speisialtóireachta* an ghné eochrach i dtaobh seirbhísí éifeachtúla dlí a sholáthar san obair dlí a dtugann an taobh Comhairleach faoi, a mbaineann raon eisceachtúil leathan leis. Tugadh atheagrú na nGrúpaí Comhairleacha chun críche ag deireadh 2007 chun seachadadh na seirbhísí a thabhairt de réir riachtanas athraitheach cliaint. Bhí anailís agus athbhreithniú ar ualach oibre agus comhdhéanamh na nGrúpaí Comhairleacha go léir i gceist leis an bpróiseas, rud a rinne éascaíocht do réimsí nua ag teacht chun cinn a aithint, a ndéanann siad na gníomhaíochtaí/seirbhísí go léir ar chóir d'údaráis eile inniúla bainistíocht a dhéanamh orthu, a leathnú, a athbhreithniú agus a aithint agus a aithníonn an gá le bheith ag coinne le riachtanais chliaint agus aiseolas ó chliaint a bhfaightear i ngach réimse dlí.

Lean na Grúpaí Comhairleacha ar aghaidh ag athbhreithniú na hoibre i rith na bliana trí chóras foirmiúil lena mbaineann timthriallta athbhreithnithe gach ocht seachtaine. Rinne na Grúpaí tosaíocht d'obair trí chruinnithe rialta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla le Ranna cliaint a reachtáiltear i rith na bliana. Chomh maith le haghaidh a thabhairt ar ábhair obair-bhainteacha, chuir na cruinnithe sin deis ar fáil freisin chun aiseolas ó chliaint a thomhas maidir le saincheisteanna seachadta seirbhíse agus chun béim a leagan ar shaincheisteanna nua a bhí ag teacht chun cinn. Mar shampla, sna cruinnithe eiseachadta / Barántais Ghabhála Eorpaigh a reachtáiltear dhá uair sa mhí le Ranna cliaint, an Garda Síochána agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i rith na bliana, pléadh le saincheisteanna maidir le cásanna aonair, catagóirí cásanna, bainistíocht na réimse, cumarsáid idir páirtithe leasmhara, cuir chuige agus straitéisí a bhí le cur in iúl don phainéal comhairle agus idirchaidreamh le Stáit iarrthacha agus an tSeirbhís Chúirteanna.

Tháinig grúpaí le chéile go rialta laistigh den Oifig i rith 2007 chun plé a dhéanamh faoin ualach oibre agus saincheisteanna a bhain go sonrach leis an gcás. Áiríodh ar shamplaí de chruinnithe den chineál sin, an cruinniú míosúil um Shaincheisteanna Dlí, grúpa na ndlíodóirí tearmainn agus cruinnithe seachtainiúla Ghrúpa na nAbhcóidí Comhairleacha. Chuir na cruinnithe deiseanna luachmhar ar fáil um malartú smaointe agus taithí fios gnó ar fud sainghrúpaí éagsúla.

Reachtáladh cruinniú iaroibre Phainéal Cliant agus Custaiméirí na hOifige i mí Mhéan Fómhair 2007, arna éascú ag comhairleoirí agus ionadaithe seachtracha chliaint agus chustaiméirí na dtaobhanna Comhairleacha agus Riaracháin faoi seach. Leagadh béim sa tuarascáil ar an aiseolas fíordhearfach maidir le saincheisteanna seachadta seirbhíse agus bhí na saincheisteanna a ardaíodh mar bhonn eolais ag forbairt an cheistneora a bhí le heisiúint do chliaint agus custaiméirí i gcomhthéacs suirbhé a rinneadh ar shásamh cliant agus custaiméirí atá le déanamh sa chéad ráithe den bhliain 2008.

Tháinig ionadaí an Choiste Chomhairligh Bainistíochta Dlí na hOifige ar gach ceann de na trí réimse dlí de chuid na hOifige – Comhairleach, Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit chomh maith leis an Ard-Aighne, le chéile **3** huaire chun saincheisteanna leanúnacha dlí laistigh den Oifig. Reachtáladh cruinnithe dhá uair sa mhí chomh maith idir an Oifig agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun cásanna bunreachtúla a bhaineann leis an dá Oifig a phlé.

Ghlac Abhcóide Comhairleach ainmnithe páirt in obair roinnt coistí rialachais tionscadail agus grúpaí oibre éagsúla i rith na bliana, i gcomhthéacs na forbartha leanúnaí agus na hoibre feabhsaithe a dhéantar ar an gCóras nua Cásanna agus Taifead. Lean na Comhairlí Comhairleacha go léir ar aghaidh ag úsáid an chórais i rith na bliana.

Leanadh le comhairliúcháin le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i rith 2007 maidir le haistriú freagrachta as ionchúiseamh iascaigh chuig an Oifig sin. Go deimhin, cuireadh socruithe eatramhacha i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana, lenar ghlac an Oifig sin le freagracht as ionchúiseamh áirithe iascaigh.

Lean na hAbhcóidí Comhairleacha ar aghaidh ag tacú leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí i rith na bliana, go háirithe i gcomhthéacs a gcláir oibre agus Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí de chuid an Choimisiúin a thabhairt chun críche.

**Bainistíocht Eolais**

Lean na hAbhcóidí Comhairleacha ar aghaidh ag cur cultúir comhroinnte eolais chun cinn, chomh maith le seachadadh comhairle dlí don Rialtas, Ranna agus Oifigí a thacú trí fhreastal agus rannpháirtíocht i gcruinnithe um Shaincheisteanna Dlí agus obair a dhéanamh ar ullmhú

Feasachán Dlí agus Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine. Ghlac na hAbhcóidí Comhairleacha páirt sa Choiste Bainistíochta Eolais agus an Fo-Choiste Fios Gnó, a bhfuil sé mar thasc acu straitéis nua bainistíochta eolais a chur le chéile.

**Bainistíocht Riosca**

Chuir na hAbhcóidí Comhairleacha le leabú breise beartas foirmiúil bainistíochta riosca laistigh den Oifig i rith 2007. Thuairiscigh na hAbhcóidí Comhairleacha don Ard-Aighne agus Coiste Comhairleach Bainistíochta Dlí i rith na bliana agus go deimhin do chruinnithe an Ard-Stiúrthóra, an Leas-Ardstiúrthóir agus do chruinnithe na nAbhcóidí Comhairleacha agus don Ghrúpa Abhcóidí Comhairleacha maidir le réimsí agus ábhair lena mbaineann riosca suntasach. I gcomhthéacs na moltaí a tháinig chun cinn as Tuarascáil Uí Shúilleabháin, ghlac na hAbhcóidí Comhairleacha páirt sa phróiseas i leith cásanna leochaileacha agus bunreachtúla a aithint le cur san áireamh i dTuarascálacha a cuireadh faoi bhráid an Rialtais faoi chásanna den chineál sin i mí Mhárta, mí Iúil agus mí na Samhna 2007. Ina theannta sin, bhí na hAbhcóidí Comhairleacha i mar chathaoirleach in 2007 ar chruinnithe Chomhchoiste Bainistíochta Riosca Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus thuairiscigh sé go rialta do na Príomhchoistí Comhairleacha Bainistíochta agus na PCBanna áitiúla agus don Choiste Iniuchóireachta i gcomhthéacs straitéis bainistíochta riosca ar fud na hOifige ag an gCoiste, lena n-áirítear beartas riosca, clár riosca corporáideach agus cláir riosca Ghrúpa aonair agus Aonaid Ghrúpa. Rinne Ceannairí na nGrúpaí Comhairleacha athbhreithniú ar chlár riosca na nAbhcóidí Comhairleacha i mí Iúil 2007 agus thug siad faoi ráiteas ráthaíochta riosca ina leith sin de réir an bheartais bhainistíochta riosca.

**An Tionscadal um Pleanáil Gnó do Leithdháileadh Acmhainní (RAB)**

Ghlac na Grúpaí Abhcóidí Comhairleacha páirt sa Tionscadal um Pleanáil Gnó do Leithdháileadh Acmhainní i rith 2007 i bhforbairt bhreise agus críochnú samhlacha creata chun costas barúlach a chinneadh do sholáthar seirbhísí dlí ar fud na nGrúpaí, ag féachaint do threochtaí in ualaí oibre agus coimpléascacht agus méid. Déanann na samhlacha imscrúdú ar an nasc idir Meastacháin airgeadais agus Ráitis Straitéise maidir le haschur na nOifigí.

**<u>Cuspóir 2</u>**

I rith 2007 ghlac na hAbhcóidí Comhairleacha páirt sa phróiseas um shamhail nua CBFG a ghlacadh, lena n-áirítear Eolas Aníos laistigh den Oifig. Comhaontaíodh Foirmeacha Próifíle Aonair ag tús na bliana le bainisteoirí, rinneadh Athbhreithnithe Eatramhacha i lár na bliana

agus tugadh líon suntasach athbhreithnithe bliantúla chun críche ag deireadh na bliana. Soláthraíodh oiliúint CBFG do na hAbhcóidí Comhairleacha nua laistigh de mhí amháin nó dhá mhí dóibh tosú san Oifig. Tugadh faoin bpróiseas ag deireadh 2007 maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Phleananna Gnó Grúpa agus an *Ráiteas Straitéise 2006 - 2008* agus bainistíocht riosca á dtabhairt san áireamh agus bhain comhairliúchán iomlán leis ag an leibhéal Grúpa aonair.

**<u>Cuspóir 3</u>**

**Comhoibriú le Comhairleoirí Dlí i Ranna Rialtais**

Lean na hAbhcóidí Comhairleacha ar aghaidh ag cothú gaolmhaireachtaí inchiallaithe agus dlútha le comhairleoirí dlí i Ranna Rialtais i rith na bliana. Aithníonn an Oifig an tábhacht a bhaineann leis na naisc sin i bhfianaise líon méadaitheach saincheisteanna coimpléascacha dlí idir-roinne a thagann chun cinn. Baineann ról ríthábhachtach le naisc leis na comhairleoirí dlí Roinne chomh maith maidir le reachtaíocht a ullmhú. Chomhoibrigh Comhairleoirí Abhcóidí Comhairleacha agus Comhairleoirí Dlí Roinne le chéile i rith na bliana i raon mór ábhar chun comhleanúnachas a chinntiú sna comhairle a thugtar dóibh i gcomparáid le comhairle eile a thugann an Ard-Aighne.

**Iasacht na nAbhcóidí Comhairleacha chuig Ranna Rialtais**

Chuir an Oifig go suntasach le seirbhís éifeachtach phoiblí i rith 2007 trí chúnamh a thabhairt le comhordú seirbhisí dlí an Stáit. Baineadh dul chun cinn suntasach amach i rith na bliana maidir le cur i bhfeidhm thionscnamh na hOifige chun Ranna Rialtais rannpháirteacha a earcú agus oiliúint a chur orthu agus na hAbhcóidí Comhairleacha a chur ar iasacht chuig Ranna Rialtais rannpháirteacha. Faoi mhí Dheireadh Fómhair 2007, bhí 7 Abhcóidí breise Comhairleacha earcaithe agus tosaithe ar an oiliúint.

Fuair gach duine a tháinig ar iasacht oiliúint ghinearálta, chomh maith le sainoiliúint a cuireadh in oiriúint do riachtanais Roinne áirithe, a gcuirfear iad ar iasacht ann. Ar an sainoiliúint a cuireadh ar fáil, áiríodh oiliúint ar shaincheisteanna dlí Eorpacha agus idirnáisiúnta a láimhseáil, taithí a fháil ar chleachtas agus nós imeachta ag an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach (CBE), an Chúirt Chéadchéime agus Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine (CECD). Chomh maith leis sin, soláthraíodh oiliúint ar shaincheisteanna cothrománacha dlí, cosúil leis an bpróiseas reachtaíochta, an próiseas dréachtaithe, reachtaíocht tarmligthe agus feidhmiú an tarmligin, dlí fostaíochta i ndáil le conarthaí státseirbhíse, ról an Ard-Reachtaire Cuntas agus

Ciste agus an Coiste um Chuntais Phoiblí, eitic sa Rialtas. Chuir an Oifig comhairle agus tacaíocht leanúnach ar fáil chomh maith do na hAbhcóidí sin a chuaigh ar iasacht cheana féin chuig na Ranna rannpháirteacha.

.

**Coistí agus Grúpaí Oibre Idir-Roinne**

Chuir na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle ar fáil i rith 2007 agus ghlac siad páirt i nGrúpaí Oibre maidir le raon saincheisteanna leathana nó saincheisteanna idir-roinne.

Leagtar amach liosta de na Príomhchoistí agus Príomhghrúpaí oibre idir-roinne in **Iarscríbhinn F** den Tuarascáil seo.

**Bainistíocht Dlíthíochta – olléilimh go háirithe**

Lean an Oifig ar aghaidh le cur i bhfeidhm na straitéise tábhachtaí chun bainistíocht a dhéanamh ar dhlíthíocht i rith 2007, olléilimh go háirithe, ar mhodh straitéiseach. Stiúir Oifig Shráid Mhuirfean an straitéis dlí ar an iomlán agus reachtáladh cruinnithe athbhreithnithe rialta idir na hAbhcóidí Comhairleacha in Oifig Shráid Mhuirfean, baill foirne dlí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus oifigigh sna Ranna ábhartha chun a chinntiú go raibh bainistíocht éifeachtach á déanamh ar oll-dlíthíocht ar bhonn leanúnach.

**Dlíthíocht agus Idirghabhálacha na Cúirte Breithiúnais Eorpaí**

Lean na habhcóidí comhairleacha ar aghaidh ag soláthar treorach don straitéis dlí, de réir mar a bhí cuí, i rith na bliana chun bainistíocht éifeachtúil leanúnach dhlíthíocht na Cúirte Breithiúnais Eorpaí a chinntiú. Bhí cruinnithe athbhreithnithe rialta leis an bhfoireann dlí in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus oifigigh Roinne i gceist leis sin. Leagann Caibidil 3 den Tuarascáil seo mionsonraí amach maidir le roinnt cásanna tábhachtacha a tháinig os comhair na CBE in 2007.

**An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí**

Gné eile thábhachtach maidir le seirbhísí dlí an Stáit a chomhordú is ea cur chuige comhordaithe a ghlacadh i dtaobh an dlí agus teagmhálaithe chun éascaíocht a dhéanamh don Choimisiún um Athchóiriú an Dlí sa ról atá aige maidir le athbhreithniú, imscrúdú agus foirmiú tograí um athchóiriú an dlí.

## Caibidil 5: Dul Chun Cinn a Baineadh Amach maidir le Gnóthú Sprioc 2

## Sprioc 2 – Dréachtóirí Parlaiminte

Seirbhís ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

**__Cuspóirí__**

Dréachtú a dhéanamh ar

- Billí Rialtais de réir na dtosaíochtaí a leagtar amach i gClár um Reachtaíocht an Rialtais,
- Leasuithe Coiste agus na Céime Tuairiscithe le Bille go tráthúil,
- Ionstraimí Reachtúla (lena n-áirítear rialacháin a thugann éifeacht d'achtanna an Aontais Eorpaigh) go tráthúil.

**Straitéis 1**
Comhoibriú a dhéanamh leis an gCoiste um Reachtaíocht an Rialtais i leith monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chláir um Reachtaíocht an Rialtais.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Ullmhú tuarascálacha seachtainiúla don CRR faoi na Billí atá á ndréachtú san Oifig;
- Freastal an Phríomh-Dhréachtóra Pharlaiminte agus Bainisteoirí Grúpa ag cruinnithe an CRR;
- Deimhniú, i gcás ina bhfreastalaíonn Airí ar chruinnithe an CRR, go bhfreastalóidh oifigigh ón Oifig chomh maith atá ag dréachtú Billí don Roinn a bhfuil freagreacht air nó uirthi as.

**Straitéis 2**
Dul chun cinn a dhéanamh ar oiliúint agus forbairt dréachtóirí a earcaíodh le déanaí chomh pras agus is féidir.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Reachtáil chruinnithe rialta le dréachtóirí a earcaíodh le déanaí, dlúthmhaoirseacht a dhéanamh orthu agus aiseolas rialta a thabhairt dóibh maidir le dréachtú.
- Coimeád taifid oiliúna chun dréachtóirí a earcaíodh le déanaí a ullmhú agus a choimeád cothrom le dáta agus iad a choimeád faoi athbhreithniú ag bainisteoir grúpa ar bhonn rialta.

**Straitéis 3**
Cur leis an bpróiseas leanúnach maidir le hAchtanna an Oireachtais a dhéanamh níos inrochtana agus níos éasca le táirgeadh.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Idirchaidreamh le foireann Thithe an Oireachtais maidir le formáidiú na mBillí;
- Rannpháirtíocht i dtionscnaimh chomhoibrithe ar bith eile a chuireann inrochtaineacht agus comhtháiteacht an Leabhair Reachtanna chun cinn.

**Straitéis 4**

Páirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm na straitéise bainistíochta eolais.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Scaipeadh faisnéise agus eolais i measc na ndréachtóirí.
- Comhoibriú leis na hAbhcóidí Comhairleacha maidir le comhroinnt eolais agus saineolais.

**Straitéis 5**

An Straitéis Bainistíochta Riosca a chur i bhfeidhm.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Soláthar aiseolais don Choiste Comhairleach Bainistíochta faoi réimsí lena mbaineann riosca suntasach;
- Leabú Straitéis Bainistíochta Riosca na hOifige.

## Dul chun cinn a baineadh amach

**<u>Cuspóir 1</u>**

**An Coiste um Reachtaíocht an Rialtais**

Lean Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte ar aghaidh le ról croílárnach a ghlacadh in obair an Choiste um Reachtaíocht an Rialtais i rith 2007. Déanann an Coiste maoirseacht ar gach Bille Rialtais molta ó chuirtear san áireamh é sa Chlár um Reachtaíocht an Rialtais go dtí go gcuirtear críoch lena chur chun cinn trí Thithe an Oireachtais agus pléann sé le fadhbanna ar bith a thagann chun cinn i ndáil le cur i bhfeidhm réidh pras an Chláir.

Thuairiscigh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte gach seachtain don Choiste um Reachtaíocht an Rialtais i rith na bliana, agus mionsonraí á cur ar fáil aici faoi dhul chun cinn dhréachtú na mBillí agus ionstraimí reachtúla an Aontais Eorpaigh. Sholáthair rannpháirtíocht leanúnach an OCP in obair an Choiste sásra ríthábhachtach maidir le hidirghabháil a dhéanamh idir éilimh iomaíocha Rann ar sheirbhísí an OCP.

**Oiliúint**

Lean an Oifig ar aghaidh ag cur Plean Oiliúna na nDréachtóirí Parlaiminte i bhfeidhm i rith na bliana i ndáil leis na dréachtóirí is déanaí a earcaíodh. Baintear úsáid chomh maith as an Lámhleabhar Dréachtaithe agus na hIonstraimí Reachtúla – Seicliosta agus Treoirlínte Dréachtaithe sa phróiseas oiliúna. Ghlac an OCP páirt ar chúrsaí oiliúna arna gcur ar fáil ag CMOD ar an bpróiseas reachtaíochta. Déanann na cúrsaí seo éascaíocht do Ranna chun taithí a fháil ar an bpróiseas reachtaíochta agus maidir le leibhéal na dtreoracha a aithint do Ranna cliaint atá ag teastáil chun seirbhís éifeachtúil dréachtaithe a eascú.

**Inrochtaineacht na Reachtaíochta**

Chuaigh an OCP i gcomhairle le Tithe an Oireachtais de réir mar a bhí gá leis i rith 2007, maidir lena n-athruithe molta le leagan amach agus léiriú na mBillí.

**Leabhar Reachtanna Leictreonach na hÉireann (eISB)**

Ghlac an OCP páirt ghníomhach in obair Ghrúpa eISB Oifig Shráid Mhuirfean chun maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil láithreán gréasáin Leabhar Reachtanna na hÉireann (eISB). In 2007, rinneadh nuashonrú ar an eISB chun Achtanna na bliana 2006 agus Eolaire Reachtaíochta 2005 (ar tugadh na Táblaí Croineolaíocha orthu roimhe seo) a thabhairt san áireamh.

I bhfianaise aimsiú earráidí ag an Oifig maidir le sonraí 1922 go dtí 1998 (a raibh cur isteach na hipearnasc tar éis gabháil tosaigh na sonraí mar chúis orthu) le linn nuashonrú Lúnasa 2006 a dhéanamh, lorg an Oifig comhairle ó chuideachta sheachtrach Foilsitheoireachta Dlí maidir leis an bhféidearthacht agus na costais a bhain le roghanna oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun réiteach a sholáthar ar fhadhb na n-earráidí sonraí. Sheachaid an chuideachta tuarascáil ag deireadh mhí Eanáir 2007 agus chuir sí tús le tionscadal chun fadhb na n-earráidí sonraí a réiteach i mí Aibreáin 2007. Tugadh an tionscadal chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus foilsíodh na sonraí ceartaithe ar an eISB.

Rinneadh láithreán gréasáin eISB a athdhearadh chun Treoirlínte na Seirbhíse Poiblí maidir le hinrochtaineacht agus inúsáidteacht ghréasáin a chomhlíonadh agus cuireadh an nuashonrú sin i bhfeidhm go beo i mí Márta 2007. Cuireadh rochtain ar fáil ar na hIonstraimí Reachtúla a rinneadh trí chóras leictreonach na nIonstraimí Reachtúla (eSIS) i bhformáid PDF trí nasc ó

leathanach baile an eISB. Faoi mhí na Nollag 2007, bhí fáil ar thart ar 570 ionstraim reachtúil lenar bhain raon uimhreach 1 go dtí 750.

**Athchóiriú ar an Dlí Reachtúil**

Foilsíodh an Bille don Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007 i mí Eanáir 2007 agus achtaíodh an 8 Bealtaine 2007 é. Is é príomhchsupóir an Achta seo chun na reachtanna Ginearálta Poiblí go léir a achtaíodh roimh an 6 Nollaig 1922 a aisghairm seachas na 1,364 Acht a sonraítear i Sceideal 1 leis an Acht sin. Is é an tAcht seo an reacht aonair is mó aisghairthe i stair an Stáit. Déanann Sceideal 2 leis an Acht sin 3,225 Acht a bhaineann le hÉirinn a aisghairm go sainráite. Is uimhir é sin atá níos mó ná líon na nAchtanna Ginearálta Poiblí achtaithe ag an Oireachtas ón mbliain 1922 ar aghaidh go dtí achtú an Achta um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007 (3,193 Acht Ginearálta Poiblí achtaithe idir an 6 Nollaig 1922 go dtí 8 Bealtaine 2007). Ina theannta sin, rinneadh 12,562 Acht breise nach raibh feidhm acu maidir le hÉirinn ach a ritheadh trí Pharlaimint Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus na hÉireann, a aisghairm chomh maith trí iad a fhágáil amach ó Acht 2007.

Díríonn an chéad chéim eile d'Athchóiriú an Dlí Reachtúil, a cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair 2007, ar Achtanna "Áitiúla agus Pearsanta" agus "Príobháideacha" a achtaíodh roimh an 6 Nollaig 1922. D'aithin an tionscadal 22,423 Acht "Áitiúil agus Pearsanta" agus 11,205 Acht "Príobháideach" ar an iomlán, a chiallaíonn go bhfuil 33,628 Acht ar an iomlán le himscrúdú. Meastar go bhfoilseofar an Bille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil sa bhliain 2009. Áiríodh ar an gComhairliúchán Poiblí a bhain leis an gcéim seo, chomh maith, iarratas ar aighneachtaí maidir le Cairteacha chun críche imscrúduithe níos déanaí.

Bhí taighdeoirí ar conradh (a bhfuil duine acu mar bhainisteoir cúnta tionscadail), ar chonarthaí gearrthréimhseacha, ag tabhairt faoi obair ar an Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007 agus an obair don Bhille molta don bhliain 2009, agus tá siad fós ag obair air, chomh maith le habhcóide cleachtóra mar shainchomhairleoir agus bainisteoir tionscail agus an Chéad-Dréachtóir Parlaiminte mar stiúrthóir an tionscadail.

**Bainistíocht Eolais**

Lean na Dréachtóirí Parlaiminte ar aghaidh ag cur cultúr comhroinnte eolais chun cinn i rith 2007, chomh maith le tacú le seachadadh na reachtaíochta don Rialtas. Chomhoibrigh na Dréachtóirí Parlaiminte i rith na bliana, de réir mar a bhí cuí, le comhghleacaithe ó na

hAbhcóidí Comhairleacha le linn an phróisis dréachtaithe reachtaíochta. D'fhreastail na Dréachtóirí Parlaiminte chomh maith ar chruinnithe um Shaincheisteanna Dlí agus bhí siad rannpháirteach iontu.

**Bainistíochta Riosca**

Chuir Abhcóidí Parlaiminte le leabú agus cur i bhfeidhm níos mó na mbeartas foirmiúil bainistíochta riosca i rith 2007. Pléadh ábhair a bhain le riosca ag cruinnithe i rith na bliana leis an bPríomhdhréachtóir Parlaiminte agus Bainisteoirí Grúpa, chomh maith le cruinnithe Grúpa aonair agus cruinnithe Coistí Comhairleacha Bainistíochta Dlí. D'fhreastail an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte ar chruinnithe Chomhchoiste Bainistíochta Riosca Oifig Shráid Mhuirfean/Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus chuir sé leis na cruinnithe sin i gcomhthéacs chur i bhfeidhm beartais bhainistíochta riosca ar fud na hOifige ag an gCoiste, lena n-áirítear beartas riosca, clár riosca corparáide agus cláir riosca Grúpa aonair agus Aonad Gnó. Rinne Bainisteoirí Grúpa athbhreithniú ar chláir riosca Ghrúpa aonair i mí Iúil 2007 agus thug siad faoi ráiteas urrúis ina leith sin de réir an bheartais bhainistíochta riosca.

## Caibidil 6: Dul Chun Cinn a Baineadh Amach maidir le Gnóthú Sprioc 3

## Sprioc 3 – Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Sainseirbhís aturnae ar ardchaighdeán a sheachadadh don Ard-Aighne, na Ranna agus Oifigí sna réimsí dlíthíochta, soláthar comhairle dlí agus maidir le hábhair mhaoine agus idirbhearta.

**<u>Cuspóir 1</u>**

Sárchleachtas a úsáid le linn seirbhísí dlí a sheachadadh, a dtacaítear le húsáid teicneolaíocht faisnéise agus eolas ardchaighdeáin chomh maith le tuiscint ar an gcleachtas dlí.

**Straitéis 1**

A thuilleadh speisialtóireachta a fhorbairt san obair lena mbaineann tábhacht do Ranna cliaint.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Líon na ngníomhaíochtaí cleachtais dlí lena n-úsáidtear foinsí lasmuigh;
- Comhaontuithe le Ranna cliaint maidir le conas ar chóir aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn;
- Nósanna imeachta Bainistíochta Eolais i bhfeidhm chun éascaíocht a dhéanamh do shaineolas a fháil maidir le saincheisteanna nua dlí;
- Acmhainní ath-imscartha mar fhreagairt ar riachtanais athraitheacha.

**Straitéis 2**

Leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm an chórais bhainistíochta cásanna leictreonaigh a roinntear le hOifig an Ard-Aighne.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Feidhmiú céimneach a chur i gcrích do na húsáideoirí beartaithe in 2006;
- Oiliúint a sheachadadh do na húsáideoirí ar fad atá beartaithe de réir an fheidhmithe chéimnigh;
- Prótacail a dhoiciméadú maidir le húsáid agus feidhmiú cuí an chórais do na húsáideoirí ar fad de réir an fheidhmithe chéimnigh.

**Stratéis 3**
Beartas nua bainistíochta taifead a fhorfheidhmiú (.i., beartas Eneclann mar atá aitheanta in CSSO).

**Táscairí Feidhmíochta**

- Soláthar stórais / cóiríochta do chomhaid agus taifid ar bhonn deighilteach, Q4, 2006;
- Scríobh suas prótacal um láimhseáil agus stóráil chomhad páipéir, tar éis ACME. Q.2, 2006;
- Seachadadh oibleagáidí um chomhaid a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta.

**Straitéis 4**
Doiciméadú agus sreabhadh oibre d'ardchaighdeán a chothú agus a fhorbairt mar thacaíocht don chomhfhreagras dlí agus doiciméid a úsáidtear san Oifig.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Grúpa a bheith ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaighdeán sa doiciméadú agus sa sreabhadh oibre, monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais nua agus miontuairiscí a scríobh ar obair an ghrúpa chun éascaíocht a dhéanamh do mhonatóireacht na feidhmíochta;
- Aithneoidh Ceannairí Rannóige chun athruithe cuí sa sreabhadh oibre nó doiciméadú, de réir gá.

**Straitéis 5**
Prionsabail bhainistíochta riosca a chur i bhfeidhm i réimsí ar leith den chleachtas dlí agus é mar aidhm earráidí agus moill a laghdú.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Tabharfar sainordú do gach rannóg chun déileáil le bainistíocht riosca ina bpleananna gnó. Le cur san áireamh ar rioscaí tá, an riosca earráide, moille nó teip ar fhios gnó. Aithneoidh gach plean gnó na rioscaí is tromchúisí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar obair na rannóige agus cuirfear beartais i bhfeidhm chun an seans go dtarlóidh riosca mar sin a sheachaint nó a laghdú.

**Straitéis 6**
Leanúint le nósanna imeachta 'fios gnó' agus Bainistíochta Eolais na hOifige ag cuimsiú nósanna imeachta le leanúint laistigh de gach rannóg.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Seachadadh na n-ábhar fios gnó agus Bainistíochta Eolais le bheith taifeadta ag an Aonad Leabharlainne agus Faisnéise. Cruinnithe rannóige le haird na rannóige do nósanna imeachta agus ábhar fios gnó agus Bainistíochta Eolais a mhiontuairisciú.

**Straitéis 7**
Baill foirne a úsáid ar an mbealach is fearr le go mbeidh baill foirne ag dul isteach sna réimsí éilimh ar sheirbhísí dlí atá ag teacht chun cinn agus amach as na réimsí atá ag dul i léig.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Athbhreithniú ar leithdháileadh na foirne i réimsí dlí tearmainn, eiseachadta agus Barántais Ghabhála Eorpacha agus conarthaí tráchtála d'fhonn acmhainneacht a thógáil;
- Athbhreithniú ar leithdháileadh na foirne i réimsí Cailleadh Éisteachta san Arm, Díobhálacha Pearsanta agus Éilimh Thortacha leis an aidhm atheagrú a dhéanamh ar an obair agus athdháileadh a dhéanamh ar na baill foirne. Cur i gcrích roimh dheireadh Ráithe 3, 2006;
- Athbhreithniú ar leithdháileadh na foirne i réimsí dlí mar Rannóg Áitreabh an Stáit d'fhonn na seirbhísí dlí a sheachadadh chun tacú le beartas díláraithe an Rialtais, .i., an obair dlí a thagann aníos ó dhíol agus éadáil na n-áitreabh Stáit a úsáidtear do chóiríocht na státseirbhíseach. Cur i gcrích roimh dheireadh Ráithe 3, 2006.

**Straitéis 8**
An leas is fearr a bhaint as úsáid foirne agus modhanna oibre chun tacú leis an gcosaint is fearr olldlíthíochta.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Idirchaidreamh le hOifig an Ard-Aighne maidir le réimsí olldlíthíochta atá ag teacht chun cinn a aithint agus athbhreithniú ar an bPríomh-MAC;
- Idirchaidreamh leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag féachaint don ionchur bainistíochta éileamh is fearr i gcásanna ina bhfuil an Oifig ar taifead. Cruinniú gach ráithe leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun cáilíocht agus éifeachtúlacht na bainistíochta cáis na seirbhíse dlí a mheasúnú;
- Cur i gcrích an aistrithe freagrachta chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát maidir le cásanna Cailleadh Éisteachta san Arm atá fós le héisteacht roimh deireadh mhí Eanáir 2006;
- Idirchaidreamh le hOifig an Ard-Aighne agus Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát d'fhonn ionchur bainistíochta éileamh is fearr a fháil agus seirbhís dlí agus straitéis cháis i ndlíthíocht a bhaineann le mí-úsáid leanaí. Cruinniú gach ráithe le AGO/Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun cáilíocht agus éifeachtúlacht na bainistíochta cáis, na straitéise agus na seirbhíse dlí a mheasúnú.

**Straitéis 9**
An leas is fearr a bhaint as úsáid foirne chun tacú le húsaid ball foirne dlí a oibríonn ar shocruithe oibre neamhghnácha.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Anailís ar threochtaí a bheidh ann amach anseo i mbealaí oibre neamhghnácha do bhaill foirne aturnae agus feidhmeannaigh dlí a d'fhéadfadh teacht os comhair na hOifige thar an tréimhse deich mbliana amach romhainn agus beartas a fhorbairt chun bainistiú a dhéanamh sa chomhthéacs seo. Díospóireachtaí MAC le bheith curtha i gcrích roimh dheireadh mhí Mheán Fómhair, 2006. Dréacht-bheartas le bheith réitithe roimh dheireadh mhí na Bealtaine, 2006 agus le bheith tugtha chuig an gComhpháirtíocht le plé. Beartas le glacadh roimh dheireadh Ráithe 4, 2006;
- Athbhreithniú ar mhodhanna oibre le go mbeidh siad in oiriúint a mhéid is féidir le socruithe oibre a thacaíonn le teaghlaigh d'aturnaetha agus feidhmeannaigh dlí. Staidéar treorach le bheith curtha i gcrích sa Rannóg Dlíthíochta an Dlí Choitinn roimh dheireadh Ráithe 3, 2006.

**Straitéis 10**
Socrú d'aistriú Sheirbhís na nAturnaetha Stáit go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Tosú sa chéad céim eile de na hidirbheartaíochtaí i mí Eanáir, 2006;
- Idirbheartaíochtaí a thabhairt chun críche roimh mí na Samhna, 2006;
- Aistriú seirbhíse ag deireadh Ráithe 4, 2006;
- Bheith rannpáirteach i socruithe idirthréimhseach go dtí thart ar Ráithe 4, 2006;
- Beartas a thabhairt ar aghaidh maidir le soláthar na seirbhísí dlí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath i réimsí an dlí shibhialta, agus réimsí gaolmhara, áit nach bhfuil seirbhísí soláthraithe níos mó ag Aturnaetha Stáit áitiúla. Doiciméad ar bheartas le bheith réidh roimh dheireadh Ráithe 3, 2006.

**Straitéis 11**
Socrú d'aistriú Scéim Ghinearálta an Ard-Aighne go dtí an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun acmhainní a ath-chomhtháthú le réimsí eile um chuntasaíocht costas dlí.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Ardaigh leis an Roinn é go luath in 2006;
- Aistriú le bheith críochnaithe roimh dheireadh Ráithe 4, 2006.

**Straitéis 12**
An cumas a choinneáil chun seirbhís dlí a chur ar fáil sna réimsí seirbhíse dlí ríthábhachtacha taobh amuigh de ghnáthuaireanta oifige.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Leanúint le húsáid an phainéil 'ar glao-dhualgas' d'aturnaetha agus feidhmeannaigh dlí ina bhfuil foireann dlí ar fáil ar róta chun freagairt ar éilimh a thagann aníos lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre ar bhonn 24/7. Painéal le bainistiú ag Ceann na Rannóige i gCeartas agus Coiriúlacht agus go mbeidh a thaifead ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh air.

Nóta: Leirítear Straitéisí 5, 6,7, 8 agus 9 chomh maith sa Rannóg Seirbhísí Tacaíochta Gnó.

**<u>Cuspóir 2</u>**

Feidhmiú ar mhodh a ghlacann costais san áireamh agus a chuireann luach ar airgead ar fáil sa tseirbhís dlí a sheachadtar.

**Straitéis 1**
Luach ar airgead a thomhas.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Dul i mbun cleachtas Luach ar Airgead sna réimsí seo a leanas.
    - Costais oiliúna (roimh dheireadh Ráithe 3, 2006;
    - Costais Leabharlainne CSSO (roimh dheireadh Ráithe 2, 2007);
    - Táillí Abhcóidí i gCásanna Tearmainn (roimh dheireadh Ráithe 4, 2007);
    - Táillí Saineolaithe (roimh dheireadh Ráithe 2, 2008).

**Straitéis 2**
Cinntiú go bhfuil comhtháthú idir an córas bainistíochta airgeadais agus an córas bainistíochta cásanna agus taifead ag leibhéil na gCeannairí Rannáin / Ceannairí Rannóige.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Córas Bainistíochta Airgeadais in úsáid in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO in 2006;
- Bainistíocht TF agus tacaíocht theicniúil d'ACME agus tionscadail a bhaineann leis a sholáthar;
- Oiliúint chun tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú céimneach agus oibriú leanúnach ACME agus tionscadail a bhaineann leis a sholáthar;

- Tabhairt chun críche doiciméadaithe ar an bhforbairt TF chun tacaíocht a thabhairt do chothabháil agus forbairt leanúnach amach anseo.

Nóta: Leirítear Straitéisí 1 agus 2 chomh maith sa Rannóg Seirbhísí Tacaíochta Gnó.

## Dul Chun Cinn a Baineadh Amach

**Cuspóir 1**

Lean Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag forbairt agus ag feabhsú sainseirbhísí dlí le linn 2007 i réimsí a bhí tábhachtach do Ranna agus d'Oifigí cliaint. Ba é an príomhfhócas a bhí ag an Oifig i rith na bliana, i gcomhairle le hOifigí agus Ranna na gcliant, sainaithint na réimsí nua oibre agus réimsí reatha oibre atá ag leathnú, cosúil le conarthaí tráchtála, iarratais ar Bharántas Gabhála Eorpach, cásanna fostaíochta a bhain leis an Státseirbhís, dlíthíocht an Gharda Síochána, Tíolacadh do Chlár Dílaraithe an Rialtais, inimirce tearmainn agus obair aisdúichithe, dlithíochta a bhaineann le mí-úsáid leanaí, dlíthíocht maidir le muirir tithe altranais agus dlíthíocht maidir le riachtanais speisialta agus leasa leanaí.

Rinne MAC na hOifige plé rialta ar an tsaincheist a bhain lena hacmhainní a ath-imscaradh maidir le freastal a dhéanamh ar riachtanais athraitheacha na gcliant. Ath-imscaradh roinnt ball foirne i rith na bliana agus d'fhan roinnt ball eile in situ chun réimsí tábhachtach oibre a chlúdach:

- Ath-imscaradh beirt aturnaetha breise lánaimseartha agus aturnae amháin páirtaimseartha chuig an Rannán Dlí Poiblí.
- Ath-imscaradh aturnae agus Feidhmeannach Dlí chuig an Rannóg Tearmainn.
- Ath-imscaradh triúr aturnaetha chun plé le dlíthíocht an Gharda Síochána ón aonad a phléigh leis an obair roimhe sin sular bunaíodh an Coimisiún um Fhiosrúchán faoi Mhí-úsáid Leanaí.
- Soláthar leanúnach seirbhíse tíolactha do Chlár Díláraithe an Rialtais.
- Forbairt leanúnach Rannóg na gConarthaí Tráchtála.
- Soláthar leanúnach na sainseirbhíse a rachaidh i ngleic le cásanna tearmainn, inimirce agus aisdúichithe.
- Feidhmiú leanúnach an phainéil ar ghlao-dhualgas chun déileáil le Barántais Ghabhála Eorpacha, Eiseachadtaí, iarratais habeas corpus agus iarratais phráinneacha eile na Cúirte lasmuigh d'uaireanta oifige

- Feidhmiú leanúnach aonaid speisialta chun plé le dlíthíocht um mí-úsáid chónaithe.
- Feidhmiú leanúnach foirne chun plé le dlíthíocht um mí-úsáid scoil lae.
- Feidhmiú leanúnach na foirne chun plé le cásanna leasa riachtanais speisialta.

**Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME)**

Bhí feidhmiú céimneach an Chórais Bhainistíochta Cásanna agus Taifead críochnaithe go hiomlán faoi mhí Aibreáin, 2007 do gach úsáideoir dlí le haghaidh gach comhaid nua ar fud an CSSO. Áiríodh ar na réimsí, Athbhreithniú Breithiúnach (agus Pleanáil), Cúitimh an Gharda Síochána, Eiseachadtaí, Barántais Ghabhála Eorpacha agus Aistriú Daoine faoi Phianbhreith, Bille Sibhialta agus Toghairm. Dá réir sin, ó mhí na Bealtaine 2007, cruthaíodh gach comhad dlí nua don CSSO ar ACME.

Díríodh béim níos déine ar oiliúint úsaideora ó mhí Aibreáin 2007 i leith, maidir le húsáid an chórais agus sholáthair baill foirne ón Deasc Cabhrach tacaíocht leanúnach d'úsáideoirí go léir an chórais.

Rinne baill foirne san Aonad Clárlainne agus Taifead athbhreithniú ar chomhaid athbhreithnithe i rith na bliana ag féachaint do chomhlíonadh na n-oibleagáidí maidir le haistriú comhad faoin Acht um Chartlann Náisiúnta.

**Bainistíocht Riosca**

Le linn 2007, ghlac an CSSO páirt ghníomhach i bhforbairt agus cur i bhfeidhm níos mó na mbeartas foirmiúla bainistíochta riosca laistigh den Oifig. I rith na bliana, rinneadh plé ar chúrsaí a bhaineann le riosca ag cruinnithe Rannáin agus Rannóige, agus ag cruinnithe áitiúla agus MAC Dlí. D'fhreastail Cinn Rannáin ar chruinnithe Chomhchoiste Bhainistíochta Riosca Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO i gcomhthéacs straitéis bainistíochta riosca don Oifig go léir mar aon le clár rioscaí corparáideach agus cláir rioscaí le haghaidh Grúpaí aonair agus Aonaid Gnó. Rinneadh athbhreithniú ar Phleananna Gnó i rith 2007 chomh maith chun straitéis bainistíochta riosca na hOifige a thabhairt san áireamh.

**Bainistíocht Eolais**

Lean CSSO ag cur cultúr comhroinnte eolais chun cinn san Oifig i rith 2007, laistigh den Oifig agus idir CSSO agus Oifig Shráid Mhuirfean, ag bonntacú le seachadadh seirbhísí dlí don Rialtas, Ranna agus Oifigí. D'fhreastail baill foirne dlí CSSO chomh maith ar chruinnithe um Shaincheisteanna Dlí agus chabhraigh siad le hullmhú Treoracha Tagartha Dlí. Leanadh leis

an obair i rith na bliana maidir le pobail chleachtais a aithint, a bheadh á tacú ag na hOifigí, chun comhroinnt eolais a fheabhsú i réimsí criticiúla dlí. Lean Leabharlann CSSO agus an tAonad Fios Gnó ag cur scileanna taighde dlí chun cinn agus ag cuidiú le baill foirne leibhéal oilteachta a ghnóthú in úsáid na bhfoinsí leictreonacha maidir le faisnéis dlí.

**Bainistíocht Dlíthíochta – olléilimh go háirithe**

D'fhreastail CSSO ar chruinnithe rialta athbhreithnithe le hAbhcóidí Comhairleacha in Oifig Shráid Mhuirfean agus oifigigh sna Ranna ábhartha le linn 2007, sa chomhthéacs a bhain le bainistíocht a dhéanamh ar olldhlíthíocht, olléilimh go háirithe, ar mhodh straitéiseach. Rinneadh comhoibriú dlúth a chothabháil idir CSSO agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chomh maith maidir le bainistíocht dlíthíochta a bhaineann le mí-úsáid leanaí.

Lean an CSSO ar aghaidh ag feidhmiú saintionscnamh chun olldlíthíocht a bhainistiú, lena n-áirítear:-

- Seirbhís dlíthíochta um dhlí tearmainn a sholáthar chun tacaíochta a thabhairt don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus na gníomhaireachtaí inimirce / tearmainn.
- Foirne tiomanta a sholáthar chun déileáil le riachtanais speisialta, leas leanaí agus dlíthíocht maidir le muirir tithe altranais.
- Ualach cásanna reatha na hOifige a bhaineann le mí-úsáid scoil lae agus cónaithe, a láimhseáil agus a chosaint go gníomhach nuair is cuí.
- Ualach na gcásanna a bhaineann le dlí fostaíochta na státseirbhíse a a láimhseáil agus a chosaint go gníomhach nuair is cuí.
- Na himeachtaí sibhialta go léir a glacadh i gcoinne an Gharda Síochána nó baill den Gharda Síochána a láimhseáil agus a chosaint go gníomhach nuair is cuí. D'fhorbairt an Oifig Sainrannóg i rith 2007 chun tabhairt faoin obair sin.

**Aistriú Sheirbhís an Aturnae Stáit go dtí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**

Tháinig an Oifig ar chomhaontú le Cumann na nAturnaetha Stáit um aistriú na freagrachta as seirbhís aturnae áitiúil an Stáit chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí de bhun Thuarascáil Nally, le héifeacht ón 15 Bealtaine 2007. Faoi théarmaí an chomhaontaithe scartha, leanfaidh na hAturnaetha Stáit ar aghaidh ag déileáil le roinnt oibre sibhailta suas go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2008. Déanfaidh an Oifig bainistíocht ghníomhach ar an obair atá fágtha suas go dtí an dáta sin agus bainfidh sé úsaid as an tréimhse eatramhach chun

tuairim a fhoirmiú maidir le méid na hoibre lena mbaineann agus an gá ata le soláthraithe seachtracha.

**Riaradh Scéim an Ard-Aighne**

Aistríodh freagracht as riaradh Scéim an Ard-Aighne chuig scéim na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar bhonn gníomhaireachta ón 1 Feabhra, 2007.

**Soláthar seirbhísí dlí criticiúla lasmuigh de ghnáthuaireanta Oifige**

Lean an Oifig ar aghaidh ag oibriú an phainéil dlí ar ghlao-dhualgas i rith 2007 chun bainistíocht a dhéanamh ar shaincheisteanna a thagann chun cinn taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre. Beidh a thuilleadh ball foirne dlí ar fáil i rith na bliana don phainéal ar ghlao-dhualgas.

**<u>Cuspóir 2</u>**

**Luach ar Airgead a Thomhas**

Faoi dheireadh 2007, thug an Oifig an dréacht-Tuarascáil faoi Chomh-athbhreithniú Luach ar Airgead agus Beartais (VFM & P) an AGO/CSSO i ndáil le Scéim an Ard-Aighne. Cuireadh Tuarascálacha eatramhacha um Athbhreithnithe ar Sheirbhísí Gearrscríobhaithe agus Gnóthú Costas i láthair don MAC CSSO ag deireadh 2007 – táthar ag súil go dtabharfar an dá Thuarascáil chun críche faoi lár 2008.

**Comhtháthú idir an Córas Bainistíochta Airgeadais agus an Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead**

Rinne na hOifigí dul chun cinn breise ar fhorbairt an chomhéadain idir an Córas Bainistíochta Airgeadais agus an Córas ACME i rith 2007. Rinne fáil, úsáid agus breisfhorbairt agus breisfheabhsú na dtuarascálacha bainistíochta a chuimsigh idir fhaisnéis airgeadais agus faisnéis neamhairgeadais, éascaíocht don tomhas feabhsaithe feidhmíochta agus déanamh cinntí laistigh den Oifig.

Leanadh ar aghaidh le solathar na tacaíochta bainistíochta agus teicniúla don chóras ACME agus tionscadail a bhain leis i rith 2007, agus ghlac úsáideoirí teicniúla agus gnó páirt iomlán sa tionscadail. Cheap an CSSO, i gcomhar le hOifig Shráid Mhuirfean oiliúnóir seachtrach TF ag tús 2007 chun cur le hacmhainní reatha atá tiomanta don tionscadal agus chun oiliúint a sholáthar maidir le húsáid an chórais ACME.

## Caibidil 7: Dul Chun Cinn a Baineadh Amach maidir le Gnóthú Sprioc 4

## Sprioc 4 – Seirbhísí Tacaíochta Gnó

Seirbhísí corparáideacha agus tacaíochta gnó den scoth a sholáthar do chustaiméirí agus do chliaint laistigh agus lasmuigh den eagraíocht, agus na seirbhísí agus an tacaíocht sin a bheith nua-aimseartha gairmiúil.

**Cuspóir 1**

**Bainistíocht acmhainní daonna a fhorbairt chun tacú le cuspóirí foriomlána na hOifige, agus chun an fheidhm oiliúna agus forbartha a fhorbairt laistigh den Oifig.**

**Straitéis 1**
Straitéisí Acmhainní Daonna Oifig Shráid Mhuirfean agus Acmhainní Daonna CSSO a chur i bhfeidhm.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Plean Gníomhaíochta Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO curtha i bhfeidhm maidir lena straitéis Acmhainní Daonna atá ann cheana féin roimh dheireadh Ráithe 2, 2006;

- Straitéisí Acmhainní Daonna Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO don tréimhse ag tosú 2008 curtha i bhfeidhm.

**Straitéis 2**
Modheolaíocht sonraithe earcaíochta agus roghnúcháin a athbhreithniú agus a fhorbairt chun feabhas a chur ar cumas Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO iarrthóirí ard-acmhainneacha oiriúnacha a mhealladh agus a roghnú.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Athbhreithniú ar scileanna agus inniúlachtaí croílárnacha aitheanta do na baill foirne go léir san dá Oifig i gcomhar le Grúpaí/Rannáin/Rannóga/Aonaid Gnó de réir mar atá cuí;

- Úsáid leanúnach na tástála foirmiúla um inniúlacht agus ábaltacht tugtha isteach in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO;

- Oiliúint agus ionduchtú déanta ar bhaill foirne nua in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de 2 mhí dóibh tosú ar an bpost;

- Anailís a dhéanamh ar shocruithe oibre neamhghnácha do bhaill foirne laistigh d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO, iad a fhortheilgean agus beartas cuí a fhorbairt.

**Straitéis 3**
Córas TF Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm

**Táscaire Feidhmíochta**

- Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna curtha i bhfeidhm in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO roimh dheireadh 2006 agus athbhreithniú déanta ar an éifeachtúlacht a bhain leis roimh dheireadh 2007.

**Straitéis 4**
Leanúint le deiseanna forbartha agus oiliúna a fheabhsú do na baill foirne ar fad tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF).

**Táscairí Feidhmíochta**

- Oiliúint aitheanta trí Fhoirmeacha Próifíle Ról CBFF agus Athbhreithnithe Eatramhacha agus Bliantúla seachadta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO;

- Réimeas foirmiúil um Oiliúint Bainistíochta d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO curtha i bhfeidhm roimh Ráithe 4, 2007;

- Beartais Acmhainní Daonna maidir le harduithe céime agus íocaíocht na mbreisíochtaí ag teacht le comhtháthú an CBFF le hAcmhainní Daonna;

- Oiliúint curtha ar fáil maidir leis na hacmhainní TF ar fad agus go háirithe oibríocht leanúnach na gcóras ACME, Bainistíochta Airgeadais, Bainistíochta Acmhainní Daonna agus Bainistíochta Eolais;

- Clár oiliúna agus forbartha pearsanta seachadta trí Ráithe 1, 2006 go dtí Ráithe 4, 2007. Meastóireacht déanta i dtéarmaí thráthúlacht an tseachadta, rannpháirtíochta agus éifeachtúlachta.

**Straitéis 5**
Cóiríocht oiriúnach a sholáthar do gach ball foirne.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Athlonnú ball foirne CSSO ar leith go cóiríocht nua eagraithe roimh dheireadh 2006;
- Cóiríocht in Oifig Shráid Mhuirfean athbhreithnithe roimh dheireadh Ráithe 2, 2006 agus dhá uair sa bhliain ina dhiaidh sin;
- Aghaidh tugtha ar shaincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta;
- Athbhreithniú leanúnach ar inrochtaineacht agus slándáil na bhfoirgneamh ar fad.

**Straitéis 6**
Leanúint le hathbhreithniú agus forbairt phróiseas na Comhpháirtíochta.

**Táscaire Feidhmíochta**

- Athbhreithniú bliantúil ar phróiseas na Comhpháirtíochta déanta san dá Oifig;

**<u>Cuspóir 2</u>**

Próisis bhainistíochta airgeadais a fhorbairt a rialaíonn agus a dhéanann monatóireacht ar acmhainní airgeadais na hOifige, chun a chinntiú go ndéantar aschuir agus luach ar airgead a sheachadadh

**Straitéis 1**
Gnéithe an Phlean Tionscnaimh do Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta a chur i bhfeidhm in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Creatlach na Faisnéise Bainistíochta forfheidhmithe agus úsáid na feidhmiúlachta iomláine den gCóras Bainistíochta Airgeadais bainte amach in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO roimh dheireadh 2006;

- Táscairí Feidhmíochta foirmithe agus forbairt bhreise na dtáscairí SMART lena n-úsáid i dTuairisciú Bainistíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO tugtha chun críche faoi dheireadh Ráithe 3, 2006;

- Tuairiscí Bainistíochta Feabhsaithe forbartha in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO agus athbhreithniú déanta go míosúil ag MACanna agus gach dhá mhí ag an bPríomh-MAC. Forbairt bhreise comhlánaithe ar Thuarascálacha chun feidhmíocht agus cinnteoireacht ó lá go lá a fheabhsú roimh dheireadh Ráithe 3, 2006;

- Creatlach Costála forbartha in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO agus Tuarascálacha Costála tosaigh ag baint úsáid as faisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais tugtha chun críche faoi dheireadh Ráithe 3, 2006;

- Athbhreithniú iomlán tar éis chur i bhfeidhm Thionscadal Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO le bheith curtha i gcrích roimh dheireadh Ráithe 1, 2006;

- Tionscadal ar Leithdháileadh Acmhainní, Pleanáil Gnó agus Tomhas na Feidhmíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO tugtha chun críche roimh dheireadh mhí na Samhna 2006;

- Ullmhúchán agus cur isteach Ráiteas Bliantúil ag nascadh an *Ráiteas Straitéise*, pleanáil gnó agus leithdháileadh acmhainní sna Meastacháin le haschuir agus torthaí agus tomhas na feidhmíochta, le chéile le Meastacháin bhliantúla Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO in éifeacht roimh mhí Aibreáin/Bealtaine, 2007 (agus go bliantúil ina dhiaidh sin).

**Straitéis 2**
Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú déanta ar mholtaí Thuarascáil Mullarkey maidir le cuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de fhrámaí ama socraithe.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Athbhreithniú bliantúil cinn bhliana ar nósanna imeachta airgeadais inmheánacha in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO agus fíoraithe ag Coiste Iniúchta;

- Beartas Riosca agus Cláir Riosca do Ghrúpaí/Ranna/Rannóga/Aonaid Ghnó athbhreithnithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO gach dhá bhliain ag Coiste Riosca agus tuairiscithe ag dtí MACanna áitiúla agus na Príomh-MACanna;

- Clár Bliantúil Iniúchta Inmheánaigh d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO comhaontaithe ag Coiste Iniúchóireachta. Iniuchtaí comhlíonta agus moltaí curtha i bhfeidhm laistigh de na frámaí ama comhaontaithe;

- Tuarascáil Bhliantúil déanta chuig an gCoiste Iniúchóireachta ar chur i bhfeidhm, ag Oifigí na dTuarascálacha Iniúchta ar fad;

- Cláir Athbhreithnithe Caiteachais/Luach ar Airgead in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO ar bun. Athbhreithnithe déanta, athbhreithnithe déanta go seachtrach agus foilsithe de réir na bhfrámaí ama a comhaontaíodh ag an leibhéal lárnach;

- Íoslaghdú ar íocaíocht úis faoin reachtaíocht um Íoc Pras, de réir mar a bhaineann.

<u>**Cuspóir 3**</u>

**Córais TFC atá costéifeachtach a chur i bhfeidhm, a thacaíonn le gach gníomhaíocht ghairmiúil, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachadta seirbhíse de chuid na hOifige.**

**Straitéis 1**
Feidhmiú céimneach an Chórais nua Bhainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME) a thabhairt chun críche.

**Táscairí Feidmíochta**
- Córas in úsáid in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO in 2006;
- Bainistíocht TF agus tacaíocht theicniúil do ACME agus tionscadail a bhaineann leis a sholáthar;
- Oiliúint díreach in am chun tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú céimneach agus oibriú leanúnach ACME agus tionscadail lena mbaineann a chur ar fáil;
- Tabhairt chun críche doiciméadaithe ar fhorbairt TF chun tacaíocht a thabhairt do chothabháil agus forbairt leanúnach amach anseo.

**Straitéis 2**
Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna na Státseirbhíse a chur i bhfeidhm.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Córas curtha i bhfeidhm in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO faoi dheireadh 2006 de réir na bhfrámaí ama lárnacha.

**Straitéis 3**
Córais chuí TF Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt d’Oifig Shráid Mhuirfean agus Straitéis Bainistíochta Eolais CSSO.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Coráis chuí le cur i bhfeidhm in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO roimh thús 2008.

**Straitéis 4**
Athbhreithniú a dhéanamh ag eatramhacha cuí ar Chórais TF Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO agus cur leo agus iad a mhionchóiriú de réir mar is gá chun a chinntiú go dtagann siad le straitéis ghnó agus riachtanais oibríochtúla na hOifige i gcónaí.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Athbhreithnithe tosaigh ar Chóras nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead agus Córas nua Bainistíochta Airgeadais déanta i rith 2007;

- Creatlach chuí chun aon obair feabhsaithe nó mhionchóirithe a chur i bhfeidhm, agus é mar aidhm í a thabhairt chun críche in 2008.

**Straitéis 5**
Straitéis TF na hOifige a nuashonrú.

**Táscaire Feidhmíochta**

- o Forbairt ar Straitéis TF nua le tosú sa dara leath de 2007.

**Straitéis 6**
Ailtireacht theicniúil na hOifige a choinneáil faoi athbhreithniú agus a chinntiú go leantar le bonn daingean a sholáthar le haghaidh sheachadadh na Seirbhísí TF in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO.

**Táscaire Feidhmíochta**

- o Measúnú déanta ar fhorbairtí sa réimse TF, deiseanna le feabhsú tapaithe nuair is cuí;

**<u>Cuspóir 4</u>**

**Clár um Nuachóiriú a chur i bhfeidhm, a thacaíonn le Spriocanna na hOifige a bhaint amach, agus a thagann i bpáirt le Clár um Nuachóiriú na Státseirbhíse.**

**Straitéis 1**
Tiomantais aontaithe atá leagtha síos i bPleananna Gníomhaíochta um Nuachóiriú a chur i bhfeidhm in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de fhrámaí ama aontaithe.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Dul chun cinn tuairiscithe i dTuarascáil ar Dhul Chun Cinn in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO ag teacht le spriocanna ama lárnacha agus fíoraithe go seachtrach ag Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse;

- Moltaí Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse gníomhaithe agus curtha i bhfeidhm roimh Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn ó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO a bheith curtha faoi bhráid ina dhiaidh sin.

**Straitéis 2**
Príomhthiomantais seirbhíse na hOifige a sheachadadh, mar atá leagtha amach sna Cairteanna Cliant agus Custaiméirí, Treoir Seirbhísí Cliaint agus sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Leibhéil sásúlachta na gcliant agus an chustaiméara tomhaiste trí shuirbhéanna bliantúla cliant agus custaiméirí ar leithligh in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO i mí na Samhna 2006 agus, arís, i mí an Mheithimh 2008;

- Suirbhé aeráide/dearcaidh a dhéanamh i Ráithe 4, 2006, in Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO;

- Cruinniú tionólta ag an bPainéal Cliaint in Oifig Shráid Mhuirfean dhá uair sa bhliain chun leibhéil sásúlachta na gcliant a mheas.

**Straitéis 3**
Cinntiú go dtreoirítear custaiméirí chuig na pointí cuí rochtana agus tagartha maidir le faisnéis faoin Oifig.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Tuarascáil Bhliantúil foilsithe roimh dheireadh Ráithe 3 in 2006 agus Ráithe 2 in 2007 agus 2008 agus curtha ar fáil i bhformáidí inrochtana;
- Athbhreithniú déanta ar an láithreán gréasáin gach dhá mhí;
- Comhlíonann an Oifig a cuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, an tAcht um Chosaint Sonraí agus an tAcht um Chartlann Náisiúnta.

**Cuspóir 5**

**Rochtain a sholáthar don fhoireann ar an eolas agus ar an bhfaisnéis is gá chun seirbhís d'ardchaighdeán a sheachadadh, trí fhorbairt straitéiseach an eolais, na faisnéise agus na bainistíochta taifead.**

**Straitéis 1**
Cur chuige comhordaithe a bhunú maidir le faisnéis ar fud na hoifige, chomh maith le bainistíocht eolais agus taifead agus eolais.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Athbhreithniú ar an ngá le téasaras AGO/tacsanomaíocht CSSO/ar fud na hoifige chun tacaíocht a thabhairt do phríomhfheidhmeanna gnó;

- Freagrachtaí eagríochtúla a dhéanamh foirmiúil maidir le cothabháil leanúnach agus forbairt chomhad-phleananna, tacsanomaíochtaí, teasárais, srl. AGO/CSSO.

**Straitéis 2**
Réitigh theicniúla oiriúnacha a aithint agus a chur i bhfeidhm chun seirbhísí feabhsaithe leabharlainne, taighde agus fios gnó atá feabhsaithe a sheachadadh d'úsáideoirí.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Réiteach ríomhiriseáin roinnte AGO/CSSO/Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chur i bhfeidhm:

- Nósanna imeachta fios gnó AGO/CSSO a athbhreithniú. Bunachar sonraí fios gnó AGO/CSSO comhroinnte a roghnú agus a chur i bhfeidhm;

- Córas Bainistíochta Leabharlainne roinnte AGO/CSSO/ an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a athbhreithniú d'fhonn forbairt an Chórais Bainistíochta Leabharlainne amach anseo a phleanáil. Aon fhorbairtí nó feabhsúcháin riachtanacha don chóras a phleanáil/a chur i bhfeidhm;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na seirbhísí leabharlainne agus taighde a sholáthraítear d'abhcóidí seachtracha an Rialtais.

**Straitéis 3**

Athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí feabhsaithe taighde agus fios gnó agus iad a chur i bhfeidhm.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Leanúint le monatóireacht ar réimsí méadaithe speisialtóireachta sna hOifigí, agus cinntiú go léirítear iad sin inár seirbhísí leabharlainne, taighde agus fios gnó;
- Aithint agus/nó forbairt phobal chleachtais i bpríomhréimsí dlí agus tacú leo seo trí sheirbhísí taighde;
- Bearta a aithint chun tacú le forbairt na scileanna taighde d'abhcóidí ar bhonn neamhspleách a chuimsigh athbhreithniú ar uirlisí oiriúnacha ríomhfhoghlama;
- Deiseanna a aithint chun comhoibriú le hAonaid Oiliúna & Forbartha agus Aonaid TF chun deiseanna foghlama feabhsaithe a thairiscint d'abhcóidí. Tionscnaimh oideachais/oiliúna leabharlainne agus fios gnóithe a ionchorprú sna straitéisí oiliúna ar bhonn eagraíochtúil.

# Dul Chun Cinn a Baineadh Amach

## Oifig Shráid Mhuirfean

## Cuspóir 1

**Straitéis Acmhainní Daonna, Sráid Mhuirfean**

Lean an Oifig ar aghaidh ag cur na Straitéise reatha Acmhainní Daonna i bhfeidhm i rith 2007, ar chuimsigh sí an tréimhse idir 2005 agus 2007. Ba phríomhfhorbairt é feidhmiú céimneach na samhla nua CBFF ag tús 2007.

Cuirfear tús le hobair in 2008 chun Straitéis nua a cheapadh chun tacaíocht a thabhairt do chuspóirí na hOifige amach anseo don tréimhse 2008 – 2010.

**Earcaíocht**

Reáchtáil an Oifig 6 chomórtas ar leithligh le cúnamh Seirbhís na gCeapachán Poiblí i rith 2007; 1 Abhcóide Parlaiminte Cúnta Grád II, 2 Abhcóidí Comhairleacha Grád III, 1 Taighdeoir Dlí, 1 Leabharlannaí faoi Oiliúint (Céimí) agus 1 Leabharlannaí Taighde. Rinneadh na hinniúlachtaí a bheadh ag teastáil le haghaidh na poist seo a mheas go cúramach i gcomhar leis na hAonaid bhainteacha agus léiríodh é sin i ndoiciméadú an chomórtais. Cuirtear na

riachtanais sin san áireamh sa phróiseas roghnaithe agus bhí an Oifig an-sásta le caighdeán na n-iarrthóirí a ghlac poist bhuana leis an Oifig.

Lean an Oifig ar aghaidh ag cur réimse leathan socruithe neamhghnácha oibre ar fáil i rith na bliana. Bunaíodh Foghrúpa an Choiste Chomhpháirtíochta ag deireadh 2007 agus é mar aidhm aige athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadal píolótach ríomhoibre na hOifige. Táthar ag súil go dtabharfar an t-athbhreithniú chun críche in 2008 agus úsáidfear na torthaí a aimseofar ann chun cinneadh a dhéanamh ar threoir na saoráide ríomhoibre amach anseo.

**Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (HRMS)**

Lean an Oifig ar aghaidh ag úsáid an Chórais nua Bhainistíochta Acmhainní Daonna PeopleSoft i rith 2007. Faoi dheireadh na bliana, bhain an Oifig úsáid iomlán an chórais amach atá curtha i bhfeidhm go hiomlán in ionaid an chórais a úsáideadh roimhe sin.

**An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)**

Ba é fócas na hOifige i rith 2007 an tsamhail nua CBFF a chur i bhfeidhm a thuilleadh, lena n-áirítear Aiseolas Aníos laistigh de chultúr na hOifige. Cuireadh oiliúint ar fáil do gach ball foirne nua ar an tsamhail nua laistigh de mhí amháin nó dhá mhí dóibh tosú ag obair san Oifig. Ag tús 2007 spreagadh do gach ball foirne a thosaíochtaí nó a tosaíochtaí oiliúna agus forbartha a léiriú don bhliain i gcomhthéacs bhailchríoch na bhFoirmeacha um Próifíl Róil CBFF. Chuir an Oifig tús le Clár cuimsitheach modúlach Bainistíochta Oiliúna agus Forbartha ag tús mhí na Nollag 2007 ag leibhéal eagrúcháin do na baill foirne go léir ag leibhéal na meánbhainistíochta agus na bainistíochta sinsearaí. Áirítear 5 modúl ar an gClár, a chuimsíonn Bainistíocht agus Ceannaireacht san Oifig, Céim chun Cúil: Smaointeoireacht Straitéiseach, Foirne a Stiúradh chun Torthaí a ghnóthú, Daoine eile a bhainistiú chun Torthaí a ghnóthú agus Daoine eile a Fhorbairt chun Torthaí a ghnóthú.

**Cóiríocht**

Bhí éilimh mhéadaithe ar chóiríocht de réir mar a tháinig an Oifig cóngarach do na leibhéil iomlána foirne ceadaithe. Le blianta beaga anuas, thug an Oifig faoi an-chuid tionscadal, cosúil le foroinnt seomraí, agus é mar aidhm aici an leas is fearr a bhaint as an spás reatha. Ar an drochuair, bhí uasacmhainn san fhoirgneamh reatha sroichte agus ní raibh aon scóip bhreise ann chun síneadh a dhéanamh laistigh dá paraiméadair.

Rinne an Oifig teagmháil le hionadaithe ón Roinn Airgeadais agus Oifig na nOibreacha Poiblí ag féachaint do spás breise oifige a cheadú cóngarach d'Oifig Shráid Mhuirfean. Táthar ag súil go gcuirfear cóiríocht bhreise ar fáil don Oifig i rith 2008 mar thoradh ar an bplé sin.

**An Coiste Comhpháirtíochta**

Bhí páirt lárnach ag an gCoiste Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean i gcónaí i rith 2007 maidir le forbairt leanúnach an chultúir athraithe san Oifig. Tháinig an Coiste le chéile **11** uair go rialta agus **2** uair go speisialta i rith na bliana. Ba é an fócas a bhí ag an gCoiste, a ndéantar ionadaíocht air ar fud na Oifige, plé le saincheisteanna croílárnacha a bhain leis an Oifig agus ábhair maidir le cur i bhfeidhm an Tionscnaimh Bhainistíochta Straitéisí. Thuairiscigh Foghrúpaí don Choiste i rith na bliana, ar bunaíodh iad chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna, cosúil le Straitéis Acmhainní Daonna, Seirbhís do Chliaint, CBFF, Oiliúint agus Forbairt, *I dTreo 2016,* Nósanna Imeachta Promhaidh agus Gradaim as Feidhmíocht Eisceachtúil.

I gcomhthéacs athbhreithniú na hOifige ar an bpróiseas Comhpháirtíochta, reáchtáil an Coiste cruinnithe lasmuigh den láithreán do chomhaltaí an 26 Meitheamh, 2007 agus phléigh sé oibriú phróiseas na Comhpháirtíochta san Oifig. Rinne éascaitheoir ón NCPP éascaíocht don chruinniú. Chomhaontaigh na comhaltaí go nglacfaí le 10 n-athrú shonracha, tar éis ceardlann agus plé, chun cinntiú go mbeidh próiseas na Comhpháirtíochta éifeachtach agus úsáideach i gcónaí don am amach romhainn.

**Ionadaíocht Inscne**

Ag deireadh 2007 lean an Oifig ar aghaidh ag dul os cionn spriocanna an Rialtais maidir le mná a fhostú. Ba ionann comhréir na mban san fhoireann ag leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta nó os a chionn agus 43%, agus ba ionann comhréir na mban san fhoireann ag leibhéal an Phríomhoifigigh nó os a chionn agus 46%.

Is iad seo a leanas na figiúirí do bhaill foirne buana ag deireadh 2007:

| **Grád** | **Baineann** | | **Fireann** | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| An tArd-Stiúrthóir | 1 | (100) | 0 | (0) |
| An Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte | 1 | (100) | 0 | (0) |
| Céad Dréachtóir Parlaiminte | 0 | (0) | 1 | (100) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An Leas-Ardstiúrthóir | 0 | (0) | 1 | (100) |
| Rúnaí Cúnta | 3 | (33) | 6 | (67) |
| Príomhoifigeach | 10 | (37) | 17 | (63) |
| Príomhoifigeach Cúnta | 11 | (46) | 13 | (54) |

**Inrochtaineacht do Dhaoine faoi Mhíchumas**

B'ionann an céatadán de bhaill fhoirne faoi mhíchumas ag deireadh 2007 agus 3%, céatadán a bhaineann amach sprioc an Rialtais. Thug an Oifig faoi dhaonáireamh ag tús 2007 agus nósanna imeachta athbhreithnithe á n-úsáid aici a eisíodh ón Roinn Airgeadais chun comhréir na foirne faoi mhíchumas a ríomh. Tá an figiúr 3% thuas bunaithe ar phróiseas féindearbhúcháin. Lean an Oifig ar aghaidh ag feabhsú a inrochtaineachta, trína láithreán gréasáin chomh maith agus chinntigh sí gur glacadh riachtanais daoine faoi mhíchumas san áireamh maidir le gach obair athchóirithe nó cothabhála a rinneadh.

De réir an chleachtais a bunaíodh sna blianta roimhe sin maidir leis na comórtais earcaíochta go léir, chuir an Oifig an Coimisiún um Cheapacháin Poiblí ar an eolas go raibh saoráidí oiriúnacha san Oifig agus go raibh sí toilteanach daoine le míchumais a fhostú.

**Oiliúint agus Forbairt**

Lean Aonad Oiliúna agus Forbartha Oifig Shráid Mhuirfean ar aghaidh ag soláthar ardchaighdeán deiseanna oiliúna agus forbartha i rith 2007, agus an fhreagracht atá air as pleanáil, eagrú agus meastóireacht na gcúrsaí oiliúna a chuirtear ar fáil do na baill foirne go léir a chur i gcrích.

Spreagadh don fhoireann i rith na bliana agus rinneadh éascaíocht dóibh maidir le tabhairt faoi oiliúint a aithníodh ina bhFoirmeacha um Próifíl Róil le haghaidh 2007. Leag an Oifig a thuilleadh béime ar an tábhacht a bhaineann le CBFF don fhorbairt leanúnach ghairmiúil agus phearsanta agus rinneadh gach iarracht an tiomantas atá aici do scileanna agus poitéinseal a fhorbairt don fhoireann go léir a chur i gcrích.

Ba é €293,123 an caiteachas foriomlán ar oiliúint agus forbairt in 2007. Is ionann é sin agus 3.2% den phárolla agus ní raibh sé ach cuid bheag faoin leithdháileadh buiséid réamh-mheasta arbh ionann é agus 3.4 % den phárolla. Bhí Oiliúnóirí TF ar conradh níos costéifeachtaí áfach ná foinsiú allamuigh a dhéanamh, toisc gur díríodh fócas ar chórais inmheánacha TF;dá bharr

sin ba leor an buiseád sin. Tá liosta iomlán na gcúrsaí ar freastalaíodh orthu chomh maith le miondealú an chaiteachais oiliúna ar fáil in **Iarscríbhinn H** den Tuarascáil seo.

## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

### Straitéis Acmhainní Daonna

Ba é an fócas a bhí ann don Oifig i rith 2007 an Plean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm i ndáil leis an Straitéis Acmhainní Daonna. Rinne MACanna áitiúla agus Príomh-MACanna faoi seach athbhreithniú ar ghnéithe an Phlean Ghníomhaíochta gach sé mhí agus gach bliain. Bhí dul chun cinn suntasach déanta ag an Oifig ag deireadh 2007 maidir leis na réimsí tosaíochta seo a leanas den Phlean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm:

- Comhaontú le Cumainn ar phátrúin athbhreithnithe Saoire Thuismitheoirí
- Comhaontú ar an gCairt Dínite agus seoladh na Cairte sin
- Oiliúint ionduchtúcháin do bhaill foirne nua
- Comórtais ardú céime agus earcaíochta a reáchtáil
- An dá mhodúl dheireanacha de sé mhodúl sna Cláir Oiliúna Bainistíochta agus Foirne a sheachadadh

### Earcaíocht

Reáchtáil an Oifig comórtais inmheánacha fiúntasbhunaithe i rith 2007 chun folúntais a líonadh do na gráid seo a leanas: Príomh-Aturnae, Ard-Aturnae Stáit, Feidhmeannach Dlí Phríomhoifigigh Chúnta, Ardfheidmeannach Dlí, Príomhoifigeach, Príomhoifigeach Cúnta, Príomhfheidhmeannach, Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Foirne. D’fhógair an Oifig comórtais chomh maith trí Sheirbhís na gCeapachán Poiblí do na poist seo a leanas: Feidhmeannach Dlí, Leabharlannaí Dlí agus Leabhrlannaí Dlí Cúnta. Rinneadh breathnú cúramach ar na hinniúlachtaí a bhí riachtanach do gach ceann de na poist seo agus léiríodh iad i ndoiciméadú an chomórtais. Glacann an próiseas roghnaithe na riachtanais sin san áireamh agus táthar an-sásta san Oifig le caighdeaán na n-iarrthóirí a fhreastail ar agallamh.

### An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Maidir le céimeanna na próifíle róil, an athbhreithnithe eatramhaigh agus an athbhreithnithe bhliantúil ón mbliain CBFF 2007, lena n-áirítear Beartas Gluaisteachta Foirne agus aiseolas aníos, rinneadh bainistíocht, monatóireacht agus athbhreithniú orthu, eisíodh treoracha agus

treoirlínte cleachtais, moladh inniúlachtaí croílárnacha do 2008 agus cheadaigh an Chomhpháirtíocht iad agus oibríodh córas tuairiscithe chun iniúchadh a dhéanamh ar chomhsheasmhacht agus feidhmiú cuí an CBFF a fhíorú.

Cuireadh Tuarascáil 1452 na Comhairle Ginearálta, Comhtháthú CBFF le próisis incriminte agus ardú céime, i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir, 2007. Eagraíodh Ceardlanna um Oiliúint Taithíoch/Cumarsáid do Shamhail Chomhtháite an CBFF don fhoireann go léir agus rinne Comhairleach Acmhainní Daonna éascaíocht dóibh, idir an 8 agus an 19 Eanáir, 2007. D'ullmhaigh an Coiste Acmhainní Daonna Treoirlínte Cleachtais don CBFF agus cheadaigh an Chomhpháirtíocht iad chun pointí a ardaíodh sna ceardlanna taithíocha a shoiléiriú.

D'fhorbair an Coiste Acmhainní Daonna Príomhghnéithe Cineálacha Inseachadta Samhla le cur san áireamh sna Foirmeacha um Próifíl Róil don bhliain 2007, ag féachaint do chomhsheasmhacht níos fearr a bhaint amach sa CBFF ar fud na hoifige. Cheadaigh an MAC na Príomhghnéithe Chineálacha Inseachadta Samhla sin agus ghlac an Chomhpháirtíocht leo.

Tugadh isteach Inniúlacht Airgeadais mar inniúlacht nua chroíláir faoin CBFF do 2007. D'ullmhaigh Comhairleach Treoir Forbartha um Inniúlacht Airgeadais tar éis plé a dhéanamh leis na pearsanra ábhartha san oifig, um an inniúlacht nua chroíláir seo a thabhairt isteach agus cuireadh ar chlár fógraí leictreonach na hoifige chun cabhrú leis an bhfoireann go léir. Is é cuspóir an tionscadail seo inniúlacht airgeadais na mball foirne ag gach leibhéal laistigh den oifig a fheabhsú agus tá sé beartaithe an treoir a úsáid mar thacú do bhainisteoirí agus baill foirne chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh as acmhainní poiblí a úsáid, ní hamháin trí dhlíthiúlacht agus cuibheas a chinntiú, ach chomh maith trí úsáid eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach a bhaint as na hacmhainní sin. Chuir Comhairleach Seisiúin Faisnéise ar fáil do na baill foirne go léir i mí Iúil 2007 maidir leis an inniúlacht nua chroíláir – Bainistíocht Airgeadais – Tuiscint a Fháil ar Phríomhphróisis Airgeadais.

Eagraíodh ceithre mhodúl de Chlár Oiliúna Forbartha Bainistíochta, a chlúdaigh inspreagadh agus athrú ceannaireachta, oiliúint agus bainistíocht na foirne agus Clár ar leithligh um Oiliúint Forbartha Foirne, a chlúdaigh seirbhís do chustaiméirí, foirne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus dhá ábhar ón méid seo a leanas: cumarsáid scríofa, forbairt phearsanta, scileanna éascaíochta, bainistíocht phearsanta agus/nó réiteach cruthaitheach fadhbanna, arna gcur ar fáil

ag gnólacht comhairleach oiliúna agus rinneadh monatóireacht agus meastóireacht orthu agus tuairiscíodh don Chomhpháirtíocht ina leith.

**Cóiríocht**

Bhí plé leanúnach ar bun le hOifig na nOibreacha Poiblí i rith 2007 maidir le cóiríocht bhreise a sholáthar do bhaill foirne san Oifig agus seirbhísí dlí á soláthar do chliaint.

**Oiliúint agus Forbairt agus cúrsaí Oiliúna a soláthraíodh in 2007**

Leagann Iarscríbhinn H den Tuarascáil seo mionsonraí amach maidir le hoiliúint agus forbairt agus cúrsaí oiliúna a cuireadh ar fáil d'fhoireann CSSO i rith 2007.

**Ionadaíocht Inscne**

Ag deireadh 2007 lean an Oifig ar aghaidh ag dul os cionn spriocanna an Rialtais maidir le mná a fhostú. Ba ionann comhréir na mban san fhoireann ag leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta nó os a chionn ag deireadh na bliana agus 57%, agus ba ionann comhréir na mban san fhoireann ag leibhéal an Phríomhoifigigh nó os a chionn agus 32%.

**Inrochtaineacht do Dhaoine faoi Mhíchumas**

Ba ionann comhréir na foirne faoi mhíchumas ag deireadh 2007 agus 3.5%, figiúr atá níos airde ná sprioc an Rialtais.

**An Coiste Comhpháirtíochta**

Bhí páirt lárnach ag an gCoiste Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean i gcónaí i rith 2007 maidir le hoibriú réidh na hOifige. Tháinig an Coiste le chéile **11** uair go rialta agus **2** uair go speisialta i rith na bliana. Phléigh an coiste le saincheisteanna a tháinig chun cinn ón gclár um nuachóiriú m.sh. CBFF, an Ráiteas Straitéise agus dul chun cinn faoi *I dTreo 2016,* chomh maith le cóiríocht agus saincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta. Thuairiscigh Foghrúpaí a bunaíodh chun saincheisteanna a athbhreithniú, cosúil le Straitéis Acmhainní Daonna (lena n-áirítear CBFF), Cóiríocht, Beartas TF, Cumarsáid Oifige, Sláinte agus Sábháilteacht agus Beartais Ghlasa, don Choiste i rith na bliana.

## <u>Cuspóir 2</u>

**Creatlach na Bainistíochta Faisnéise (MIF)**

Ba é an fócas a bhí ag an Oifig i rith 2007 a thuilleadh leabaithe agus cuir i bhfeidhm a dhéanamh ar Phlean Tionscadail MIF na nOifigí. Lean Bord an Tionscadail MIF orthu ag

déanamh monatóireachta ar cur i bhfeidhm Plean an Tionscadail agus tacaíocht acu ó Fho-Ghrúpa. Faoi threoir an Bhoird, rinneadh obair chun forbairt bhreise a dhéanamh ar fheidmiúlacht an Chórais Bhainistíochta Airgeadais agus forbairt na dtuarascálacha bainistíochta laistigh den chóras ACME. Forbraíodh Táscairí Feidmíochta cuimsitheacha cáilíochtúla agus cáinníochtúla agus cuireadh i bhfeidhm iad i gcomhthéacs bhailchríoch an *Ráitis Straitéise 2008 – 2010,* arna chur faoi bhráid an Ard-Aighne i mí na Nollag, 2007. Rinne na hOifigí dul chun cinn suntasach maidir le forbairt a dhéanamh ar an nasc idir an Chórais nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead agus an Córas Bainistithe Airgeadais. Cabhróidh an córas seo, nuair a chuirfear i bhfeidhm go hiomlán é in 2008, chun tosaíochtaí nua a aithint, idir thosaíochtaí airgeadais agus neamhairgeadais, agus na riachtanais maidir le riachtanais tuairiscithe faisnéise faoi bhainistíocht chostála, i gcás inar leanadh le hobair.

Tugadh faoi níos mó oibre i rith na bliana chun cur le Tuarascálacha Bainistíochta agus Costála agus cuireadh iad sin ar fáil do Chomhchoiste Comhairleach Bainistíochta Oifig Shráid Mhuirfean /CSSO agus don lucht bainistíochta sinsearach. Déanann an fhaisnéis seo éascaíocht cheana féin d'fheasacht chostais níos mó i measc na ndaoine siúd atá freagrach as leithdháileadh acmhainní.

I mí Mhárta, 2007 chuir na hOifigí Ráitis Aschuir Bhliantúil ar leithligh faoi bhráid na Dála le breathnú i gcomhthéacs an phróisis Mheastacháin. Forbraíodh samhail um Pleanáil Gnó Leithdháilte Acmhainní agus Tomhas Feidhmíochta i rith na bliana chomh maith.

**Córas Bainistíochta Airgeadais**

Lean na hOifigí ar aghaidh ag déanamh a thuilleadh forbartha agus leabaithe ar Chóras Bainistíochta Airgeadais Agresso i rith 2007. Ar na forbairtí sonracha, áiríodh feidhmiú céimneach íocaíochtaí EFT/IFT/ROS, feidhmiúlacht an Bhainisteora Sonraisc chun cuíchóiriú leanúnach an phróisis ceannach le híoc a dheimhniú, úsáid chuimsitheach na feidhmiúlachta caiteachas i gcomparáid le meastachán buiséid agus feidhmiú céimneach an Mhodúil Rianaithe Sócmhainní chun éascaíocht a dhéanamh do shócmhainní na hOifige.

**Tuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chuntasacht na nArdrúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey)**

Choimeád na hOifigí rialuithe inmheánacha airgeadais faoi athbhreithniú i rith 2007, a ndearnadh athbrhreithniú ar ghnéithe díobh chomh maith i gcomhthéacs iniúchtaí sonracha inmheánacha.

Rinne Coiste Bainistíochta Riosca na nOifigí athbhreithniú ar straitéis bainistíochta riosca na nOifigí, lena n-áirítear, an beartas um bainistíocht riosca, clár riosca corparáide agus cláir riosca do thaobhanna dlí agus riaracháin an dá Oifig. Rinne Ceannairí Grúpaí dlí agus Aonad Gnó athbhreithniú ar chláir riosca de réir an bheartais um bainistíocht riosca, agus chuir siad ráitis dearbhúcháin faoi bhráid an Rúnaí leis an bPríomh-MAC i mí Iúil, 2007. Rinneadh athbhreithniú ar Phleananna Gnó in Oifig Shráid Mhuirfean chun an beartas um bainistíocht riosca a thabhairt san áireamh. Cheap na hOifigí comhairleacha seachtracha chun seirbhísí Comhairliúcháin Leanúnachais Ghnó a sholáthar ar fud an dá Oifig agus bhí an tionscadal á thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana.

**An Coiste Iniúchóireachta**

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta, ar a bhfuil triúr pearsanra seachtrach agus ionadaí ó gach Oifig, le chéile **4** huaire i rith 2006. I measc na n-ábhar ar pléadh leo, rinneadh na Tuarascálacha Iniúchóireachta seo a leanas, a gcuirtear síos orthu sa Chlár um Iniúchóireacht Inmheánach do 2007, a bhreathnú agus a athbhreithniú:

- Imscrúdú ar Sholáthar in Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.
- Imscrúdú ar Phá d'Aturnaetha Stáit Áitiúla in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.
- Athbhreithniú ar Rialuithe i mBainisteoir Sonraisc in Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.
- Imscrúdú ar Phárolla in Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.
- Imscrúdú ar Chomhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas in Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

- Imscrúdú ar Íoc Taillí Abhcóidí in Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

- Imscrúdú ar Chomhlíonadh tascanna míosúla maidir leis an Mórleabhar Ginearálta in Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Rinneadh dhá athrú maidir leis an duine a bhí ag obair i bpost an iniúchóra inmheánaigh i rith na bliana agus bhí tionchar aige sin ar chríochnú an chláir um iniúchadh inmheánach. Ina ainneoin sin, críochnaíodh 4 cinn de na hiniúchtaí a liostaítear thuas de réir an spriochdáta faoi dheireadh 2007.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú chomh maith ar fhorbairtí sna tionscadail MIF agus ACME agus straitéis bainistíochta riosca na nOifigí.

**Plean um Athbhreithniú ar Luach ar Airgead agus Beartas**

Rinne na hOifigí dul chun cinn suntasach i rith 2007 maidir le hAthbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus Beartas a thabhairt chun críche. Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar Luach ar Airgead Oifig Shráid Mhuirfean /CSSO le chéile agus Athbhreithniú Beartais ar Riaradh Scéim an Ard-Aighne agus cuireadh an dréacht-tuarascáil faoi bhráid an Ard-Stiúrthóra agus an Phríomh-Aturnae Stáit ag deireadh 2007 le breathnú a dhéanamh uirthi. Foilsíodh an tAthbhreithniú a rinne Oifig Shráid Mhuirfean ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí i mí na Nollag, 2007.

Cuireadh an Dréacht-Tuarascáil um Athbhreithniú ar Chothabháil Leabhar Reachtanna Leictreonach na hÉireann (eISB) faoi bhráid an Ard-Stiúrthóra agus an Phríomh-Dhréachtóra Pharaliminte ag deireadh 2007 le breathnú a dhéanamh.

Cuireadh Tuarascálacha eatramhacha um Athbhreithnithe ar Sheirbhísí Gearrscríobhaithe agus Gnóthú Costas sa CSSO i láthair an Choiste Chomhairligh Bhainistíochta ag deireadh 2007. Meastar go gcríochnofar an dá Athbhreithniú faoi lár 2008.

**Íocaíochtaí Úis faoi Reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas**

Níor tabhaíodh aon íocaíochtaí úis pionóis in Oifig Shráid Mhuirfean i rith 2007.

Tabhaíodh suim iomlán €13,868 sa CSSO, in ús pionóis i rith na bliana faoi reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas.

Féach **Iarscríbhinn E** chun breathnú ar Thuarascálacha na nOifigí um Chleachtais Íocaíochta do 2007.

## Cuspóir 3

### An Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME)

Tugadh feidhmiú céimneach iomlán an Chórais Nua Bhainistíochta Cásanna agus Taifead faoi mhí Aibreáin 2007 chuig na húsáideoirí dlí go léir le haghaidh gach comhad nua ar fud an dá Oifig. Ar na réimsí nua a áiríodh san fheidhmiú céimneach deiridh, bhí Athbhreithniú Breithiúnach (& Pleanáil), Cúiteamh an Gharda Síochána, Eiseachadaí, Barántais Ghabhála Eorpacha agus Aistriú Daoine faoi Phianbhreith, Bille Sibhialta agus Toghairm. Dá réir sin, cruthaíodh gach comhad dlí nua don dá Oifig ar ACME ó mhí Bhealtaine i leith.

Díríodh béim níos déine ar oiliúint úsaideora ó mhí Aibreáin 2007 i leith, maidir le húsáid an chórais agus sholáthair baill foirne ón Deasc Cabhrach tacaíocht leanúnach d'úsáideoirí go léir an chórais.

### An Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna(HRMS)

Déantar cur síos thuas ar an dul chun cinn a gnóthaíodh maidir le cur i bhfeidhm an HRMS i gCuspóir 1 den Chaibidil seo.

Rinne Oifig Shráid Mhuirfean agus Aonaid TF CSSO dul chun cinn suntasach i rith 2007 maidir le tionscadal a chur i bhfeidhm chun Seirbhísí Bainistíochta Leanúnachais Ghnó a sholáthar don Oifig. Cinnteoidh seachadadh na seirbhísí sin amach anseo go mbeidh ar cumas na hOifig leanúint ar aghaidh chun seirbhísí croílárnacha gnó a sholáthar do chliaint i gcás ina mbeadh bagairt phoitéinsiúil ar sheachadadh na seirbhísí. Bhí roinnt mhaith Dréachtphleananna Téarnaimh athbhreithnithe faoi dheireadh 2007 ag Ceannairí Grúpa agus Aonaid Ghnó agus cuireadh ar ais chuig na comhairleacha seachtracha iad le tabhairt chun críche.

Ina theannta sin, rinne Aonad TF Oifig Shráid Mhuirfean athfhorbairt ar Idirlíon na hOifige a cuireadh i bhfeidhm go beo ag tús mhí na Nollaig, 2007.

**Córais TF tugtha de réir riachtanais ghnó, straitéise agus oibriúcháin na nOifigí**

Rinne na hAonaid TF in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO athbhreithniú rialta ar chrua-earraí, ar bhogearraí agus ar bhonneagar i rith 2007 chun cinntiú go bhfuil sé ag comhlánú riachtanais na nOifigí.

**Forbairt an Inlín in CSSO**

Mar chuid d'fhorbairt inlíon an CSSO i rith 2007, cruthaíodh leathanaigh html agus aistríodh na doiciméid oifige ábhartha go léir ó Bhord Fógraí Inmheánacha an CSSO in *Lotus Notes*. Áiríodh orthu sin, aistriú foirmeacha CBFF, doiciméid bheartas na hOifige agus foirmeacha agus faisnéis Acmhainní Daonna.

Áiríodh ar an bhforbairt, socrú na nasc chuig acmhainní inmheánacha, cosúil le heolairí teileafóin an CSSO agus AGO, Bileoga pá ar líne agus *VisionTime*, chomh maith le naisc chuig láithreáin ghréasáin sheachtracha ábhartha eile.

Tá Inlíon an CSSO le feidhmiú go céimneach d'úsáideoirí i mí Mhárta 2008.

## Cuspóir 4

**Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta *I dTreo 2016***

Bhí na hOifigí tiomanta go hiomlán i gcónaí i rith 2007 do na forálacha ábhartha den chlár *I dTreo 2016* a chur i bhfeidhm. I mí Mhárta agus mí na Nollag 2007, chuir Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit an Dara agus an Tríú Tuarascáil um Dhul Chun Cinn faoi seach isteach maidir le Plean Gníomhaíochta Athbhreithnithe an dá Oifig um Nuachóiriú faoi *I dTreo 2016.* Ar bhonn na dTuarascálacha sin um Dhul Chun Cinn, bheartaigh an CSPVG go raibh foireann an dá Oifig agus an Choimisiúin um Athchóiriú ar an Dlí cáilithe d'íocaíocht na mbreisithe pá a bhí dlite i rith na bliana sin. Foilsíodh na Tuarascálacha um Dhul Chun Cinn ar láithreán gréasáin na hOifige.

**Tionscnamh lárnach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas na Cairte Custaiméirí**

Ghlac na hOifigí páirt in athbhreithniú ar phróiseas na Cairte Custaiméirí ag tús 2007, ar tosaíodh ag an leibhéal lárnach é.

**Painéal Cliant agus Custaiméirí agus Cruinnithe Athbhreithnithe**

Reáchtáil Grúpaí Comhairleacha agus Aonaid Riaracháin Gnó cruinnithe rialta athbhreithnithe i rith 2007 le Ranna agus Oifigí Cliaint in Oifig Shráid Mhuirfean chun saincheisteanna oibre agus seachadta seirbhíse a phlé.

I mí Mheán Fómhair 2007, reáchtáil Oifig Shráid Mhuirfean cruinniú iaroibre ionadaí Phainéal Client agus Custaiméirí na gcliant agus na gcustaiméirí Comhairleacha agus Riaracháin faoi seach. Chuir an cruinniú, a ndearna comhairleach seachtrach éascaíocht dó, deis ar fáil do chliaint agus custaiméirí chun aiseolas a thabhairt maidir le saincheisteanna seachadta seirbhíse. Leag Tuarascáil an chruinnithe béim ar aiseolas fíordhearfach ó chliaint agus custaiméirí agus úsáideadh í chun bonn eolais a chur ar fáil d'fhorbairt na gceistneoirí le heisiúint do chliaint agus custaiméirí i gcomhthéacs an iarshuirbhé leictreonach-bhunaithe cliant agus custaiméirí ar na taobhanna Comhairleacha agus Riaracháin atá le tabhairt chun críche ag tús 2008.

**Acht na dTeangacha Oifigiúla**

Cheadaigh an Roinn ábhartha Comhscéim AGO/CSSO ag tús mhí an Mheithimh 2007 chun forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i bhfeidhm agus an 20 Meitheamh 2007 mar dháta tosaithe don Scéim. Foilsíodh leaganacha Gaeilge agus Béarla den Scéim faoi dheireadh mhí Iúil 2008. D'ullmhaigh na hOifigí Plean Gníomhaíochta chun éascaíocht a dhéanamh do mhonatóireacht ar chur i bhfeidhm na Scéime.

Leagann an Scéim, a chlúdaíonn tréimhse trí bliana ón dáta tosaithe, tiomantais na hOifige amach do sheirbhísí áirithe a sholáthar trí mheán na Gaeilge, as Béarla agus trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla agus na bearta atá le glacadh chun a chinntiú go soláthrófar aon tseirbhís nach gcuireann an Oifig ar fáil trí mheán na Gaeilge laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

Is iad na Coistí áitiúla Comhairleacha Bainistíochta agus Comh-Phríomhchoiste Comhairleach Bainistíochta AGO/CSSO laistigh de na hOifigí a bheidh freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim.

**Foilseacháin**

I mí na Bealtaine 2007, chuir an Oifig an Tuarascáil Bhliantúil do 2006 faoi bhráid an Rialtais le ceadú. Tugadh an Tuarascáil os comhair Thithe an Oireachtais ina dhiaidh sin agus cuireadh an leagan Béarla ar láithreán gréasáin na hOifige faoi lár mhí an Mheithimh 2007. Áiríodh ar an Tuarascáil, forbairtí i rith na bliana agus dul chun cinn a gnóthaíodh maidir le cur i bhfeidhm an *Ráitis Straitéise* 2006 – 2008 agus *Threoir Seirbhíse Client Oifig Shráid Mhuirfean 2005 – 2007* agus *Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí CSSO 2005 – 2007.*

De réir mar a léirítear i gCaibidil 3 den Tuarascáil seo, thug an Oifig forbairt Ráitis Straitéise nua don tréimhse 2008 – 2010 chun críche i mí na Nollag 2007.

**Comhlíonadh Riachtanas Riaracháin**

Thug an Oifig faoi athbhreithniú ar an Tuarascáil Iniúchóireachta um Chomhlíonadh in Oifig Shráid Mhuirfean agus i CSSO leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, na hAchtanna um Chosaint Sonraí, an tAcht um Chartlann Náisiúnta agus reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta. Fuarthas amach ón tuarascáil go raibh na socruithe reatha sa dá Oifig sásúil den chuid is mó i rith na bliana.

**Láithreán Gréasáin**

Lean na hAonaid TF in Oifig Shráid Mhuirfean agus in CSSO ar aghaidh ag bainistiú cur i láthair agus dearadh an láithreáin gréasáin i rith na bliana chomh maith le foilsiú ábhar ar láithreán gréasáin na nOifigí. Is acmhainn thábhachtach agus gléas tagartha anois é ag custaiméirí, cliaint agus ag an bpobal i gcoitinne. Cuirtear Rochtain ar fáil ar m.sh. Leabhar Reachtanna na hÉireann, *I dTreo 2016,* Pleananna Athbhreithnithe Gníomhaíochta agus um Dhul Chun Cinn, nósanna imeachta a bhaineann le habhcóidí seachtracha a fhostú agus foilseacháin na nOifigí.

I mí Dheireadh Fómhair 2007, thionóil Oifig Shráid Mhuirfean cruinniú Ghrúpa nuabhunaithe Athbhreithnithe Idirlín/Inlín na nOifigí. Chomhaontaigh an Grúpa trí phríomhchuspóir: 1) Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ábhar gach Aonaid Ghnó ar an Idirlíon agus an

Inlíon, 2) Comhaontú ar phróiseas do gach Aonad Gnó chun ábhair nua agus leasuithe don ábhar reatha a fhaomhadh agus 3) Comhaontú ar phróiseas chun ábhar nua agus leasaithe a chur ar aghaidh chuig an Aonad TF le cur ar an Idirlíon agus an Inlín de réir mar is cuí.

## Cuspóir 5

Ba é fócas Oifig Shráid Mhuirfean agus agus Aonaid Leabharlainne agus Fios Gnó CSSO, i rith 2007, seachadadh seirbhísí ardchaighdeáin faisnéis dlí, taighde agus fios gnó chuig baill foirne sa dá Oifig. Chuir na hAonaid seirbhísí ar fáil freisin d'Abhcóidí Comhairleacha a cuireadh ar iasacht chuig Ranna Rialtais, d'aturnaetha stáit a sannadh do na Binsí Fiosrúcháin éagsúla, don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla agus d'Aturnaetha Áitiúla Stáit.

Ar roinnt de na seirbhísí tábhachtacha a chuir na hAonaid ar fáil, áiríodh: iLink (catalóg leabharlainne ar líne), catalógú, rangú agus coimriú a dhéanamh ar ábhair dhlíthiúla, rochtain ar bhailiúchán mór dlí i bhformáid chruachóipe agus leictreonach araon, bunachar fios gnó dlí, seirbhísí faisnéise/taighde dlí, oiliúint i scileanna faisnéise, seirbhísí feasachta reatha, léamh profaí reachtaíochta agus rochtain ar leabharlanna seachtracha agus seirbhísí faisnéise seachtracha.

**Bainistíocht Eolais**

Lean an dá Aonad ar aghaidh ag cur cultúr comhroinnte eolais chun cinn i rith na bliana, laistigh de na hOifigí féin agus idir eatarthu. Chomhroinn baill foirne dlí sa dá Oifig eolas a bhí acu ar ábhair ábhartha shuime trí mheán na gcruinnithe um shaincheisteanna dlí. D'fhoilsigh an dá Aonad cúig eagrán de na Bullaitíní Dlí agus ECHR i rith na bliana.

I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Straitéis Bainistíochta Eolais na nOifigí, bunaíodh Coiste Bainistíochta Eolais i mí Iúil 2007, a raibh ionadaithe foirne ón AGO agus CSSO mar chomhaltaí air. Áiríodh ar na príomhfhorbairtí, ceistneoir mór a scaipeadh ar bhaill foirne AGO agus CSSO maidir le moltaí na Straitéise Bainistíochta Eolais 2003-2005. Ba í aidhm an cheistneora aiseolas a bhailiú ón bhfoireann a chabhróidh leis an gCoiste chun aon Straitéis nua Bainistíochta Eolais a dhréachtú don Oifig. Cuireadh tuarascáil maidir le torthaí an cheistneora faoi bhráid an Choiste Bainistíochta Eolais i mí na Samhna 2007.

Rinne na hAonaid dul chun cinn chomh maith maidir le forbairt na feidhme fios gnó amach anseo de réir phríomhmholadh na Straitéise Bainistíochta Eolais. Bhunaigh na hOifigí Foghrúpa de chuid an Choiste Bhainistíochta Eolais chun athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais úsáideoirí agus dul chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm feidhme fios gnó. Ag deireadh 2007 d'aithin an foghrúpa cur i bhfeidhm réitigh um dhoiciméid a mharcáil agus a sheoladh ar an gCóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME) le próifíliú a dhéanmh ar an bhfeidhm reatha fios gnó mar shaincheist tosaíochta agus chuir sé moltaí ina leith sin faoi bhráid Choiste Stiúrtha uileghabhálach TF na nOifigí i mí na Nollag 2007.

**Seirbhísí feabhsaithe faisnéise agus taighde dlí**

Lean an dá Aonad ag soláthar seirbhísí taighde dlí don fhoireann go léir i rith 2007. Chuir Taighdeoirí Dlí in Oifig Shráid Mhuirfean tacaíocht taighde dlí agus fios gnó ar fáil do Ghrúpaí ar Leith de chuid na nAbhcóidí Comhairleacha agus na nAbhcóidí Parlaiminte mar thacú leis an speisialtóireacht leanúnach dlí laistigh den Oifig. D'fhreastail siad chomh maith ar chruinnithe grúpa dlí nuair a bhí sé sin indéanta, d'fhonn cur lena gcuid eolais faoi shaincheisteanna dlí lenar bhain suim don Oifig.

Rinne na hAonaid dul chun cinn chomh maith i rith 2007 maidir le cur i bhfeidhm príomhstraitéisí eile a leagtar amach sa *Ráiteas Straitéise 2006 – 2008.* I mí Aibreáin 2007, sheol na hAonaid Céim 1 de thionscadal na ríomhiriseán chun na nithe seo a leanas a chur ar fáil d'úsaideoirí sa dá Oifig:

- Rochtain leictreonach ar raon iriseán i leabharlanna AGO, CSSO agus ODPP, ón deasc
- Cuardach téacs iomláin ar na hiriseáin sin
- Téacs iomlán, coimrithe agus tábla ábhar na n-iriseán

Cuireadh taispeántais agus seisiúin oiliúna maidir le húsáid an chomhéadain ríomhiriseán ar fáil do bhaill foirne sa dá Oifig.

Lean an dá Aonad ar aghaidh ag soláthar oiliúna i rith na bliana do bhaill foirne dlí maidir le feidhmchláir leabharlainne agus bunachair sonraí faisnéise dlí. Leagadh béim ar sheisiúin chomhoiriúnaithe aonair a sholáthar don fhoireann. Cuireadh oiliúint ionduchtúcháin duine ar dhuine ar fáil chomh maith maidir le hacmhainní leictreonacha do bhaill foirne.

## Iarscríbhinn A

## Billí Rialtais a Foilsíodh i rith 2007

| Uimh. | Teideal an Bhille |
|---|---|
| 1. | Bille na Lia-Chleachtóirí 2007 |
| 2 | An Bille Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 |
| 3 | An Bille Fíneálacha 2007 |
| 4 | An Bille um Athchóiriú ar an Dlí Reachtúil 2007 |
| 5 | An Bille um Chosaint Tomhaltóirí 2007 |
| 6 | An Bille Airgeadais 2007 |
| 7 | An Bille um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007 |
| 8 | Bille na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte (Leasú) 2007 |
| 9 | An Bille chun Onnmhairí a Rialú 2007 |
| 10 | An Bille Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007 |
| 11 | An Bille um an Ochtú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2007 |
| 12 | An Bille Árachais Sláinte (Leasú) 2007 |
| 13 | An Bille um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne (Leasú) 2007 |
| 14 | An Bille Toghcháin (Leasú) 2007 |
| 15 | Bille na mBóithre 2007 |
| 16. | An Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú) 2007 |
| 17 | An Bille Cógaisíochta 2007 |
| 18 | An Bille um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara) 2007 |
| 19 | An Bille um Cheartas Coiriúil 2007 |
| 20 | An Bille um Eitic in Oifigí Poiblí (Leasú) 2007 |
| 21 | An Bille Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2007 |

22 Bille na bPasanna 2007

23 An Bille Carthanas 2007

24 An Bille Cróinéirí 2007

25 An Bille um Margaí in Ionstraimí Airgeadais agus Forálacha Ilghnéitheacha 2007

26 An Bille um Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007

27 An Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint 2007

28 An Bille um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2007

29 An Bille Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2007

30 An Bille Airgeadais (Uimh. 2) 2007

31 An Bille Airí agus Rúnaithe (Airí Stáit) 2007

32 An Bille um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2007

33 An Bille um Nós Imeachta Coiriúil (Leasú) 2007

34 An Bille Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007

35. Bille na nDlí-Chleachtóirí (An Ghaeilge) 2007

36 An Bille Leasa Shóisialaigh 2007

37 An Bille Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007

38 An Bille Leithreasa 2007

# Iarscríbhinn B

## Bille Poiblí a Achtaíodh in 2007

| Uimh. | TEIDEAL |
|---|---|
| 1 | An tAcht Sláinte (Tithe Banaltrais) (Leasú) 2007 |
| 2 | An tAcht um Fhaisnéis do Shaoránaigh 2007 |
| 3 | An tAcht Árachais Sláinte (Leasú) 2007 |
| 4 | Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte (Leasú) 2007 |
| 5 | An tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (Margadh Leictreachais Aonair) 2007 |
| 6 | An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú) 2007 |
| 7 | An tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 |
| 8 | An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007 |
| 9 | An Bille Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 |
| 10 | Acht na bPríosún 2007 |
| 11 | An tAcht Airgeadais 2007 |
| 12 | An tAcht um an gCiste Carbóin 2007 |
| 13 | An tAcht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne (Leasú) 2007 |
| 14 | An tAcht Toghcháin (Leasú) 2007 |
| 15 | An tAcht Craolacháin (Leasú) 2007 |
| 16 | An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú) 2007 |
| 17 | Acht Iascaigh an Fheabhail agus Chairlinn 2007 |
| 18 | Acht na gComhphobal Eorpach 2007 |
| 19 | An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 |
| 20 | An tAcht Cógaisíochta 2007 |
| 21 | An tAcht um Rialú Foirgníochta 2007 |
| 22 | An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007 |
| 23 | An tAcht Sláinte 2007 |
| 24 | An tAcht Cosanta (Leasú) 2007 |
| 25 | Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 |
| 26 | An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú) 2007 |
| 27 | An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara) 2007 |
| 28 | An tAcht um Athchóiriú ar an Dlí Reachtúil 2007 |
| 29 | An tAcht um Cheartas Coiriúil 2007 |
| 30 | An tAcht um Sheirbhísí Uisce 2007 |
| 31 | An tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 2007 |
| 32 | An tAcht um Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 |
| 33 | An tAcht Airí agus Rúnaithe (Airí Stáit) 2007 |
| 34 | Acht na mBóithre 2007 |

35 An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2007

36 An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil (Leasú) 2007

37 An tAcht um Margaí in Ionstraimí Airgeadais agus Forálacha Ilghnéitheacha 2007

38 An Bille Rialtais Áitiúil (Feidhmeanna Bóithre) 2007

39 An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2007

40 An tAcht Leasa Shóisialaigh *2007*

41 An tAcht Leithreasa 2007

42 An tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007

## Iarscríbhinn C

## Oifig an Ard-Aighne

## Vóta 3, Oifig Shráid Mhuirfean

### Toradh do 2007agus Meastachán do 2008

Toradh do 2007 agus Meastacháin ar an tsuim a mbeidh gá léi sa bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2008, i gcomhair tuarastail agus speansas in **Oifig an Ard-Aighne**, lena n-áirítear deontas i gcabhair.

| | **Seirbhís**<br>**RIARACHÁN** | **Meastachán Soláthair 2007 €000** | **Toradh Sealadach 2007 €000** | **Meastachán Soláthair 2008 €000** |
|---|---|---|---|---|
| A.1. | TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS | 9,971 | 9,255 | 11,180 |
| A.2. | TAISTEAL AGUS COTHÚ | 255 | 215 | 284 |
| A.3. | SPEANSAIS THEAGMHASACHA | 1,025 | 916 | 1,030 |
| A.4. | SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE | 199 | 130 | 208 |
| A.5. | INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ EILE OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ BAINTEACHA | 1,284 | 783 | 1,031 |
| A.6. | SPEANSAIS ÁITRIBH OIFIGE | 350 | 207 | 313 |
| A.7. | SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHTA | 190 | 95 | 75 |
| A.8. | ATHBHREITHNITHE LUACH AR AIRGEAD AGUS BEARTAIS | 60 | 43 | 60 |
| A.9. | SAINEOLAITHE DLÍ AR CONRADH | 885 | 915 | 1,100 |
| | **FO-IOMLÁN** | **14,219** | **12,559** | **15,281** |
| | **SEIRBHÍSÍ EILE** | | | |
| B. | RANNÍOCAÍOCHTAÍ LE hEAGRAÍOCHTAÍ | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | IDIRNÁISIÚNTA | 35 | 34 | 36 |
| C. | AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ (DEONTAS I gCABHAIR) | 4,910 | 3,567 | 4,162 |
| D. | SPEANSAIS GHINEARÁLTA DLÍ | 64 | 20 | 80 |
| | **Oll-Iomlán** | **19,228** | **16,180** | **19,559** |
| | **Asbhain** | | | |
| E. | LEITHREASUITHE I gCABHAIR | 8 | 38 | 8 |
| | **Iomlán Glan** | **19,220** | **16,142** | **19,551** |

## Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## <u>Vóta 13</u>

### Toradh do 2007 agus Meastachán do 2008

Toradh do 2007 agus Meastacháin ar an tsuim a mbeidh gá léi sa bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2008, i gcomhair tuarastail agus speansas in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**.**

| | **Seirbhís**<br><br>**RIARACHÁN** | **Meastachán Soláthair 2007 €000** | **Toradh Sealadach 2007 €000** | **Meastachán Soláthair 2008 €000** |
|---|---|---|---|---|
| A.1. | TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS | 15,495 | 13,910 | 16,124 |
| A.2. | TAISTEAL AGUS COTHÚ | 220 | 248 | 227 |
| A.3. | SPEANSAIS THEAGMHASACHA | 2,161 | 1,366 | 1,467 |
| A.4. | SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE | 547 | 418 | 566 |
| A.5. | INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ EILE OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ BAINTEACHA | 1,412 | 988 | 1,248 |
| A.6. | SPEANSAIS ÁITRIBH OIFIGE | 469 | 242 | 1,089 |
| A.7. | SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHTA | 207 | 248 | 121 |
| A.8. | ATHBHREITHNITHE LUACH AR AIRGEAD AGUS BEARTAIS | 11,800 | - | - |
| | | - | 11,300 | 487 |
| A.9. | SAINEOLAITHE DLÍ AR CONRADH | 57 | 33 | 66 |
| | **FO-IOMLÁN** | **32,368** | **28,753** | **21,395** |

**SEIRBHÍSÍ EILE**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| B. | TÁILLÍ D'ABHCÓIDÍ | 13,559 | 15,118 | 15,888 |
| C. | SPEANSAIS GHINEARÁLTA DLÍ | 4,500 | 4,758 | 4,500 |
| | **Oll-Iomlán** | **50,427** | **48,629** | **41,783** |
| | **Asbhain** | | | |
| D. | LEITHREASUITHE I gCABHAIR | 270 | 1,142 | 500 |
| | **Iomlán Glan** | **50,157** | **47,487** | **41,283** |

**(a) Aistríodh an fhreagracht as príomhchuid na feidhme seo (a raibh an tSeirbhís Áitiúil Aturnae Stáit mar theideal uirthi roimhe seo) chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.**

**Iarscríbhinn D**

# Vóta 3

# Oifig an Ard-Aighne

# Ráiteas Aschuir 2007

# 1. Ráiteas Misin

*Is é Misean na hOifige an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, Ranna agus Oifigí.*

# 2. Spriocanna Ardleibhéil:

Glacann an Ráiteas Aschuir Vóta na hOifige san áireamh faoi thrí Chlár:

- An tSeirbhís Chomhairleach a sholáthraíonn comhairle dlí agus a stiúireann straitéis dlithíochta do chliaint.
- Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte leis an Rialtas (OPC) a sholáthraíonn seirbhís dréachtaithe reachtaíochta don Rialtas.
- An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (LRC), comhlacht neamhspleách a mhaoinítear trí Chabhair i nDeontas ón Vóta, a choimeádann an dlí faoi athbhreithniú.

Is iad seo a leanas na spriocanna ardleibhéil do gach ceann de na Cláir sin:

***Clár Comhairleach***
Tacaíocht agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne maidir le dualgais a oifige a chomhlíonadh agus sainseirbhísí Abhchóidí Comhairleacha a sholáthar i réimsí dlí lena mbaineann tábhacht don Rialtas agus freagrúlacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht á léiriú.

***Clár Parlaiminte***
Seirbhís ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

***Riarachán***
Tá sprioc ardleibhéil ag rannóga Riaracháin na hOifige chomh maith chun seirbhísí tacaíochta nua-aimseartha gairmiúla corparáideacha agus gnó a sholáthar don tSeirbhís Chomhairleach agus d'Oifig na nAbhcóidí Paraliminte, chomh maith le cliaint agus custaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

***Clár an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí***
An dlí a choimeád faoi athbhreithniú neamhspleách, neamhchlaonta agus saineolach, agus moltaí a dhéanamh do leasú, faoi Chlár Athbhreithnithe Dlí agus mar thoradh ar iarratais shonracha ón Ard-Aighne; chun Athráitis Dlí Reachtúil (ó 2007); agus chun Tábla Croineolaíoch na Reachtanna (ó 2007) a chothabháil.

## 3. Buiséad Iomlán de réir Foinse Mhaoinithe

| | Meastachán 2006 €000 | Toradh 2006 €000 | Meastachán 2007 €000 | % Athraithe ar Thoradh |
|---|---|---|---|---|
| Speansais Vótáilte | 15,207 | 14,221 | 19,228 | 35 |
| Cistí LRC Neamhvótáilte | 4 | 89 | 47 | -47 |
| Ollchaiteachas Iomlán | 15,211 | 14,310 | 19,275 | 35 |
| Leithreasuithe i gCabhair | -8 | -54 | -8 | -85 |
| Caiteachas Glan | **15,203** | **14,256** | **19,267** | **35** |

Tháinig na Leithreasuithe i gCabhair go príomha ó aisíocaíocht ag tús 2006, ó thuarastal a íocadh ag deireadh 2005 le hAbhcóide Parlaiminte Cúnta atá ar iasacht in eagraíocht eile.

## 4. Tuairisciú ar Tháscairí Feidhmíochta

Déanann an Oifig bainistíocht ar a feidhmíocht mar seo a leanas:

- Príomhtháscairí Feidhmíochta a liostaítear ina Ráiteas Straitéise.
- Na Pleananna Grúpa aonair/Aonaid Ghnó.
- Na Foirmeacha aonair um Próifíl Róil Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta.
- Tuarascálacha Airgeadais Míosúla don Choiste Comhairleach Bainistíochta.
- Tuarascálacha Tionscadail don Choiste Comhairleach Bainistíochta agus Grúpaí ábhartha Stádais Tionscadail.
- Tuarascáil Bhliantúil na hOifige
- Pleananna Gníomhaíochta agus Tuarascálacha um Dhul Chun Cinn de chuid na hOifige curtha faoi bhráid Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse.

Déanann an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí bainistíocht ar a feidhmíocht mar seo a leanas:

- Príomhtháscairí Feidhmíochta a liostaítear ina Ráiteas Straitéise.
- Na Foirmeacha aonair um Próifíl Róil Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta.
- Tuarascálacha Airgeadais Tréimhsiúla don Choiste Comhairleach Bainistíochta.
- Tuarascálacha Ráithe Plean Gnó don Choimisiún agus don Choiste Bainistíochta.
- Clúdaíonn Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin athbhreithniú iomlán ar na gníomhaíochtaí, lena n-áirítear:
    - Clár um Athchóiriú ar an Dlí agus iarratais ón Ard-Aighne;
    - Athráiteas Dlí Reachtúil (ó 2007); agus
    - Táblaí Croineolaíocha na Reachtanna (ó 2007).
- Ar na Pleananna Gníomhaíochta agus Tuarascálacha um Dhul Chun Cinn de chuid na hOifige curtha faoi bhráid Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse, áirítear gníomhaíochtaí an Choimisiúin um Athchóiriú ar an Dlí agus tuarascálacha um dhul chun cinn.

## 5. Miondealú ar Ollchaiteachas Iomlán ag an gClár

**Clár 1 – Comhairle Dlí.**
Is Clár é seo a dhéanann soláthar sainseirbhísí dlí a sheachadadh i ngach réimse dlí lena mbaineann tábhacht mhór don Rialtas, Ranna agus Oifigí.

| | Meastachán 2006 €000 | Toradh 2006 €000 | Meastachán 2007 €000 | % Athraithe ar Thoradh |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas an Chláir | 3,648 | 3,375 | 3,968 | 18 |
| Riarachán an Chláir | 778 | 720 | 846 | 18 |
| Caiteachas Tacaíochta | 2,665 | 2,466 | 2,899 | 18 |
| Ollchaiteachas an Chláir | 7,091 | 6,561 | 7,713 | 18 |
| Leithreasuithe i gCabhair | -5 | -10 | -5 | -50 |
| Caiteachas Glan an Chláir | **7,086** | **6,551** | **7,708** | **18** |

**Clár 2 – Seirbhís Dréachtaithe Reachtaíochta**
Is é an Clár seo a dhéanann seirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sheachadadh don Rialtas, dréachtaíonn sé reachtaíocht nua agus áirítear ar an obair a dhéanann sé athchóiriú agus comhdhlúthú an dlí reachtúil.

| | Meastachán 2006 | Toradh 2006 | Meastachán 2007 | % Athraithe |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas an Chláir | 3,225 | 2,974 | 3,508 | 18 |
| Riarachán an Chláir | 696 | 651 | 757 | 16 |
| Caiteachas Tacaíochta | 2,151 | 1,990 | 2,340 | 18 |
| Ollchaiteachas an Chláir | 6,072 | 5,615 | 6,605 | 18 |
| Leithreasuithe i gCabhair | -3 | -44 | -3 | -93 |
| Caiteachas Glan an Chláir | **6,069** | **5,571** | **6,602** | **18** |

**Clár 3 – An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí**
Coimeádann an Clár an dlí faoi athbhreithniú, agus é mar chuspóir é a athchóiriú, trí Chlár Athchóirithe Dlí agus iarratais shonracha ón Ard-Aighne; Athráitis Dlí Reachtúil (ó 2007) a ullmhú; agus Táblaí Croineolaíocha Reachtanna (ó 2007) a chothabháil.

| | Meastachán 2006 | Toradh 2006 | Meastachán 2007 | % Athraithe |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas an Chláir | 896 | 892 | 1,417 | 59 |
| Riarachán an Chláir | 157 | 157 | 172 | 10 |
| Caiteachas Tacaíochta | 995 | 1,085 | 3,368 | 210 |
| Ollchaiteachas an Chláir | 2,048 | 2,134 | 4,957 | 132 |
| Leithreasuithe i gCabhair | - | - | - | |
| Caiteachas Glan an Chláir | **2,048** | **2,134** | **4,957** | **132** |

## 6. Mionsonraí Cláir Aonair:

Is iad na baill foirne ghairmiúla agus tacaíochta dírí atá i gceist leis na baill foirne fostaithe a liostaítear sna mionsonraí cláir aonair, agus tá 45 ball foirne eile fostaithe i bhfeidhmeanna eile riaracháin agus tacaíochta. Cuirtear costas na mball foirne seo i gcomhréir i gCláir 1 agus 2. Bhí ochtar ball foirne fostaithe sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí in 2006 agus tá dháréag fostaithe in 2007 i bhfeidhmeanna riaracháin agus tacaíochta.

# Clár 1 – Comhairle Dlí.

**Sprioc ardleibhéil:**
Tacaíocht agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne maidir le dualgais a oifige a chomhlíonadh agus sainseirbhísí Abhcóidí Comhairleacha a sholáthar i réimsí dlí lena mbaineann tábhacht don Rialtas agus freagrúlacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht á léiriú.

**Príomhstraitéisí:**
Príomhthiomantais na hOifige ina Treoir Seirbhíse Cliant 2005 -2007 agus Cairt Chliant agus Chustaiméirí d'Abhcóidí Comhairleacha agus Riarachán a sheachadadh.

Seirbhísí dlí a chomhtháthú le OPC, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus LRC.

Páirt a ghlacadh sa phróiseas bainistíochta eolais.

| **Caiteachas an Chláir** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Meastachán 2006 €000** | **Toradh 2006 €000** | **Meastachán 2007 €000** | **% Athraithe ar Thoradh** |
| Faoi láthair | 3,648 | 3,375 | 3,968 | 18 |
| Riarachán an Chláir<br>- Pá<br>Neamhphá | <br>675<br>103 | <br>625<br>95 | <br>734<br>112 | <br>18<br>18 |
| Caiteachas Tacaíochta | 2,665 | 2,466 | 2,899 | 18 |
| Ollchaiteachas an Chláir | 7,091 | 6,561 | 7,713 | 18 |
| Leithreasuithe i gCabhair | -5 | -10 | -5 | -50 |
| Caitreachas Glan an Chláir | **7,086** | **6,551** | **7,708** | **18** |
| | | **2006** | **2007** | |
| **Líon na mball foirne a fhostaítear ar an gClár (coibhéisí am iomláin)** | | 41 | 46 | |
| **Staitisticí Aschuir** | Aschur a gnóthaíodh 2005 | Aschur a gnóthaíodh 2006 | Sprioc do 2007 | % Méadú 2006 ar 2005 |
| Iarratais Chomhairleacha a fuarthas | 1,756 | 2,239 | ** | 27 |
| Comhaid Dlíthíochta a fuarthas | 2,759 | 2,687 | **** | -3 |

**Tionscnaíonn Ranna agus Comhlachtaí Rialtais a dtacaíonn an Oifig leo na hiarratais ar chomhairle. Dá bharr sin, léirítear gnóthachtálacha na hOifige i gcomparáidí leis an mbliain roimhe sin, seachas comparáid le spriocanna.

**** Is freagairt iad comhaid dlíthíochta ar chásanna a dtugtar i gcoinne an Stát agus cinntear de réir éileamh iad.

## Clár 2 – Seirbhís Dréachtaithe Reachtaíochta.

**Sprioc Ardleibhéil:**
Seirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

**Príomhstraitéisí:**
Comhoibriú le Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chlár Reachtaíochta an Rialtais.

Dul chun cinn a dhéanamh ar oiliúint agus forbairt dréachtóirí a earcaíodh le déanaí chomh pras is féidir.

Cur leis an bpróiseas leanúnach chun rochtain níos fearr a sholáthar ar Achtanna an Oireachtais.

Páirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm Straitéis Bainistíochta Eolais.

| | **Meastachán 2006 €000** | **Toradh 2006 €000** | **Meastachán 2007 €000** | **% Athraithe ar Thoradh** |
|---|---|---|---|---|
| ***Caiteachais an Chláir*** | | | | |
| Faoi láthair | 3,225 | 2,974 | 3,508 | 18 |
| Riarachán an Chláir<br>- Pá<br>Neamhphá | <br>598<br>98 | <br>561<br>90 | <br>652<br>106 | <br>16<br>18 |
| Caiteachas Tacaíochta | 2,151 | 1,990 | 2,340 | 18 |
| Ollchaiteachas Cláir | 6,072 | 5,615 | 6,605 | 18 |
| Leithreasuithe i gCabhair | -3 | -44 | -3 | -93 |
| Caiteachas Glan an Chláir | **6,069** | **5,571** | **6,602** | **18** |
| | | **2006** | **2007** | |
| **Líon na mball foirne a fhostaítear ar an gClár (coibhéisí am iomláin)** | | **34** | **38** | |
| **Staitisticí Aschuir** | **Aschur a gnóthaíodh 2005** | **Aschur a gnóthaíodh 2006** | **Sprioc 2007** | **% Méadaithe 2006 ar 2005** |
| Billí críochnaithe go hiomlán (obair ar bun) | 28 | 43 | * | 54 |
| Billí críochnaithe go páirteach | 50 | 58 | * | 16 |
| Ionstraimí Reachtúla críochnaithe nó ar bun | 259 | 279 | * | 8 |
| Leasuithe Coiste agus Céim Tuairiscithe leis na Billí | 2,345 | 6,280 | * | 168 |

* Leagann an Rialtas amach spriocanna agus cleachtais amach i gcomhthéacs Chlár Reachtaíochta an Rialtais do gach seisiún Dála. In aon bhliain faoi leith, is iad riachtanais na Rann a dhéanann urraíocht a rialaíonn saolré dhul chun cinn na mBillí a bhfuil freagracht orthu astu. Dá bharr sin, léirítear gnóthachtálacha na hOifige i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, seachas i gcomparáid le spriocanna.

## Clár 3 – An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí.

**Sprioc Ardleibhéil:**
An dlí a choimeád faoi athbhreithniú neamhspleách, neamhchlaonta agus saineolach, agus moltaí a dhéanamh do leasú, faoi Chlár Athbhreithnithe Dlí agus mar thoradh ar iarratais shonracha ón Ard-Aighne; chun Athráitis Dlí Reachtúil (ó 2007); agus chun Tábla Croineolaíoch na Reachtanna (ó 2007) a chothabháil.

**Príomhstraitéisí:**
Imscrúdú ar réimsí áirithe an dlí a thabhairt chun críche a mhéid is féidir i gClár reatha Athchóirithe Dlí an Choimisiúin, a áiríonn dhá thionscadal mhóra taighde, ríomh-Thíolacas agus na Achtanna Cúirteanna, agus in iarratais shonracha ón Ard-Aighne.

Clár Athráitis Dlí Reachtúil a ullmhú, de réir mar a d'iarr an Rialtas (ó 2007).

Na Táblaí Croineolaíocha Reachtanna a chothabháil, de réir mar a d'iarr an tArd-Aighne (ó 2007).

Dréachtchlár nua um Athchóiriú an Dlí a fhorbairt (2007).

| | **Meastachán 2006 €000** | **Toradh 2006 €000** | **Meastachán 2007 €000** | **% Athraithe ar Thoradh** |
|---|---|---|---|---|
| ***Caiteachais an Chláir*** | | | | |
| Faoi láthair | 896 | 892 | 1,417 | 59 |
| Riarachán an Chláir<br>- Pá<br>Neamhphá | <br>150<br>7 | <br>150<br>7 | <br>165<br>7 | <br>10<br>- |
| Caiteachas Tacaíochta | 995 | 1,085 | 3,368 | 210 |
| Ollchaiteachas Cláir | 2,048 | 2,134 | 4,957 | 132 |
| Leithreasuithe i gCabhair | - | - | - | |
| Caiteachas Glan an Chláir | **2,048** | **2,134** | *****4,957** | **132** |
| | | **2006** | **2007** | |
| **Líon na mball foirne a fhostaítear ar an gClár (coibhéisí am iomláin)** | | **19** | **20** | |
| **Staitisticí Aschuir** | Sprioc 2006 | Aschur a gnóthaíodh 2006 | Sprioc 2007 | Athrú ar Thoradh a gnóthaíodh % |
| Tuarascálacha | 5 | 5 | 5 | - |
| Páipéir Chomhairliúcháin | 4 | 4 | 5 | 25 |

*** Mínítear an méadú mór ar Dheontas i gCabhair an Choimisiúin in 2007 trí mhéadú ar chostais foirne agus soláthar eisceachtúil cóiríochta do líon níos mó daoine chomh maith le soláthar a rinneadh d'obair a bhain le haistriú freagrachta chuig an gCoimisiún ó Oifig an Ard-Aighne maidir le hullmhú na nAthráiteas Rachtaíochta agus Táblaí Croineolaíocha na Reachtanna.

# Vóta 13

# Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

# Ráiteas Aschuir 2007

# 1. Ráiteas Misin

*Is é Misean na hOifige an caighdeán is airde de sheirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, Ranna agus Oifigí.*

Is éard a bhíonn i gceist le hobair an CSSO go príomha seirbhísí aturnae i saincheisteanna dlí shibhialta a sholáthar don Ard-Aighne agus do Ranna/Oifigí Rialtais.

Cuirtear an Ráiteas Aschuir i láthair in dá Chlár: an tseirbhís a chuireann an CSSO ar fáil agus maoiniú na nAturnaetha Stáit áitiúla dá n-obair thar ceann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an Ard-Aighne.

## 2. Spriocanna Ardleibhéil:

Sainseirbhís aturnae ar ardchaighdeán a sheachadadh don Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí, sna réimsí dlíthíochta, soláthar comhairle dlí agus in ábhair mhaoine agus idirbhearta.

## 3. Buiséad Iomlán de réir Foinse Mhaoinithe

| | Meastacháin 2006 €000 | Toradh 2006 €000 | Meastachán 2007 €000 | % Athraithe ar Thoradh |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas Vótáilte | 38,312 | 36,940 | 50,427 | 36 |
| Leithreasuithe i gCabhair | -270 | -521 | -270 | -48 |
| Caiteachas Glan | **38,042** | **36,419** | **50,157** | **38** |

## 4. Tuairisciú ar Tháscairí Feidhmíochta

Déanann an Oifig bainistíocht ar fheidhmíocht mar seo a leanas:

- Príomhtháscairí Feidhmíochta a liostaítear ina Ráiteas Straitéise.
- Na Pleananna Grúpa aonair/Aonaid Ghnó.
- Na Foirmeacha aonair um Próifíl Róil Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta.
- Tuarascálacha Airgeadais Míosúla don Choiste Comhairleach Bainistíochta.
- Tuarascálacha Tionscadail don Choiste Comhairleach Bainistíochta agus Grúpaí ábhartha Stádais Tionscadail.
- Tuarascáil Bhliantúil na hOifige
- Pleananna Gníomhaíochta agus Tuarascálacha um Dhul Chun Cinn de chuid na hOifige curtha faoi bhráid Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse.

# 5. Miondealú an Ollchaiteachais Iomláin ag an gClár

| **Clár 1 – Seirbhís Aturnae**<br>Seo é an Clár a dhéanann sainseirbhís aturnae ar ardchaighdeán a sheachadadh don Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí, sna réimsí dlíthíochta, soláthar comhairle dlí agus in ábhair mhaoine agus idirbhearta. | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Meastachán 2006 €000** | **Toradh 2006 €000** | **Meastachán 2007 €000** | **% Athraithe ar Thoradh** |
| Caiteachas an Chláir | 25,998 | 26,355 | 30,745 | 17 |
| Riarachán an Chláir | 1,531 | 1,554 | 1,811 | 17 |
| Caiteachas Tacaíochta | 5,134 | 5,209 | 6,071 | 17 |
| Ollchaiteachas an Chláir | 32,662 | 33,118 | 38,627 | 17 |
| Leithreasuithe i gCabhair | -270 | -521 | -270 | -48 |
| Caiteachas Glan an Chláir | **32,392** | **32,597** | **38,357** | **18** |

| **Clár 2 – Aturnaetha Stáit Áitiúla**<br>Seo é an Clár a thacaíonn le seirbhísí aturnae áitiúla trí Aturnaetha Stáit Áitiúla a cheapann an tArd-Aighne, a fhanann ag obair i gcleachtadh príobháideach chomh maith. | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Meastachán 2006 €000** | **Toradh 2006 €000** | **Meastachán 2007 €000** | **% Athraithe ar Thoradh** |
| Caiteachas an Chláir | 5,650 | 3,822 | 11,800 | 209 |
| Riarachán an Chláir | - | - | - | - |
| Caiteachas Tacaíochta | - | - | - | - |
| Ollchaiteachas an Chláir | 5,650 | 3,822 | 11,800 | 209 |
| Leithreasuithe i gCabhair | - | - | - | - |
| Caiteachas Glan an Chláir | **5,650** | **3,822** | **11,800** | **209** |

# 6. Mionsonraí Cláir aonair:

## Clár 1 – Seirbhís Aturnae

**2. Spriocanna Ardleibhéil:**
Sainseirbhís aturnae ar ardchaighdeán a sheachadadh don Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí, sna réimsí dlíthíochta, soláthar comhairle dlí agus in ábhair mhaoine agus idirbhearta.

**Príomhstraitéisí:**
Seirbhís aturnae a sholáthar do Ranna agus Oifigí Rialtais agus béim ar leith á leagan ar sheirbhís ardchaighdeáin sna réimsí seo a leanas:

- Cosaint na gcaingne Bunreachta a tionscnaíodh i gcoinne an Stáit, idir an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach.
- Ionadaíocht ar an Stát sa Chúirt Bhreithiúnais Eorpach.
- Láimhseáil iarratas ar Bharántais Ghabhála Eorpacha, Eiseachadadh agus Cúnamh Frithpháirteach
- Cosaint gach cáis tráchtála a threoirítear chuig an Oifig.
- Cosaint na nósanna imeachta go léir athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus habeus corpus thar ceann Ranna, Oifigí agus chliaint an Rialtais.
- Seirbhís dlíthíochta dlí tearmainn a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus na gníomhaireachtaí inimirce / tearmainn.
- Seirbhís tíolacais agus dlí mhaoine a sholáthar don Stát.
- Na nósanna imeachta sibhialta go léir a thionscnaítear i gcoinne an Gharda Síochána nó a chomhaltaí a chosaint.
- Déileáil le cásanna mí-úsáid leanaí a eascraíonn as mí-úsaid in institiúidí cónaithe agus scoileanna lae.
- Seirbhís aturnae a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt do Ranna agus Oifigí Rialtais maidir le nósanna imeachta a thionscnamh thar ceann an Stáit.
- Seirbhís aturnae a sholáthar d'Oifigí Stáit i sainréimsí teicniúla.
- Ionadaíocht ar pháirtithe Stáit i gcánachas na gcostas dlí os comhair na Máistrí Fómhais.
- Gnóthú agus cánachas costas.
- Comhairle a chur ar fáil maidir le conradh tráchtála do chliaint Roinne agus an conradh sin a ullmhú.

| Caiteachas an Chláir | Meastachán 2006 €000 | Toradh 2006 €000 | Meastachán 2007 €000 | % Athraithe ar Thoradh |
|---|---|---|---|---|
| Faoi láthair | 25,998 | 26,355 | 30,745 | 17 |
| Riarachán an Chláir<br>- Pá<br>Neamhphá | <br>1,526<br>5 | <br>1,548<br>5 | <br>1,805<br>6 | <br>17<br>20 |
| Caiteachas Tacaíochta | 5,134 | 5,209 | 6,071 | 17 |
| Ollchaiteachas Cláir | 32,662 | 33,118 | 38,627 | 17 |
| Leithreasuithe i gCabhair | -270 | -521 | -270 | -48 |
| Caiteachas Glan an Chláir | 32,392 | 32,597 | 38,357 | 18 |
| **Líon na mball foirne a fhostaítear ar an gClár (coibhéisí am iomláin)** | | 234 | 250 | |
| **Aschuir** | *Aschur a gnóthaíodh 2005 | *Aschur a gnóthaíodh 2006 | Sprioc do 2007 | % Méadú 2006 ar 2005 |
| **Dlí Poiblí**<br>Cásanna nua<br>Cásanna dúnta<br>Cásanna ar Bun | <br>901<br>360<br>4,040 | <br>818<br>410<br>4,448 | <br>** | <br><br><br>10 |
| **Rannóg Chomhairleach**<br>Cásanna nua<br>Cásanna dúnta<br>Cásanna ar Bun | <br>610<br>1,089<br>1,486 | <br>322<br>440<br>1,368 | <br>** | <br><br><br>-8 |
| **Rannóg Maoine Stáit**<br>Cásanna nua<br>Cásanna dúnta<br>Cásanna ar Bun | <br>951<br>597<br>4,718 | <br>1,384<br>159<br>5,943 | <br>** | <br><br><br>26 |
| **Rannóg Tearmainn agus Seirbhísí Dlí**<br>Cásanna nua<br>Cásanna dúnta<br>Cásanna ar Bun | 3,610<br>1,726<br>6,323 | 3,366<br>2,917<br>6,772 | ** | <br><br>7 |
| **Rannóg Ceartais agus Dlí Choitinn**<br>Cásanna nua<br>Cásanna dúnta<br>Cásanna ar Bun | <br>3,331<br>1,466<br>9,202 | <br>1,885<br>3,567<br>7,520 | <br>** | <br><br><br>-18 |
| **Iomlán**<br>Cásanna nua<br>Cásanna dúnta<br>Cásanna ar Bun | <br>9,403<br>5,238<br>25,769 | <br>7,775<br>7,493<br>26,051 | <br>** | <br><br><br>1 |

* Ullmhaítear na sonraí ó chórais leagáide agus beidh sé faoi réir a thuilleadh athbhreithnithe

## Clár 2 – Aturnaetha Stáit Áitiúla

**Príomhstraitéisí:**

- Ionadaíocht an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an Ard-Aighne i stiúradh gnó lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath

| | Meastachán 2006 €000 | Toradh 2006 €000 | Meastachán 2007 €000 | % Athraithe ar Thoradh |
|---|---|---|---|---|
| **Caiteachas an Chláir** | | | | |
| Faoi láthair | 5,650 | 3,822 | 11,800 | 209 |
| Riarachán an Chláir<br>- Pá<br>Neamhphá | | | | |
| Caiteachas Tacaíochta | | | | |
| Ollchaiteachas Cláir | 5,650 | 3,822 | 11,800 | 209 |
| Leithreasuithe i gCabhair | | | | |
| Caiteachas Glan an Chláir | 5,650 | 3,822 | 11,800 | 209 |
| | | | | |
| **Líon na nAturnaetha a fostaíodh ar chonradh** | | 32 | 32 | |

**Aschuir:**

Ionadaíocht an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i gcásanna coiriúla lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath.

Ionadaíocht an Ard-Aighne i gcásanna sibhialta lasmuigh de chásanna sibhialta lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath

**Iarscríbhinn E**

# Ráiteas faoi Chomhlíonadh; Tuarascálacha faoi Chleachtais Íocaíochta 2007

## Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus CSSO

**Ráiteas um Chomhlíonadh leis An Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002**

Comhlíonann na híocaíochtaí cuí a rinne an Oifig seo téarmaí an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. .

Cuireadh treoirlínte i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloífí leis an Acht, agus scaipeadh ar an bhfoireann oibre ar fad iad in Eanáir 1998, agus cuireadh foireann oibre ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig siad i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Is í an aidhm atá leis na treoirlínte seo ná glanadh pras na sonrasc a éascú agus úis, pionóis agus cúiteamh a eascraíonn a sheachaint. Ina theannta sin, déantar monatóireacht ar nósanna imeachta airgeadais san Oifig go rialta, a tugadh suas chun dáta níos luaithe i mbliana, lena n-áirítear nósanna imeachta chun a chinntiú go gcloítear leis an Reachtaíocht.

Is iad seo a leanas na príomh-nósanna imeachta atá i bhfeidhm:-

- Mura n-aontaítear ar a mhalairt trí chonradh scríofa, baineann an sprioc ama 30 lá um íoc pras le gach íocaíocht.
- Iarrtar ar fhoireann oibre a chinntiú go bhfuil ainm duine tugtha ar shonraisc nuair a chuirtear ordú isteach le haghaidh earraí agus seirbhísí chun moill a sheachaint chun teacht ar an duine a chuir an t-ordú isteach chun críocha deimhniúcháin.
- Déantar gach sonrasc a sheoladh ar aghaidh chuig an Aonad Airgeadais agus déantar dáta a stampáil orthu láithreach. Is é an dáta seo an dáta óna ríomhtar an tréimhse íoctha atá leagtha síos.
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais scanadh ar na sonraisc go léir a fhaightear ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais, a luaithe a fhaightear san Aonad Airgeadais iad.
- Nuair a fhaightear na hearraí nó an tseirbhís, dá dtagraíonn an sonrasc, san Oifig, deimhneoidh an tAonad ábhartha go bhfuil an sonrasc i gceart le híoc trí fhógra earraí faighte (GRN) a ghiniúint ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais. A luaithe is a dhéantar an próiseas GRN, is féidir le baill foirne san Aonad Airgeadais leanúint ar aghaidh le híoc an tsonraisc.
- I gcás nach bhfuil sé de chumas ag an Aonad ábhartha GRN a ghiniúint do na hearraí

mar thoradh ar ordú neamhchomlánaithe, neamhsholáthar seirbhís iomláine srl. ba chóir fógra a thabhairt don Aonad Airgeadais agus ní thosófar an tréimhse 30 lá go dtí go soláthraítear na hearraí nó an tseirbhís go hiomlán don Oifig.

- Cuireadh comhairle ar bhaill foirne maidir leis an ngá le GRN a ghiniúint a luaithe is a fhaightear na hearraí nó an tseirbhís san Oifig nó comhairle a chur ar an Aonad Airgeadais mura bhfuil sé de chumas acu GRN a ghiniúint i leith an tsonraisc áirithe. Ba chóir socruithe a dhéanamh chun a chinntiú nach gcuirtear moill ar an bpróiseas GRN mar thoradh ar bhaill foirne a bheith ar saoire srl.
- Más gá sonrasc a cheartú nó má tá agóid ann ina leith, leantar na nósanna imeachta atá sainithe san Acht. Tá na nósanna imeachta seo á gcur i bhfeidhm ag an Aonad Airgeadais, agus tá taifead scríofa de na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm ar fáil.
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais monatóireacht ar an dáta ar a bhfuil íocaíocht dlite, agus déanann siad iarracht chun a chinntiú go bhfuil an íocaíocht déanta laistigh den tréimhse atá leagtha síos. Sa chás go mbíonn íocaíocht á déanamh lasmuigh den tréimhse ama atá leagtha síos, déanann an tAonad Airgeadais an t-ús a ríomh de réir an Achta agus na Rialachán.
- Cuireann an Córas Bainistíochta Airgeadais dátaí dlite íocaíochtaí i gcuimhne don fhoireann oibre san Aonad Airgeadais.

Tá Tuarascáil na hOifige um Chleachtais Íocaíochta do 2007 ar fáil thíos.

**Oifig an Ard-Aighne**

# Tuarascáil um Chleachtais Íocaíochta do 2007

**Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean**

**Ginearálta**

- Chomhlíon na híocaíochtaí ábhartha a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

**Íocaíochtaí Déanacha**

- Rinneadh íocaíochtaí arbh ionann iad agus €3.314 milliún san iomlán sa bhliain 2006 ó Vóta Oifig an Ard-Aighne i leith íocaíochtaí lena mbaineann an Reachtaíocht.

- Níor íocadh aon ús maidir le híoc pras don bhliain 2007.

# OIFIG AN PHRÍOMH-ATURNAE STÁIT

## Ráiteas um Chomhlíonadh leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Cuireadh treoirlínte i bhfeidhm chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, agus scaipeadh ar an bhfoireann ar fad iad in Eanáir 1998, agus cuireadh foireann oibre ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig siad i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Is í an aidhm atá leis na treoirlínte seo ná glanadh pras na sonrasc a éascú agus pionóis úis a eascraíonn a sheachaint. Ina theannta sin, déantar monatóireacht ar nósanna imeachta airgeadais san Oifig go rialta.

Is iad seo a leanas na príomh-nósanna imeachta atá i bhfeidhm:-

- Mura n-aontaítear ar a mhalairt trí shocrú i scríbhinn, baineann an sprioc ama 30 lá um íoc pras le gach íocaíocht.
- Cuirtear ar aghaidh gach sonrasc a fhaightear díreach chuig an Aonad Airgeadais de réir mar a stampáiltear an dáta orthu. Is é an dáta seo an dáta óna ríomhtar an tréimhse íoctha atá leagtha síos.
- Cláraíonn an fhoireann san Aonad Airgeadais an Sonrasc ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais nua, agus seolann siad an sonrasc ar aghaidh ansin chuig an Oifigeach atá ag láimhseáil an ceannacháin a bhaineann leis an sonrasc.
- Tá an fhoireann curtha ar an eolas gur chóir gach sonrasc a dheimhniú i gcomhair íocaíochta agus a sheoladh ar aghaidh chuig an Aonad Airgeadais láithreach nuair a fhaightear é. Ba chóir socruithe a dhéanamh chun a chinntiú nach gcuirtear moill ar shonraisc mar gheall ar bhaill foirne a bheith ar saoire srl.
- Más gá sonrasc a cheartú má tá díospóid ann ina leith, leantar na nósanna imeachta a shainítear san Acht. Tá na nósanna imeachta seo á gcur i bhfeidhm ag an Aonad Airgeadais, agus tá taifead i scríbhinn de na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm ar fáil.
- Déanann an fhoireann oibre san Aonad Airgeadais monatóireacht ar an dáta dlite íocaíochta agus déanann siad iarracht chun a chinntiú go ndéantar an íocaíocht laistigh den tréimhse atá leagtha síos. Sa chás go mbíonn íocaíocht á déanamh lasmuigh den tréimhse ama atá leagtha síos, déanann an Córas Bainistíochta Airgeadais an t-ús a ríomh go huathoibríoch agus déanann an tAonad Airgeadais é a sheiceáil de láimh de réir an Achta agus na Rialachán.

Tá Tuarascáil na hOifige um Chleachtais Íocaíochta don bhliain 2007 ar fáil thíos.

## TUARASCÁIL UM CHLEACHTAIS ÍOCAÍOCHTA DON BHLIAIN 2007

## OIFIG AN PHRÍOMH-ATURNAE STÁIT

Baineann feidhm le téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 maidir le híocaíochtaí a dhéanann an Oifig seo nó a dhéantar thar ceann na hOifige seo, seachas párolla agus speansais áirithe eile Oifige.

Thug Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit Córas Bainistíochta Airgeadais nua isteach i mí Iúil 2004. Nuair a tugadh isteach an córas nua seo, ghlac an tAonad Airgeadais d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit freagracht as gach íocaíocht ó Vóta na hOifige, seachas Párolla agus Tuarastail (A1 Fotheideal). Tá an córas deartha go sainiúil chun monatóireacht agus rialáil a dhéanamh ar chomhlíonadh théarmaí an Achta.

Sa riar bheag cásanna nach mbíonn íocaíochtaí déanta laistigh den tréimhse reachtúil, déantar na híocaíochtaí úis chuí.

**Íocaíochtaí lenar bhain Íocaíochtaí Prasa ó mhí Eanáir go dtí mí na Nollag 2007:**

| | |
|---|---|
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí go léir: | €6,627,533 |
| Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha go léir (faoi €320 san áireamh): | €179,991 |
| Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha go léir (os cionn €320): | €559,030 |
| Luach na n-íocaíochtaí déanacha mar % de na híocaíochtaí iomlána: | 8.71% |
| An líon d'íocaíochtaí déanacha os cionn €320: | 179 |
| An Méid Úis a Íocadh: | €13,868 |
| An Méid Úis mar Chéatadán d'Íocaíochtaí Iomlána: | 0.21% |
| Táscaire leathan maidir le Fad Moilleanna: | 238 Days |

# Iarscríbhinn F

## Ionadaíocht Oifige ar Choistí agus ar Ghrúpaí Oibre i 2007

Bord Comhairleach na hOifige Náisiúnta Leanaí
Gréasán na Rúnaithe Cúnta

Grúpa Athbhreithnithe um Chothromaíocht sa Dlí Coiriúil

An Grúpa um Rialáil Níos Fearr

Líonra Bainistíochta an Athraithe

Gréasán Oifigeach Oiliúna na Státseirbhíse
An Coimisiún um Dhaonlathas tríd an Dlí
An Coimisiún um Atáirgeadh Daonna Cuidithe
Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta
An Coiste Comhairleach um Athchóiriú an Dlí

An Chomhairle Chomhairleach do Thomhaltóirí
Cumann na nDlíodóirí Corparáideacha agus Poiblí
Coiste Chomhairle na hEorpa um an Dlí Riaracháin
Coiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa um an Dlí Teaghlaigh
Coistí na Rialacha Cúirte
Fóram na Seirbhíse Cúirteanna
Grúpa Úsáideoirí na Seirbhíse Cúirteanna
Coiste na Cúirte Achomhairc
An Coiste um Chódú an Dlí Choiriúil
An Fhoireann Thras-Rannach um Bonneagar
An Coiste Tras-Rannach um Smachtbhannaí Airgeadais

Grúpa Tras-Rannach um Méadú an AE agus Saorghluaisteacht
Sainghrúpa Meastóireachta Chomhairle an AE - piarmheasúnú ar an Eastóin maidir le forfheidhmiú praiticiúil an EAW
Grúpa Oibre an AE um Próiseáil Sonraí Dlí
Grúpa Oibre an AE um an Dlí Conarthaí
Grúpa an AE um Maoirseacht an Choinbhinsiúin Idir-Rialtasaigh
Líonra na nAthbhreithneoirí Caiteachais
An Grúpa Oibre Idir-rannach um Shaoráil Faisnéise
Líonra na nOifigeach Idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise

Grúpa Líonra Úsáideoirí na Saorála Faisnéise
Grúpa Oibre an Gharda Síochána um Ghrinnfhiosrúcháin
Grúpa Forfheidhmiúcháin an Gharda Síochána um Ghrinnfhiosrúcháin
Coiste Reachtaíochta an Rialtais
Líonra Bainisteoirí Leabharlainne an Rialtais
Foireann Meastóireachta Greco
Comhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta
Coiste Uí Ógáin um Chothromaíocht sa Dlí Coiriúil
Fóram Bainisteoirí Teicneolaíocht Cumarsáide agus Faisnéise
Grúpa Oibre Dlí na Sochaí Faisnéise
An Grúpa Forfheidhmiúcháin um Shaincheisteanna Cúitimh
Grúpa Forfheidhmiúcháin na nArd-Rúnaithe
An Coiste Idir-rannach um Dhlíthíocht Caillteanas Éisteachta
An Coiste Idir-rannach um Athchóiriú ar Phósadh
An Coiste Comhordaithe Idir-rannach um Ghnóthaí Eorpacha
Grúpa Idir-rannach um Dhlíthíocht Riachtanais Oideachais Speisialta
Grúpa Oibre Idir-rannach um Tháillí Teaghlaigh Altranais
Coiste Idir-rannach um Shaincheisteanna Núicléacha
Grúpa Idir-rannach um Dhlíthíocht Mí-Úsáid Leanaí
Grúpaí Oibre Idir-rannach um Míchumas
Coiste Idir-rannach um Bonneagar
Coiste Idir-rannach um Chabhracha Stáit
Grúpa Idir-rannach um moladh an Choimisiúin i gcomhair Gníomhaireacht Rialaithe Iascaireachta Eorpach
An Grúpa Idir-rannach um Choinbhinsiún an AE
An Grúpa Idir-rannach um Shaincheisteanna Reachtaíochta don tSochaí Faisnéise
An Grúpa Idir-rannach um Imscrúdú an Oireachtais ar Reachtaíocht an AE
An Tascfhórsa Idir-rannach um Thuarascáil an Choimisiúin ar Stádas Daoine faoi Mhíchumas
An Grúpa Oibre Idir-rannach ar Shaincheisteanna Cúitimh
An Líonra Iniúchóireachta Inmheánaí
Coiste Dlí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta
An Sainghrúpa Idirnáisiúnta um Dhliteanas Núicléach (INLEX)
An Grúpa Bainistíochta um Athbhreithnithe Breithiúnacha i gCásanna Tearmainn
An Grúpa Airí agus Rúnaithe um Ábhair Eorpacha
Coiste Stiúrtha um Sciúradh Airgid (taobh oifigiúil)
An Grúpa Comhairleach "Gan Locht"
Tuaisceart Éireann (grúpaí éagsúla a bhaineann le hábhair Thuaisceart Éireann)
Coiste Dlí Núicléach (An Ghníomhaireacht um Fhuinnimh Núicléach, brainse den OECD)

Líonra na nOifigeach Pearsanra

Líonra CBFF

An Coiste um an Dlí Poiblí – An Cumann Barra Idirnáisiúnta

Grúpa na Rúnaithe Ginearálta agus na gCeann Oifigí

An Grúpa Comhairleach Forfheidhmithe um Údarás Rialála Aonair

Coiste Idirchaidrimh na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát

An Coiste Stiúrtha um an Tionscadal Píolótach chun nós imeachta mionéileamh ar líne a bhunú

An Grúpa Stiúrtha um Athbhreithniú na gCóras sa Roinn Talmhaíochta agus Bia

Fo-ghrúpa Cumarsáide an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach

Grúpaí Forfheidhmithe an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach

An Grúpa um Straitéis Cánach

UNCITRAL (Coimisiún na Náisiún Aontaithe um an Dlí Trádála Idirnáisiúnta)

Grúpa Oibre UNCITRAL um Eadráin

Grúpa Oibre UNICTRAL um Shaincheisteanna Slándála

Grúpa Oibre UNCITRAL um Ríomhthráchtáil

Grúpa Oibre UNCITRAL um Dhlí Dócmhainneachta

An Grúpa Oibre um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú an Dlí Cuideachtaí

Grúpa Oibre um Ionstraimí Reachtúla Leictreonacha

An Grúpa Oibre um Sheirbhísí Cróinéara a Athbhreithniú

Grúpa Oibre um Chostais Dlí

# Iarscríbhinn G

**Staitisticí na n-iarratas a rinneadh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise**

**Oifig an Ard-Aighne, Oifig Shráid Mhuirfean**

| Oifig an Ard-Aighne | Iarratais a Fuarthas | Pearsanta | Neamhphearsanta | Measctha | Iarratais a Ceadaíodh | Iarrarais a Ceadaíodh go Páirteach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |
| 1998 | 22 | 6 | 16 | 0 | 4 | 1 |
| 1999 | 27 | 7 | 20 | 0 | 2 | 4 |
| 2000 | 25 | 3 | 22 | 0 | 3 | 3 |
| 2001 | 23 | 4 | 19 | 0 | 2 | 2 |
| 2002 | 22 | 4 | 18 | 0 | 3 | 1 |
| 2003 | 18 | 3 | 15 | 0 | 5 | 4 |
| 2004 | 6 | 2 | 4 | 0 | 2 | 0 |
| 2005 | 3 | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 |
| 2006 | 6 | 0 | 6 | 0 | 1 | 0 |
| **2007** | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | 153 | 31 | 122 | 0 | 22 | 15 |

| Oifig an Ard-Aighne | Iarratais a Diúltaíodh | Iarratais a diúltaíodh faoi alt 46 (1) (b) (Figiúr san áireamh in Iomlán na nIarratas a diúltaíodh) | Iarratais a Aistríodh | Iarratais a aistarraingíodh nó a láimhseáladh lasmuigh SF | Cásanna Beo | Athbhreithnithe Inmheánacha a Fuarthas | Achomhairc don Choimisinéir Faisnéise | Líon na dTáillí | Suim a gearradh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1998 | 15 | 12 | 1 | 0 | 1 | 6 | 2 | 0 | Nil |
| 1999 | 21 | 18 | 0 | 1 | 0 | 6 | 0 | 0 | Nil |
| 2000 | 18 | 14 | 0 | 1 | 0 | 4 | 0 | 0 | Nil |
| 2001 | 16 | 13 | 0 | 0 | 3 | 2 | 2 | 0 | Nil |
| 2002 | 20 | 20 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | Nil |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2003 | 9 | 9 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 3 | €45 |
| 2004 | 4 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 4 | €60 |
| 2005 | 2 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | €15 |
| 2006 | 5 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 6 | €90 |
| **2007** | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | Nil |
| **Iomlán** | 111 | 97 | 2 | 3 | n/a | 19 | 5 | 14 | €210 |

## Staitisticí don bhliain 2007

## Oifig an Ard-Aighne

| **Oifig an Ard-Aighne** | **Iarratais a Fuarthas** | **Iriseoirí** | **Gnó** | **Oireachtas** | **Foireann** | **Eile** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 01/01/07 to 31/12/07 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| | | | | | | |

## Staitisticí ón 21 Aibreán 1998 go dtí an 31 Nollaig 2006

| **Oifig an Ard-Aighne** | **Iarratais a Fuarthas** | **Iriseoirí** | **Gnó** | **Oireachtas** | **Foireann** | **Eile** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 21/04/98 to 31/12/07 | 153 | 41 | 33 | 3 | 5 | 71 |
| | | | | | | |

**Staitisticí na n-iarratas a rinneadh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise**

**<u>Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit</u>**

| Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | Iarratais a Fuarthas | Pearsanta | Neamhphearsanta | Measctha | Iarratais a Ceadaíodh | Iarratais a Ceadaíodh go Páirteach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |
| 1998 | 17 | 14 | 3 | 0 | 10 | 0 |
| 1999 | 9 | 3 | 6 | 0 | 4 | 0 |
| 2000 | 23 | 11 | 12 | 0 | 15 | 4 |
| 2001 | 9 | 6 | 3 | 0 | 5 | 0 |
| 2002 | 9 | 5 | 4 | 0 | 2 | 0 |
| 2003 | 6 | 2 | 4 | 0 | 0 | 1 |
| 2004 | 3 | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 |
| 2005 | 2 | 2 | 0 | 0 | 2 | 0 |
| 2006 | 2 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 |
| **2007** | 3 | 2 | 1 | 0 | 2 | 0 |
| **Iomlán** | 83 | 46 | 37 | 0 | 40 | 5 |

| Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | Iarratais a Diúltaíodh | Iarratais a diúltaíodh faoi alt 46 (1) (b) (Figiúr san áireamh in Iomlán na nIarratas a diúltaíodh) | Iarratais a Aistríodh | Iarratais a aistarraingíodh nó a láimhseáladh lasmuigh SF | Cásanna Beo | Athbhreithnithe Inmheánacha a Fuarthas | Achomhairc don Choimisinéir Faisnéise | Líon na dTáillí | Suim a gearradh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1998 | 4 | 4 | 2 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | Nil |
| 1999 | 4 | 4 | 1 | 0 | 1 | 3 | 1 | 0 | Nil |
| 2000 | 5 | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | Nil |
| 2001 | 4 | 3 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | Nil |
| 2002 | 7 | 7 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | Nil |
| 2003 | 1 | 1 | 2 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | Nil |
| 2004 | 0 | 0 | 0 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | Nil |
| 2005 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | Nil |
| 2006 | 2 | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 15 |
| **2007** | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 15 |
| **Iomlán** | 27 | 23 | 5 | 5 | 3 | 8 | 3 | 2 | 30 |

**Staitisticí don bhliain 2007**

**Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**

| Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | Iarratais a Fuarthas | Iriseoirí | Gnó | Oireachtas | Foireann | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 01/01/06 to 31/12/07 | 3 | 0 | 0 | 0 | 2 | 1 |
| | | | | | | |

**Staitisticí ón 21 Aibreán 1998 go dtí an 31 Nollaig 2007**

| Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | Iarratais a Fuarthas | Iriseoirí | Gnó | Oireachtas | Foireann | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 21/04/98 to 31/12/07 | 83 | 12 | 2 | 0 | 34 | 35 |
| | | | | | | |

# Iarscríbhinn H

## Oiliúint agus Forbairt - Oifig Shráid Mhuirfean

Bhain an chuid is mó d'oiliúint na hOifige in 2007 le cur i bhfeidhm (leanúnach) chóras nua leictreonach bainistíochta cásanna na hOifige (ACME). Sheachaid oiliúnóirí seachtracha an oiliúint seo go hinmheánach agus léirítear í sna costais a bhaineann le comhairleacha agus oiliúnóirí seachtracha sa tábla thíos.

| | |
|---|---|
| **Táillí Seimineáir, Comhdhála agus Oiliúna** | **130,459** |
| **Aisíocaíocht Táillí** | **7,454** |
| **Costas na gcomhairleach agus na n-oiliúnóirí seachtracha** | **74,155** |
| **Oiliúint TF** | **10,983** |
| **Oiliúnóir(í) tuarastail agus forchostais** | **17,866** |
| **Costas an Riaracháin a bhaineann le Fo-mhírcheann A3 *** | **-** |
| **Costas na gCúrsaí ar fhreastail Oiliúnóirí orthu** | **-** |
| **Ceannach ábhair nua oiliúna** | **-** |
| **Na costais eile go léir a bhaineann le hOiliúint agus Forbairt**** | **52,206** |
| **IOMLÁN** | **293,123** |
| * *(Costais nár gabháladh)* | |
| ** *(Is éard atá i gceist leis an bhfigiúr seo costais Bhallraíochta agus costais Taistil agus Cothaithe a bhaineann go díreach le hOiliúint agus Forbairt)* | |

### Comhdhálacha, Seimineáir agus Cruinnithe ar fhreastail Baill Foirne AGO orthu le linn 2007

| RÉIMSÍ A AITHNÍODH | IOMLÁN A SOLÁTHRAÍODH |
|---|---|
| ACCA | 1 |
| Comhdháil ARC | 1 |
| Comhdháil BIALL | 1 |
| Staidéir na Breataine – na hÉireann | 1 |
| Cumann na Bruiséile um an Dlí Núicléach | 2 |
| Comhdháil Bhliantúil CALC | 2 |
| Athrú agus Dúshlán sa tSeirbhís Phoiblí | 2 |
| Bainistíocht Athraithe san Earnáil Phoiblí | 2 |
| Cearta Leanaí agus an Bunreacht | 5 |
| Comhdháil *City & Financial* | 2 |
| Cánachas Pobail | 1 |
| Córais Cheartais Choiriúil san AE | 1 |
| Comhdháil CRM | 1 |
| Ag déileáil leis an Rialtas | 1 |
| Seachadadh do Shaoránaigh: Feidhmíocht Rialtais a Chlaochlú | 1 |
| Comhdháil um Reachtaíocht Míchumais | 1 |
| Leithcheal, Comhionannas agus Éagsúlacht | 1 |
| Nuashonrú ECHR | 4 |
| Máistir-rang ar an Dlí Fostaíochta | 6 |
| Dlí Iomaíochta an AE | 1 |
| Cúirteanna an AE sa Réimse Saoirse, Slándála agus Cheartais | 3 |
| An Chomhairle Eorpach um Dhídeanaithe agus Dheoraithe | 2 |
| Comhdháil EUUG | 2 |

| | |
|---|---|
| Taifid Choiriúla a Malartú san Aontas Eorpach | 1 |
| Comhrac i gcoinne Sceimhlitheoireachta | 1 |
| Comdháil HJT | 1 |
| Comhdháil HSR | 1 |
| ICEL | 2 |
| Comhdháil Institiúid Árachais na hÉireann | 1 |
| Iniúchadh Inmheánach sa tSeirbhís Phoiblí | 1 |
| Comhdháil Bhliantúil Chumann an Barra Idirnáisiúnta | 3 |
| Dlí Cóipchirt Idirnáisiúnta | 1 |
| Fóram Dlí na hÉireann – na hEorpa | 1 |
| Foras Ospíse na hÉireann – Seimineáir Am Lóin | 1 |
| Comhdháil Chumann na hÉireann um Dlí na hEorpa | 1 |
| Comdháil um Iniúchadh TF | 1 |
| Dlíthíocht os comhair na gCúirteanna Comhphobail | 6 |
| Máistreacht a fháil ar an bhFeidhm Acmhainní Daonna | 2 |
| Forbairt Ilaonaid | 1 |
| Comhdháil ar Phinsin | 1 |
| Dlí Pleanála agus Comhshaoil | 2 |
| Dlí Pleanála | 2 |
| Príobháideacht agus Cosaint Sonraí | 1 |
| Probháid agus Comharbas | 1 |
| Cearta Bunúsacha a Chosaint | 1 |
| Seimineár um Riarachán Poiblí | 2 |
| Forbairtí Déanacha i nDlí Soláthair an AE | 1 |
| Forbairtí Déanacha i nDlí Dlíthíochta | 1 |
| Éire a Rialáil | 1 |
| 'Gaineamh Aistreáin' – Leabharlanna Acadúla agus Speisialta, LAI | 1 |
| Cúrsa Samhraidh i nDlí an AE | 1 |
| Cúrsa Samhraidh i nDlí Cearta an Duine | 1 |
| Córas an Rialtais in Éirinn | 1 |
| Sceimhlitheoireacht san Aontas Eorpach | 1 |
| An Bunreacht ag 70 | 7 |
| Todhchaí na hEorpa | 1 |
| Staid an Gheilleagair | 1 |
| Comhdháil Bhliantúil Chumann an Dlí Reachtúil | 3 |
| An Próiseas Reachtaíochta a Thuiscint | 1 |
| Cumann an Ríochta Aontaithe um Dhlí na hEorpa | 1 |
| Ceardlann do na hArd-Rúnaithe | 1 |

## Oiliúint a rinne baill foirne Shráid Mhuirfean i rith 2007

| RÉIMSÍ A AITHNÍODH | IOMLÁN A SOLÁTHRAÍODH |
|---|---|
| Rochtain | 3 |
| Oiliúint ar Agresso | 3 |
| Oiliúint Ordaithe Cliant HWM | 1 |
| Leabharchoimeád | 8 |
| | |
| Scileanna Scríbhneoireachta Ghnó | 2 |
| Teastas na Státseirbhíse/Gníomhaireachtaí Stáit | 1 |
| Cumarsáid agus treallús | 1 |
| Cúrsa don Rúnaí Feidhmiúcháin | 3 |
| Cúrsa Oiliúna Brabhsálaí/Anailíseoir Airgeadais | 2 |
| Scileanna Agallóra | 4 |
| Réamheolas don Bhainistíocht Ghinearálta | 1 |
| Roinn Dlí Inmheánacha Éifeachtach | 8 |
| Ceardlann um Exchange 2000 | 1 |
| Oiliúint ar Gharchabhair | 2 |
| Fócas ar Oiliúint | 1 |
| Bainistíocht Túslíne | 1 |
| Córais Bhainistíochta Acmhainní Daonna | 2 |

| | |
|---|---|
| Ionduchtú | 19 |
| Taighde a dhéanamh ar an Idirlíon | 3 |
| | |
| Cúrsa Méarchláir | 1 |
| Dúshlán Ceannaireachta - Clár 8 | 1 |
| Cúrsa Faisnéise Leabharlainne Ar Líne | 2 |
| Lá Bainistíochta Seachtrach | 7 |
| Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí Nua-aimseartha | 1 |
| Oiliúint agus Forbairt Bhainistíochta – Modúl a hAon | 10 |
| | |
| Scileanna Bainistíochta | 1 |
| Ríomhphoist a Bhainistiú go hÉifeachtach | 7 |
| | |
| Oiliúint agus Forbairt a Bhainistiú | 1 |
| Cur leis an gCumarsáid Idirphearsanta a | 2 |
| *Microsoft Publisher* | 1 |
| Eolas chun Scríobh Miontuairiscí a Éascú | 4 |
| | |
| Oiliúint TF ar an Láithreán | 3 |
| Idirghabháil Eagrúcháin agus na hÁite Oibre | 1 |
| Bainistíochta agus Meastóireacht Feidhmíochta | 1 |
| Oiliúint CBFF | 10 |
| Anailís Bheartais | 1 |
| Bainistíocht Tionscadail | 1 |
| Prói-Sheirbhísí WT | 1 |
| Soláthar na hEarnála Poiblí | 9 |
| Scríbhneoireacht Tuarascála | 1 |
| Fáil réidh le Strus | 8 |
| Bainistíocht Ama | 6 |
| Scileanna Clóscríbhneoireachta | |
| | |
| Cúrsa CBL | 1 |
| Oibriú níos Cliste in ionad níos Déine | 5 |

## Oiliúint agus Forbairt - Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

### Miondealú Chaiteachas Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ar Oiliúint agus Forbairt 2007

Ba ionann an caiteachas iomlán ar Oiliúnt agus Forbairt in 2007 agus €309,967
Roinneadh an leithdháileadh buiséid oiliúna i dtrí réimse shonracha:

- **Buiséad Tarmligthe**
  Bhí €68,602 i gceist leis an gcaiteachas iomlán don Bhuiséad Tarmligthe i rith 2007. Is iad na Cinn Rannáin atá freagrach as an mBuiséad tarmligthe. Is éard a bhí sa bhuiséad don bhliain 2007, €700 in aghaidh an duine i ngach Rannán.
- **Aisíocaíocht Táillí**

D’éiligh 15 duine ar an iomlán aisíocaíocht táillí maidir leis an scéim um Aisíocaíocht Táillí don bhliain acadúil 2006/2007. Ba í €37,953 an tsuim a aisíocadh faoin scéim seo in 2007.

- **Ciste Sealbhaíochta**

  Ba é €203,412 an caiteachas ciste Sealbhaíochta don bhliain 2007. Úsáideadh an ciste sin chun íoc as an gClár Oiliúna agus Forbartha don Lucht Bainistíochta agus Baill Foirne Shinsearacha chomh maith le caiteachas ar oiliúint le haghaidh (a) ionaid do chúrsaí a reachtáladh i rith na bliana (b) oiliúint ar Chomhaid Amhairc, (c) oiliúint eile ar nós Garchabhrach srl.

### Caiteachas ar Oiliúint agus Forbairt - 2007

| **Nithe** | ***Caiteachas €*** |
|---|---|
| Seimineáir, Comhdhálacha agus Cúrsaí Oiliúna | 58,168 |
| Aisíocaíocht Táillí | 37,953 |
| Costas na gcomhairleach agus na n-oiliúnóirí seachtracha | 120,866 |
| Oiliúint TF | 40,371 |
| Tuarastail agus forchostais oiliúnóirí | 208,500 |
| Costas na gcúrsaí ar fhreastail oiliúnóirí orthu | 3,200 |
| Eile | 49,409 |
| **Iomlán** | **518,467** |
| **Iomlán na gCostas Párolla A1** | **13,910,029** |
| **Caiteachas ar Oiliúint agus Forbairt mar % den chostas tuarastail** | **4%** |

## Oiliúint a cuireadh ar fáil do Leabharlann Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit in 2007

**Saincheisteanna Dlí**

Fuilaistriú Finnéithe Iáivé – Sárú ar an gCeart ar Iomláine Coirp. Dlí an Chomhionannais, Achtanna Tithíochta agus saincheisteanna ECHR a thagann chun cinn faoin gcinneadh lucht siúil Doherty v. SDCC a rinneadh le déanaí.
Léarscáil ghlan? An dúshlán roimh an Acht Toghcháin (Leasú), 2005.
Réamheolas leis na critéir roghnaithe agus dámhachtainí faoi réimeas soláthair phoiblí an AE.
Cleachtas agus Nós Imeachta an Dlí Choiriúil a bhaineann le hIarratais Habeas Corpus Airteagal 40.

**Seirbhísí nua an Aonaid Leabharlainne agus Fios Gnó seolta**

Seoladh an chéad chéim de chomhthionscadal ríomhiriseáin leabharlanna AGO, CSSO agus DPP i mí Aibreáin 2007, a sholáthair téacs iomlán na ríomhiriseán.

**Oiliúint Duine le Duine**

Chuir an tAonad Leabharlainne agus Fios Gnó seisiúin oiliúna duine le duine ar fáil do bhaill foirne dlí i rith na bliana. Bunaíodh na seisiúin sin ar riachtanais agus éilimh an duine aonair. Seachadadh sa leabharlann agus in oifigí an duine aonair iad.

**Comhdhálacha/ Seimineáir/ Cúrsaí Oiliúna ar fhreastail baill foirne CSSO Staff i rith 2007**

| Comhdhálacha/ Seimineáir/ Cúrsaí Oiliúna | Soláthraíodh do líon baill foirne |
|---|---|
| **Teicneolaíocht Faisnéise** | |
| Excel - Meánleibhéal | 1 |
| **Legal Training** | |
| 3ú Fóram Bliantúil Beartais Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí na hÉireann | 3 |
| Treoir Phraiticiúil do Bharántaí Comhthaobhachta | 3 |
| Cúrsa Ardleibhéal Abhcóideachta 2007 | 2 |
| Ardleibhéal Abhcóideachta Idirghabhála | 2 |
| Ceardlann Ardscileanna Idirbheartaíochta do Dhlíodóirí | 1 |
| Abhcóideacht | 3 |
| Comhdháil agus Taispeántas Bliantúil Maoine agus Tíolacais | 1 |
| Athbhreithniú Bliantúil ar an Dlí Fostaíochta | 3 |
| Eadráin | 1 |
| Cleachtas agus Nós Imeachta an Dlí Choiriúil a bhaineann le hIarratais Habeas Corpus Airteagal 40 | Soláthraíodh go hinmheánach do na baill foirne go léir |
| Cothromaíocht a ghnóthú idir an Saol agus an Obair – An strus a bhaint ón rathúnas | 1 |
| Éilimh athraitheacha sa saol gnó | 1 |
| Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí | 1 |
| Dlithíocht Shibhialta san Aois Dhigiteach | 2 |
| Seimineár um Fhócas ar Chliaint | 1 |

| | |
|---|---|
| Barántaí Comhthaobhachta | 3 |
| Seimineár Athnuachana agus Nuashonraí ar an Dlí Cuideachtaí | 3 |
| Comhdháil um Shaincheisteanna Chasta Tíolacais | 1 |
| Comhdháil ar an Dlí Foirgníochta 2007 | 1 |
| Rialacháin Foirgníochta 2006 – Na Saincheisteanna Croílárnacha | 1 |
| Tíolacas – Forbairtí Ilaonaid | 3 |
| Sraith Léargas Tíolacais - Bunchíosanna | 1 |
| Fianaise Seomra Cúirte | 5 |
| An Chúirt Dúiche – Forbairtí Déanacha | 2 |
| Colscaradh – deich mbliana ar aghaidh | 1 |
| Cion na Tiomána ar Meisce, Athbhreithniú ar Fhorbairtí Déanacha | 1 |
| Seimineáir Páirtithe Leasmhara ríomhThíolacais | 3 |
| An Dlí Fostaíochta - Athbhreithniú ar fhorbairtí déanacha | 1 |
| Cearta Fostaíochta na nInimirceach agus saincheisteanna eile | 3 |
| Máistir-rang ar an Dlí Comhshaoil | 1 |
| Dlí an AE | 2 |
| Ceapa Tuisle Fianaise do Dhlíodóirí Sibhialta | 1 |
| Conarthaí Téarma Seasta | 1 |
| Ardchúrsa Breise Abhcóideachta | 1 |
| Tuiscint a fháil ar Idirghabháil | 3 |
| Réamheolas le hEadráin | 1 |
| Athbhreithniú Breithiúnach | 11 |
| An Dlí agus an Comhshaol 2007 | 1 |
| Scileanna Dréachtaithe Dlí | 4 |
| Máistir-rang ar an Dlí Ceadúnaithe 2007 | 2 |
| Athbhreithniú Dlíthíochta 2007 | 6 |
| Uirlisí Bainistíochta d'Aturnaetha inmheánacha éifeachtacha | 7 |
| Éilimh Díobhálacha Pearsanta, Athbhreithniú ar Fhorbairtí Déanacha | 3 |
| Fiosrúcháin Pleanála agus Comhshaoil do Lucht an Tíolacais i mBaile Átha Cliath | 3 |
| Saincheisteanna Dlí Pleanála in Idirbhearta Tíolacais | 1 |
| Fadhbanna Praiticiúla maidir le Riaradh Eastát | 1 |
| Seimineár ar Bhainistíocht Chleachtais | 1 |
| Saincheisteanna Príobháideachta don Dlíodóir Fostaíochta | 1 |
| Seimineár um Probháid agus Cháin - Meitheamh 2007 | 1 |
| Seimineár um Probháid agus Cháin – Meán Fómhair 2007 | 1 |
| Nuashonrú Soláthair 2007 | 1 |
| An Fostóir a Chosaint | 1 |
| An Fostóir a Chosaint – Dífhostuithe – Cad a theastaíonn ó na Fostóirí… | 1 |
| Forbairtí Déanacha i nDlíthíocht agus an próiseas imscrúdúcháin. | 1 |
| Forbairtí Déanacha – Iarratais Alt 117 | 1 |
| Úsáid a Baineadh le déanaí as an ECHR sna Cúirteanna, Nós imeachta… | 1 |
| An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 | 1 |
| An dara fóram um inimirce agus beartas Tearmainn an AE | 2 |
| Seimineár um Idirghabhálacha Amicus Curiae | 1 |
| Sraith na Seimineár um Iasachtú Tráchála | 2 |
| Struchtúir Mhuirir Seirbhíse in Eastáit Bhainistithe | 2 |
| Shortt -v- Coimisinéir an Gharda Síochána. Impleachtaí do Chleachtóirí Dlí | 1 |
| Comhdháil Earraigh SYS 2007 | 1 |
| Impleachtaí Cánach na nIdirbheart Tíolacais | 1 |
| Cánachas i dTíolacas | 1 |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil 2007 – céim rófhada chun tosaigh? | 8 |
| An Bille um Cheartas Coiriúil 2007 | 1 |
| An chéad 10 gCeap Tuisle Fianaise do Dhlíodóirí Sibhialta | 1 |
| Fadhbanna agus Ceapa Tuisle Muiníne | 1 |
| Nósanna Imeachta Araíonachta agus Gearáin san Áit Oibre | 1 |


**Bainistíocht/Forbairt Foirne/Scileanna**


| | |
|---|---|
| Bainistíocht Chásanna a Shocrú go Leictreonach (ACME) | 131 |
| Nuashonrú Praiticiúil ar Rialachas Corparáideach san Earnáil Phoiblí | 1 |
| Aghaidh a thabhairt ar Bhulaíocht agus Ciapadh san Áit Oibre | 2 |
| Seimineáir um Bulaíocht agus Ciapadh san Áit Oibre | 1 |
| Cúrsa d'Imscrúdaitheoir Bulaíochta agus Ciaptha | 2 |

| | |
|---|---|
| Clár Feabhsúcháin an Phróisis Ghnó | 1 |
| TF a Cheannach san Earnáil Phoiblí | 1 |
| Athrú agus Dúshlán sa tSeirbhís Phoiblí | 4 |
| Réiteach Díospoidí Sibhialta agus an Earnáil Stáit | 2 |
| Oiliúnú | 42 |
| Réiteach Cruthaitheach Fadhbanna | 82 |
| Seirbhís do Chustaiméirí | 200 |
| Scileanna Éascaíochta | 48 |
| Inniúlacht Bainistíocht Airgeadais | 242 |
| Faisnéis Dlí a Aimsiú agus a Thuiscint | 1 |
| Garchabhair | 9 |
| Seimineár um Shaoráil Faisnéise | 1 |
| Saoráil Faisnéise – Treoir phraiticiúil | 3 |
| Sláinte agus Sábháilteacht san Áit Oibre in Éirinn | 1 |
| Comhtháthú CBFF le Beartais agus Cleachtais Acmhainní Daonna | 242 |
| Comhdháil Ghrúpa Úsáideoirí Agresso na hÉireann | 1 |
| Oiliúint Teanga (Fraincis) | 1 |
| Oiliúint Teanga (Gaeilge) | 2 |
| Ceannaireacht agus Inspreagadh | 42 |
| Comhdháil Úsáideoirí Comhad Amhairc Lexis Nexis | 1 |
| Bainistíocht Líne | 1 |
| Forbairt Phearsanta, lena n-áirítear Scileanna Agallaithe | 86 |
| Forbairt Phearsanta, lena n-áirítear Cothromaíocht idir an Saol agus an Obair/Bainistíocht Struis | 91 |
| Scileanna Cuir i Láthair agus Cumarsáide | 3 |
| Ceardlann um Sheirbhísí Gairmiúla na Cánach Siarchoimeádaí | 3 |
| Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sna Leabharlanna | 1 |
| Seimineár ar an tSoláthair Phoiblí | 2 |
| An Earnáil Phoiblí a Athmhúnlú | 1 |
| Bainistíocht Riosca do Ranna Rialtais | 4 |
| Teicníochtaí Bainistíocht Riosca do Thionscadail agus Cláir Rialtais | 4 |
| Ráiteas Straitéise agus Pleananna Gnó | 242 |
| Dul i nGleic le saincheisteanna Deacra san Áit Oibre | 1 |
| Foirne, Réiteach Fadhbanna agus Déanamh Cinntí | 42 |
| Obair Foirne | 200 |
| An tAontas Eorpach agus Éire | 2 |
| Closcríbhneoireacht | 6 |
| An tIdirlíon a úsáid chun Faisnéis Dlí a Aimsiú | 1 |
| Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus Beartas | 1 |
| CBL don Stát agus don Leathstát | 2 |
| Cumarsáid Scríofa, lena n-áirítear Scríobh Miontuairiscí agus Scríobh Tuarascála | 69 |

# Iarscríbhinn I

## Cairt Eagraíochta:




An Príomh-Aturnae Stáit
Rannóg na Sócmhainní Coiriúla
Leas-Chúntóir An Leas-
An Rannán Comhairleach
An Leas-Phríomhaturnae Stáit
An Rannóg Shainchomhairleach
Leas-Chúntóir An Príomh-
Cásanna um Dhlíthíocht Stáit agus na hEorpa
Leas-Chúntóir An Príomh-Aturnae Stáit
An Rannóg Chomhairleach Ghinearálta
Leas-Chúntóir An Príomh-
Rannóg na gConarthaí Tráchtála
An Príomh-Aturnae
An Rannán um Maoin Stáit
An Leas-Phríomhaturnae Stáit
An Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt
An Príomh-Aturnae
An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta
Ardaturnae Stáit
An Rannóg um Oifig na nOibreacha Poiblí agus Sláinte agus Leanaí
Leas-Chúntóir
An Rannán Dlí Poiblí
An Leas-Phríomhaturnae Stáit
Rannóg Tráchtála agus Bunreachta
Leas-Chúntóir An Príomh-
Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha
An Príomh-Aturnae
An Rannán Tearmainn agus Seirbhísí Dlí
An Leas-Phríomhaturnae
An Rannóg Tearmainn
Leas-Chúntóir An Príomh-Aturnae Stáit
An Rannóg Seirbhísí Dli
An Príomh-Fheidhmeannach
An Rannán Ceartais agus Dlí Choitinn
An Leas-Phríomhaturnae
Rannóg na nÉileamh Tortach
An Príomh-Aturnae
An Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta
An Príomh-Aturnae
Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta
Leas-Chúntóir An Príomh-Aturnae
An Rannán Riaracháin
Ceann Riaracháin Príomhoifigeach
An tOifigeach Acmhainní Daonna
Príomhoifigeach Cúnta
Teicneolaíocht Faisnéise
Bainisteoir TF
Leabharlann agus Fios Gnó
Leabharlannaí Dlí
Aonad na gCuntas
Príomhfheidhmeannach
Aonad Seribhísí Oifige
Príomhfheidhme
An tAonad Oiliúna agus Forbartha
Príomhfheidhme
Aonad na dTaifead agus Clárlainne
Oifigeach Bainistíochta

## IARSCRÍBHINN J

### CÁSANNA NA HARD-CHÚIRTE Ó 2007 LENAR BHAIN AN STÁIT

**John Kennedy v an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag MacMenamin J ar 11/01/2007
Lorg an t-iarrthóir dearbhú go raibh alt den reachtaíocht frith-éillithe neamhbhailí agus nár luigh sé le hoibleagáidí ECHR.

**E.F. agus T.F. v An tAire Oideachais agus Eolaíochta, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Smyth J ar 12/01/2007
Bhain an cás seo le riachtanais ghearánach, ar leathchúplaí uathacha iad, le haghaidh teiripí agus oideachais de bhun an Achta Oideachais 1998.

**Alan Gray, Phyllis Gray agus Francis Gray v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Quirke J ar 17/01/2007
Bhí damáistí á n-éileamh ag na gearánaigh as faillí, anacair agus sárú príobháideachta ar an mbonn go raibh faisnéis nochta go neamhdhleathach ag na Gardaí do na meáin chumarsáide agus baill den phobal áitiúil faoi chiontóir gnéis ciontaithe a bhí ina chónaí leis na gearánaigh.

**Guylain Maniatu Banzuzi v An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tArd-Aighne agus Éire (leis an Coimisiún um Chearta an Duine mar fhógraphairtí)**
Breithiúnas tugtha ag Feeney J ar 18/01/2007
Rinne an t-iarrthóir aighneacht gur theip ar an mBinse, *inter alia*, chun faisnéis iomlán na tíre bunaidh a bhreathnú, agus nár bhain sé ach úsáid roghnach as an bhfaisnéis sin.

**Paddy Doherty agus Bridget Doherty v Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Éire agus an tArd-Aighne (leis an Coimisiún um Chearta an Duine mar fhógraphairtí)**
Breithiúnas tugtha ag Charleton J ar 22/01/2007
Lorg na hiarrthóirí dearbhú gur sáraíodh a gcearta bunreachtúla agus ECHR mar thoradh ar theip líomhna na bhfreagróirí chun a chinntiú go raibh carbhán le téamh lárnach, insliú agus pluiméireacht inmheánach ann.

**U.I. v An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne (leis an Coimisiún um Chearta an Duine mar fhógraphairtí)**
Breithiúnas tugtha ag Murphy J ar 23/01/2007
Lorg an t-iarrthóir, *inter alia*, dearbhú nár luigh riail an dlí a rialaíonn scóip an athbhreithnithe bhreithiúnaigh a bhaineann le cinntí tearmainn leis an ECHR.

**Frank Ward v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tArd-Aighne (leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí mar fhógrapháirtí)**
Breithiúnas tugtha ag McGovern J ar 25/01/2007
Lorg an t-iarrthóir, *inter alia*, dearbhú gur sáraíodh a cheart bhunreachtúil ar thriail chothrom toisc nár cuireadh saoráidí ná deis ar fáil dó chun dul i gcomhairle go príobháideach lena chomhairleoirí dlí

cuireadh faoi choimeád é os comhair Chúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath tar éis éisteacht eatramhach roimh a thriail, rud atá contrártha d'Airteagal 38.1 den Bhunreacht.

**Mary Farrell agus Tom Costello v. An tAire Oideachais agus Eolaíochta, Coiste Gairmoideachais Chontae an Longfoirt agus Coiste Gairmoideachais Chontae Ros Comáin**
Breithiúnas tugtha ag Feeney J ar 28/02/07
Bhí cinneadh i gceist leis an gcás seo maidir le cibé an raibh nó nach raibh bunús riaracháin, feidhmiúcháin nó oideachais ag baint le hobair an oifigigh Oideachais d'Aosaigh.

**Fuat Llanaj v Doreen Shivnen ag feidhmiú thar ceann an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (céad fhographáirtí) agus Éire agus an tArd-Aighne (dara fógrapháirtí)**
Breithiúnas tugtha ag Feeney J ar 09/02/2007
Lorg náisiúnach Albánaigh cinneadh de chuid an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe a chur ar neamhní.

**Kildare Meats Limited agus Kildare Chilling Company Limited v. An tAire Talmhaíochta agus Bia**
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J ar 09/02/2007
Rialaigh an Ard-Chúirt ar dhúshlán roimh lua éilimh leasaithe an ghearánaigh i gcás lenar bhain athghairm réamh-aisíocaíochtaí easpórtala.

**Catherine Martin agus Diarmuid Doorley v An Bord um Chúnamh Dlíthiúil, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J on 23/02/2007
Ba aturnaetha iad na gearánaigh a bhí fostaithe ag an gcéad chosantóir agus bhí na faoisimh dearbhúcháin seo a leanas á lorg acu (a) dearbhú go raibh cinneadh an Bhoird chun cead rochtana neamhchuibhrithe a cheadú, leis féin agus/nó ag a oifigigh údaraithe, ar chomhaid cháis neamhnithe, *ultra vires* agus ag sárú fhorálacha an Bhunreachta agus Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine; agus (b) más gá, dearbhú go raibh alt 32(2) den *Civil Legal Aid Act*, 1995 neamhbhailí agus contrártha ag féachaint d'fhorálacha an Bhunreachta agus, go háirithe, Airteagail 34, 38 agus 40 de.

**Richard Muldarry v an tOifigeach i gCeannas ar an 29ú Grúpa Coisithe na Cosaive, Éire, an Taire Cosanta agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag De Valera J ar 02/03/2007
Bhain an t-athbhreithniú breithiúnach le cibé an raibh an cinneadh chun an t-iarrthóir a aisdúichiú a d'eascair ó imeachtaí araíonachta míchothrom agus/nó *ulra vires.*

**Patrick Grace v Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J ar 07/03/2007
Lorg an gearánaí dearbhú neamhluí le hoibleagáidí an Stáit faoi Airteagal 6 ECHR maidir leis na ceanglais a raibh gá leo a chomhlíonadh in Alt 85(4) den Acht Féimheachta 1988 sula bhféadfaí é a urscaoileadh ón bhféimheacht.

**Patrick Farrelly v Coimisinéar an Gharda Síochána, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J ar 13/03/2007
Lorg an t-iarrthóir ordú toirmisc ag cur srian ar fhiosrúchán faoi mhionn i líomhaintí maidir le sárú araíonachta ina choinne.

**USK agus District Residents Association Limited v An Bord Pleanála, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Kelly J ar 14/03/2007
An cinneadh déanta ag an Bord Pleanála chun cead pleanála a dheonú curtha ar neamhní toisc gur theip air dóthain taifeadta a dhéanamh, nó taifeadadh a dhéanamh ar chor ar bith, ar a chinneadh a cheadaigh na coinníollacha a bhí ceangailte leis an gcead sin.

**Mary Ward v an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Éire, an tArd-Aighne, Bord Sláinte an Oirthuaiscirt agus le hOrdú Noreen O'Shea**
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J ar 16/03/2007
Is éard a bhí sa chás an t-iarratas chun Tairiscintí a dheonú chun cás a dhíbhe mar thoradh ar mhoill mhíréasúnta. Bhreithnigh O'Neill J chun an faoiseamh a lorgaíodh a dheonú. Dá gceadófaí don triail leanúint ar aghaidh, bheadh scigaithris cheartais i gceist mar thoradh ar an tréimhse ama a bhí caite agus caillteanas na fianaise ar fáil.

**An tAire Airgeadais v. Una McArdle**
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J ar 22/03/2007
Is éard a bhí i gceist leis an gcás seo cearta oibrí ar chonradh téarma seasta a fostaíodh ag an tSaotharlann Stáit faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003.

**S.E. (A Minor) ag agairt faoina mháthair agus a neaschara V.E. v An Coimisinéar Iarratas Dídeanaithe, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne (leis an gCoimisiún um Chearta an Duine mar fhógrapháirtí)**
Breithiúnas tugtha ag Murphy J ar 23/03/2007
Lorg an t-iarrthóir cead go ndéanfaí athbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh a rinne an freagróir chun stádas dídeanaí a dhiúltú ar an mbonn nár bhain creidiúnacht leis an iarratas.

**T.A. v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Coimisinéar Iarratas Dídeanaithe, an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe agus Ard-Aighne na hÉireann**
Breithiúnas tugtha ag Charleton J ar 30/03/2007
Lorg an t-iarrthóir cead d'athbhreithniú breithiúnach ar an mbonn go raibh earráidí sna doiciméid a cuireadh os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe.

**M. v An tAire Sláinte agus Leanaí**
Breithiúnas tugtha ag Hanna J ar 30/03/2007
Bhain an t-ábhar seo le hachomharc i gcoinne cinneadh an Bhinse um Chúiteamh Heipitíteas C maidir le costais a bronnadh.

**Q. v An tAire Sláinte agus Leanaí**
Breithiúnas tugtha ag Hanna J ar 30/03/2007
Bhain an t-ábhar seo le hachomharc ó dhámhachtain ó chinneadh an Bhinse um Chúiteamh Heipitíteas C maidir le héileamh cúramóra.

**Agbonlahor agus daoine eile v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Feeney J ar 18/04/2007
D'éiligh na hiarrthóirí gur sáraíodh a chearta faoi Airteagal 8 ECHR le cinneadh an Aire gan na horduithe díbeartha a rinneadh maidir leis na hiarrthóirí a aisghairm.

**T.G. v David McHugh (Ag gníomhú thar ceann an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe) agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Charleton J ar 18/04/2007
Lorg an t-iarrthóir moladh ón bhfreagróir céadluaite a chur ar neamhní tar éis iarratas ar thearmainn a dhéanamh nár ceadaíodh.

**Alan Morgan v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Coimisinéar an Gharda Síochána**
Breithiúnas tugtha ag McGovern J ar 20/04/2007
Tugadh cead don iarrthóir chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ar ordú ag toirmeasc nó ag srianadh na chéad fhreagróra chun ionchúiseamh an iarrthóra a lorg ar an mbonn nár lorg na freagróirí fianaise físeáin ná níor choimeád siad a fhianaise sin a d'fhéadfadh cabhrú leis an iarrthóir chun é féin a chosaint.

**An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Mohammed Iqbal; Mohammed Iqbal v An Ard-Aighne, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí**
Breithiúnas tugtha ag Peart J ar 24/04/2007
Bhain na céad imeachtaí leis an iarratas a rinneadh faoin mBarántas Gabhála Eorpach ar ghéilleadh an fhreagróra chuig an Ríocht Aontaithe agus sa dara imeachtaí, lorg an gearánach dearbhuithe maidir le bailíocht na reachtaíochta a thugann éifeacht do na bearta Eorpacha.

**An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Maros Sulej agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Tomas Puta; Maros Sulej v an tArd-Aighne agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Tomas Puta v an tArd-Aighne agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí**
Breithiúnas tugtha ag Peart J ar 24/04/2007
Is éard a bhí i gceist leis na himeachtaí agóid a rinne na freagróirí i gcoinne iad a ghéilleadh chuig Poblacht na Seice de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh.

**Flaw Shanahan, John Thomas McCormack agus John Stephenson v P.J. Carroll & Co. Ltd. agus Wills (Éire) Ltd., Gallaher (Baile Átha Cliath) Ltd. agus le hordú, an tAire Sláinte agus Leanaí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Gilligan J ar 24/04/2007
Thug na gearánaigh caingean i gcoinne na gcosantóirí faoin *Liability for Defective Products Act 1991*, ag éileamh damáistí as díobhálacha pearsanta a tharla mar thoradh ar thionchair an chaithimh tobac.

**Peter Sweetman v An Bord Pleanála, Éire agus an tArd-Aighne (le Comhairle Contae an Chláir mar fhógraph//páirtí)**
Breithiúnas tugtha ag Clarke J ar 26/04/2007
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne bhailíocht an cheada a thug an Bord Pleanála le haghaidh scéim bhóthair de bhun Alt 50(4)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, agus d'éiligh an t-iarrthóir gur theip ar Éirinn a hoibleagáidí faoin Treoir 2003/35/CE ón gComhairle a chomhlíonadh.

**Mrs. Hazel Lawlor v Na Comhaltaí den Bhinse Fiosrúcháin ar Ábhair agus Íocaíochtaí Áirithe Pleanála (le hÉirinn agus an tArd-Aighne mar fhógraphháirtithe)**
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J ar 27/04/2007
Lorg an t-iarrthóir chun fanacht ar éisteacht Quarryvale Modúl II den Bhinse.

**T.R.T. v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Coimisinéar Iarratas Dídeanaithe, an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Dunne J ar 04/05/2007

Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne an diúltaithe chun a stádas dídeanaí a cheadú agus an chinnidh chun í a dhíbirt.

**A.C. v Denis Linehan (comhalta den Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe) agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí**
Breithiúnas tugtha ag Gilligan J ar 04/05/2007
Lorg an t-iarrthóir, Cosovach de bhunadh Romaigh, cead chun iarratas a dhéanamh ar ordú *certiorari* a neamhneodh cinneadh an fhreagróra chéadluaite chun diúltú a thabhairt d'achomharc an iarrthóra i gcoinne mholadh an Choimisinéara Iarratas Dídeanaithe nach raibh an t-iarrthóir i dteideal stádas dídeanaí, chomh maith le hurghaire a chosain an freagróir daraluaite ón iarrthóir a dhíbirt ar feitheamh chinneadh an n-imeachtaí.

**L.L. v F.X.I.S., B.A., an tAire Oideachais agus Eolaíochta, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí , C.D.A., T.F.L.C., Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Peart J ar 16/05/2007
Lorg an gearánach chun an tréimhse ama a shíneadh maidir le Ráiteas Éilimh a sheachadadh ar dhuine de na cosantóirí.

**S.O.C. (agairt mionaoisigh faoina athair agus a neaschara, COC) v An tAire Oideachais agus Eolaíochta, an tAire Sláinte agus Leanaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Peart J ar 16/05/2007
Bhain an cás seo le riachtanais ghearánaigh uathaigh a bhí ag lorg dearbhuithe maidir le sárú déanta ag na cosantóirí ar a chearta bunreachtúla ar sheirbhísí cuí oideachais agus cúram sláinte, agus cearta reachtúla faoin Acht Oideachais 1998, an tAcht um Chúram Leanaí, an tAcht um Stádas Comhionann, 2000, agus faoin Acht Sláinte 1970. Lorg an gearánach damáistí as sáruithe cearta, faille agus sárú ar an dualgas reachtúil. **Bhreithnigh** Peart J diúltú a thabhairt do na faoisimh a lorgaíodh: Baineann cothrom na dóchúlachta le caighdeán na fianaise nach mór don ghearánach a sholáthar maidir le cibé ar neamhchomhlíon an Roinn Oideachais a dualgais i leith an oideachas cuí a sholáthar do S. Níor theip ar an Aire Oideachais soláthar a dhéanamh d'oideachas do S. Ceanglaítear ar an Aire faoin mBunreacht 'soláthar a dhéanamh d'oideachas' agus ní 'oideachas a sholáthar'. Fad is a dhéanann an t-Aire an soláthar do 'oideachas cuí' comhlíontar an dualgas bunreachtúil. Níor chomhlíon an gearánach dualgas an chruthúnais chun a léiriú nach ionann an soláthar eicléictiúil agus go háirithe mar a cuireadh síos mar Mhúnla A, agus soláthar cuí uathach-shainiúil. Damáistí ginearálta as caillteanas 12 mí sa soláthar idirghabhálacha cuí, an tionchar a bhain leis sin ar ráta dul chun cinn forbartha S ag am ríthábhachtach agus ar a iompraíocht ag Eur50,000. Dámhachtain as damásití eiseamláireachta nó pionósacha diúltaithe. Damáistí speisialta bronnta i roinnt catagóirí arbh ionann iad agus Eur10,686.

**F.O., Y.O. (agairt mhionaoisigh faoina máthair agus a neaschara, F.O.), A.O. (agairt mhionaoisigh faoina mháthair agus a neaschara) v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Coimisinéar Iarratas Dídeanaithe, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag McGovern J ar 16/05/2007
Judicial review of a decision to refuse refugee status.

**S.M., A.M.M., (agairt mhionaoisigh faoina máthair agus a neaschara, S.M. v An Coimisinéar Iarratas Dídeanaithe, an Binse Achomhairc Dídeanaithe, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne (leis an gCoimisiún um Chearta an Duine mar fhógrapháirtí)**
Breithiúnas tugtha ag Hedigan J ar 17/05/2007

Ba iarratas é seo chun cead a fháil chun athbhreithniú breithiúnach a lorg ar chinneadh an Bhinse chun stádas dídeanaí a dhiúltú do na hiarrthóirí.

**J.B. v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Coimisinéar Iarratas Dídeanaithe, Éire agus an tArd-Aighne (leis an gCoimisiún um Chearta an Duine mar fhógraphháirtí)**
Breithiúnas tugtha ag Hedigan J ar 18/05/2007
Ba iarratas é seo ar chead chun athbhreithniú breithiúnach a lorg ar chinneadh an Bhinse chun stádas dídeanaí a dhiúltú don iarrthóir.

**K.K. v Patrick Hurley ag gníomhú thar ceann an Bhinse Achomhairc Dídeanaithe, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag McGovern J ar 22/05/2007
Lorg an t-iarrthóir agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chun stádas dídeanaí a dhiúltú dó, agus é ag líomhain go raibh earráidí fírice.

**Lett & Company Limited v Bardas Buirge Loch Garman, an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Daonna agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Clarke J ar 23/05/2007
Is éard a bhí sa chás éileamh déanta ag an ngearánach go raibh ionchas dlisteanach aige go mbronnfar cúiteamh air as ceadúnas imeall trá a chailleadh.

**A.F. Ak. v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne [2005 Uimh. 642 JR] agus A.F. Ay. v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne [2005 Uimh. 600 JR]**
Breithiúnas tugtha ag Feeney J ar 24/05/2007
Ba imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh iad seo a bhain le horduithe díbeartha maidir leis an mbeirt iarrthóirí ar theip orthu stádas dídeanaithe a fháil sa Stát.

**S.K. agus T.T. v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Hanna J ar 28/05/2007
Ba iarratas é seo chun athbhreithniú breithiúnach a lorg ar dhiúltú an Aire chun cead cónaithe sa Stát a thabhairt don iarrthóir céadluaite.

**Catherine Murphy agus Finian McGrath v An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Clarke J ar 07/06/2007
Rinne na gearánaigh agóid i gcoinne bhunreachtúlacht chomhréir na dTeachtaí Dála le daonra an toghcheantair.

**A.W.S. v Des Zaidan (ag gníomhú thar ceann an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe), an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (an chéad fhógraphháirtí), agus Éire agus an tArd-Aighne (dara fógraphháirtí)**
Breithiúnas tugtha ag Dunne J ar 12/06/2007
Lorg an t-iarrthóir cead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach maidir le cinneadh an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe.

**Comcast International Holdings Inc., Declan Ganley, Ganley International Limited agus GCI Limited v An tAire Fiontar Poiblí, Michael Lowry, ESAT Telecommunications Limited, Denis O'Brien, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Gilligan J ar 13/06/2007
Thionscain na gearánaigh imeachtaí a líomhain éilliú, míghníomh in oifig phoiblí, calaois agus meabhlaireacht i gcoinne cosantóirí an Stáit maidir le cinneadh a rinneadh i 1995 chun ceadúnas teileafóin phóca a bhronnadh ar na cosantóirí eile, de rogha ar iarrarais na ngearánach.

**Greencore Group PLC agus Irish Sugar Limited ag Trádáil mar Greencore Sugar v Rialtas na hÉireann, an tAire Talmhaíochta agus Bia, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Clarke J ar 14/06/2007
Bhain na himeachtaí seo le scéim a chur i bhfeidhm um athstruchtúrú an tionscail siúcra de bhun, *inter alia*, Rialachán 320/2006 ón gComhairle.

**Price v Gobharnóir Phríosún Mhuinseo agus an MJELR.**
Breithiúnas tugtha ag McGovern J ar 15/06/2007
Ba iarratas é seo ar athbhreithniú breithiúnach ag eacairt as smachtbhannaí a cuireadh I bhfeidhm ar na freagróirí de bhun na Rialacháin Príosúin (Cód Araíonachta d'Oifigigh)1996 (I.R. 289/1996) agus é a chur ar fionraí faoi alt 13 d'Acht Rialaithe na Stát-Sheirbhíse 1956.

**Simmonds v Comhairle Buirge Chill Chainnigh, Coimisinéar an Gharda Síochána, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Smyth J ar 15/06/2007
Bhain an cás seo le cur i bhfeidhm na nAchtanna Corr-Thrádála, agus rialacháin agus fodhlíthe déanta futhu.

**H.I. v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, Éire agus an tArd-Aighne (leis an gCoimisiún um Chearta an Duine mar fhógrapháirtí)**
Breithiúnas tugtha ag McGovern J ar 19/06/2007
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne an diúltaithe chun stádas dídeanaí a cheadú dó agus an chinnidh chun é a dhíbirt.

**John Rooney v an tAire Talmhaíochta agus Bia, an tAire Airgeadais, an Taoiseach, Éire agus an tArd-Aighne agus Ors**
Breithiúnas tugtha ag Smyth J ar 19/06/2007
Ba í an tsaincheist sa chás seo cibé ar chuir ordú SC ag srianadh a imeachtaí breise srian ar an ngearánach as aon chéimeanna eile a ghlacadh sna himeachtaí a tionscnaíodh roimh dháta an ordaithe SC, seachas mar a bhain le costais chánachais agus seachas le cead na Cúirte Uachtaraí.

**D.W.G. v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí; M.T.O. agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí**
Breithiúnas tugtha ag Birmingham J ar 26/06/2007
Bhain an dá chás seo le hagóidí i gcoinne iarratais tearmainn ar teipeadh orthu.

**N.N. v An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe (Elizabeth O'Brien), Comhalta den Bhinse, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag McGovern J ar 28/06/2007
Lorg an t-iarrthóir chun cinneadh an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe a chur ar neamhní, ag líomhain sárú nósanna imeachta cothroma agus an cheartais nádúrtha.

**Cumann Cogásaíochta na hÉireann agus eile v An tAire Sláinte agus Leanaí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Clarke J ar 29/06/2007
Bhain an cás leis an gconradh idir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus cógaiseoirí aonair. Rinneadh foráil go ndáilfeadh cógaiseoirí leighis saor in aisce go ginearálta, sa chás nach ngearrfadh an cógaiseoir muirear ar an othar ach go bhfaigheadh siad cúiteamh ón Stát mar chuid den tSeirbhís Mhíocháine Ginearálta. Reoigh an tAire na réamhíocaíochtaí sin mar chinneadh an Rialtais, agus d'éiligh an IPU go raibh an tAire ag sárú an chomhaontaithe a socraíodh i 1996, chomh maith leis na conarthaí aonair leis na cógaiseoirí.

**Fionuala Sherwin v An Bord Pleanála agus Comhairle Contae Fhine Gall**
Breithiúnas tugtha ag Edwards J ar 03/07/2007
Bhain an t-ábhar seo le hiarratas ar ordú certiorari ag neamhnigh cinneadh ón mBhord Pleanála a dhearbhaigh gur forbairt agus forbairt dhíolmhaithe iad oibreacha áirithe chun athruithe a chur ar leagan amach inmheánach séipéil.

**D.F. v Aine McGarty, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, an tAire Sláinte agus Leanaí, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Michael Neary, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Gilligan J ar 12/07/2007
Rinne an gearánach éileamh i gcoinne na gcosantóirí éagsúla ar thrí fhoras: ar an gcéad dul síos, dlíthiúlacht choinneáil an ghearánaigh i scoil tionscail dheimhnithe; ar an dara dul síos, an drochíde ghinearálta a líomnaíodh gur tugadh di agus í á coinneáil sa scoil tionscail; agus ar an tríú dul síos, líomhain gur baineadh mí-úsáid ghnéasach aisti agus í á coinneáil ann.

**S.M v Éire, an tArd-Aighne Attorney agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**
Breithiúnas tugtha ag Laffoy J ar 12/07/2007
Ba agóid é an cás seo i gcoinne bunreachtúlacht Alt 62 den *Offences Against the Person Act* 1861.

**Atlantean Limited v An tAire Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Clarke J ar 12/07/2007
Rinne an gearánach agóid i gcoinne chinntí an Aire a raibh tionchar aige maidir le laghdú an chuóta iascaireachta ronnach a leithdháileadh ar an gcuideachta gearánaigh.

**V.B. v Des Zaidan (ag gníomhú thar ceann an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe), an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Birmingham J ar 13/07/2007
Is éard a bhí sa chás seo iarratas ar chead chun athbhreithniú breithiúnach a iarraidh i ndiaidh iarratais ar thearmann nár éiríodh leis.

**Kavanagh v an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tAire Sláinte agus Leanaí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag T.C. Smyth J ar 17/07/2007
Rinne an t-iarrthóir agóid i gcoinne bailíocht chinnidh ar bith chun príosún a fhorbairt ag láithreán ar a dtugtar Thornton Hall i gCo. Bhaile Átha Cliath.

**K.M. agus D.G. v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J ar 17/07/2007
Lorg an t-iarrthóir ordú mandamus ag tabhairt ordú don Aire cinneadh a dhéanamh, laistigh de thréimhse ama réasúnta, maidir lena iarratas ar chead chun fanacht sa Stát de bhun a phósta leis an bhfreagróir dara luaite ar shaoránach Éireannach í.

**Thomas Noonan v Coimisinéar an Gharda Síochána**
Breithiúnas tugtha ag McKechnie J ar 17/07/2007
Bhain an cás seo leis an athbhreithniú breithiúnach chun an cinneadh a chur ar neamhní agus fiosrúcháin araíonachta a mholadh.

**K.M. v An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J ar 18/07/2007
Lorg an t-iarrthóir cead chun athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar chinneadh an Bhinse chun stádas dídeanaí a dhiúltú.

**J.B. v Bord Sláinte an Deiscirt, an tAire Sláinte agus Leanaí, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag de Valera J ar 20/07/2007
Cur i bhFeidhm Alt 16 den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961 – lorg an gearánaí damáistí ó na cosantóirí as mí-úsáid a baineadh as in institiúid chónaithe a reáchtáil ag Bráithre na Carthanachta.

**C.I.E. v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Peart J ar 27/07/2007
Lorg an t-iarrthóir cead daonnúil chun fanacht de bhun Alt 3 den Acht Inimirce 1999.

**Dona Sfar v Comhairle Contae Lú, an tAire Comhshaoil, an tArd-Aighne agus Éire**
Breithiúnas tugtha ag Feeney J ar 27/07/2007
Lorg an t-iarrthóir, le linn iarratais fhorluiteacha athbhreithnithe bhreithiúnaigh, dearbhuithe, urghairí agus mandamus maidir le hurghabháil mhadraí agus ainmhithe eile de chuid an iarrthóra ag Comhairle Contae Lú.

**V.O., J.O. (agairt mionaoisigh faoina máthair agus a neaschara, V.O.) agus eile v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne (leis an gCoimisiún um Chearta an Duine mar fhógraph áirtí)**
Breithiúnas tugtha ag Peart J ar 27/07/2007
Iarratas ar chead chun athbhreithniú breithiúnach a lorg ar iarratais ar thearmann ar diúltaíodh dóibh, lena n-áirítear dearbhuithe gur sháraigh díbirt an fhir chéile/athair an teaghlaigh Airteagal 8 ECHR agus Airteagail 40 agus 41 den Bhunreacht.

**F.A. agus B.A. (agairt mionaoisigh faoina máthair agus a neaschara, F.A.) v An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Peart J ar 27/07/2007
Iarratas ar chead chun athbhreithniú breithiúnach a lorg ar iarratas ar thearmann ar diúltaíodh dó.

**Gareth McCarthy v an Breitheamh Patrick Brady agus Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**
Breithiúnas tugtha ag De Valera ar 30/07/2007

Is éard a bhí sa bhreithiúnas seo, cinneadh faoi thréimhse an fhionraithe maidir le pianbhreith ar fionraí.

**Mark Gibbons v Coimisinéir an Gharda Síochána**
Breithiúnas tugtha ag Edwards J ar 30/07/2007
Lorg an t-iarrthóir faoiseamh trí athbhreithniú breithiúnach ag cur srian ar an bhfreagróir a thuilleadh próiseála a dhéanamh ar imeachtaí araíonachta a phróiseáil ar bhonn moill dhochrach.

**Robert Burns v An Gobharnóir agus Cuideachta Bhanc na hÉireann, Coimisinéar an Gharda Síochána, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Gilligan J ar 27/07/2007
Agóid bhunreachtúil i gcoinne Alt 31(8) den Acht um Cheartas Coiriúil 1994.

**R.R. v P.D., an tAire Cosanta, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Johnson P ar 30/07/2007
Bhain saincheist maidir le Reacht na dTréimhsí leis an gcás seo i leith éilimh ar strus iarthrámach.

**J.B.R. v Ricardo Dourado (ag gníomhú thar ceann an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe), an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Peart J ar 31/07/2007
Lorg an t-iarrthóir seo cead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe a chosain an toradh gur theip ar an iarrthóir a stádas dídeanaí a chruthú.

**Michael Kavanagh v Rialtas na hÉireann, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Smyth J ar 31/07/2007
Rinne an gearánach agóid i gcoinne forbairt láithreáin tuaithe 150 acra atá criosaithe chun críche talmhaíochta, ag feirm Thornton Hall, áit a mholtar go lonnófar príosún nua Stát agus ospidéal lárnach meabhraill lárnach, ar an mbonn nach ndearnadh aon chomhairliúchán poiblí roimh ré agus nach ndearnadh aon mheasúnú cuí tionchair timpeallachta de réir dlí an AE.

**Byrne & Leahy v Shannon Foynes Port Company agus an tAire Iompair**
Breithiúnas tugtha ag Clarke J ar 07/09/2007
Is éard a bhí i gceist leis an gcás seo, na tástálacha atá le déanamh, ar an gcéad dul síos maidir le pribhléid doiciméid a cuireadh san áireamh i sceideal le mionscríbhinn fhollasaithe nach bhfuil aon éileamh pribhléide déanta ina leith iarbhír, agus ar an dara dul síos, cibé an raibh na gearánaigh i dteideal doiciméadú breise a raibh éileamh déanta ar phribhléid ina leith agus a d'fhéadfadh a mhaíomh go raibh sé nasctha leis na doiciméid atá nochta anois.

**G.T. v K.A.O. (leis an Ard-Aighne mar fhógraphháirtí)**
Breithiúnas tugtha ag McKechnie J ar 10/09/2007
Cás "Mr. G"– cibé an raibh baint leanaí an athar neamhphósta (an iarrthóra) ón ndlínse seo, gan a chead, gan fhios dó nó gan faomhadh a fháil uaidh, "éagórach" laistigh de bhrí Choinbhinsiún na Háige maidir le Gnéithe Sibhialta d'Fhuadach Idirnáisiúnta Leanaí, agus Rialachán 2201/2003 ón gComhairle; agus cibé ar chuir an bhaint sin isteach ar chearta an iarrthóra faoi Airteagal 8 ECHR.

**Quinn Direct Insurance Limited v An Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais**
Breithiúnas Geoghegan J tugtha ar 04/10/2007

Bhí baint ag an gcás seo maidir le cibé an raibh treoir ón Ombudsman do sholáthraí seirbhíse *ultra vires*.

**Peter Whelan agus Paul Lynch v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Irvine J ar 05/10/2007
Agóid bhunreachtúil agus ECHR i gcoinne na pianbhreithe saoil sainordaithí don fhoráil dúnmhairithe in Alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil 1990.

**Holidays Limited v An Bord Pleanála, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Clarke J ar 05/10/2007
Ba iarratas é seo ar athbhreithniú breithiúnach ag déanamh agóid i gcoinne chinneadh an fhreagróra chéadluaite chun an deonú ceada chun gléasra cóireála bainistíochta fuíolluisce a thógáil a chosaint.

**T.G. v An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Birmingham J ar 07/10/2007
Lorg an t-iarrthóir cead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh a dhiúltaigh stádas dídeanaí dó, ag argóint go raibh dhá dhoiciméad ábhartha ann agus gur braitheadh ar cheann amháin acu ach go bhfágfadh an ceann eile ar leataobh agus nach ndearnadh anailís air go cuí.

**Emerald Meats Limited v An tAire Talmhaíochta, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Feeney J ar 08/10/2007
Dámhadh damáistí ginearálta agus speisialta ar an ngearánach i gcoinne an chosantóra chéadluaite as sárú dualgais trí theip ar iarratas an ghearánaigh a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach ar chuóta brabúsach fheoil GATT (feoil a allmhairíodh isteach san AE faoi chóras trádála GATT, saor ón ngnáth-tháille ach faoi réir dhleacht 20%; leithdháileadh an fheoil ar thrádálaithe ar chóras cuóta ag an gCoimisiún.) Tarchuireadh measúnú ar dhamáistí ginearálta chuig an gcúirt sa chás seo.

**An tArd-Aighne v Simon Murphy**
Breithiúnas tugtha ag Peart J ar 17/10/2007
Lorg an t-iarrthóir ordú um eiseachadadh an fhreagróra chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá le pianbhreith a ghearradh air maidir le cúiseamh ionsaithe ghnéasaigh.

**K.S. (agairt mionaoisigh faoina mháthair agus a neaschara, B.S.) v an Coimisinéar Iarratas Dídeanaithe, An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tAire-Aighne agus Éire agus an Coimisiún um Chearta an Duine**
Breithiúnas tugtha ag Butler J ar 17/10/2007
Lorg an t-iarrthóir moladh an fhreagróra chéadluaite a chur ar neamhní agus déanamh ordaithe ag tabhairt treorach don fhreagróir céanna agallamh úr a reáchtáil i ndiaidh iarratais ar thearmainn ar diúltaíodh dó.

**Kevin Nolan v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an Breitheamh Dúiche Patrick Brady**
Breithiúnas tugtha ag Murphy J. ar 19/10/2007
Lorg an t-iarrthóir urghaire ag cur srian ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ó achomhairc áirithe a ionchúiseamh agus ar an mBreitheamh Dúiche ó ordú ar bith a dhéanamh ina leith ar bhinn moillithe.

**Lydia Foy v An tArd-Chláraitheoir, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag McKechnie J ar 19/10/2007
Bunreachtúlacht agus comhoiriúnacht ECHR Ailt 63 agus 64 den Acht um Chlárú Sibhialta 2004.

**Michael Faherty v An tAire Cosanta, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Feeney J ar 22/10/2007
Bhí an gearánach ag lorg damáistí as damáistí pearsanta, lena n-áirítear caillteanas éisteachta ag eascairt as torann iomarcach a d'éiligh sé gur chuir sé isteach air le linn dó a bheith fostaithe mar bhall den Gharda Síochána idir 1965 agus 1995.

**Dona Sfar v Comhairle Contae Lú, an tAire Comhshaoil, Éire, an tArd-Aighne agus eile**
Breithiúnas tugtha ag Murphy J ar 22/10/2007
Iarratais athbhreithnithe bhreithiúnaigh inar lorg an t-iarrthóir dearbhuithe, urghairí agus mandamus maidir le hurghabháil a madraí agus ainmhithe eile faoin Acht um Rialú Madraí 1986.

**McDonagh agus eile v Comhairle Contae Chill Chainnigh, Coimisinéar an Gharda Síochána, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J ar 23/10/2007
Ba bhaill den lucht siúil iad na hiarrthóirí agus seirbhéaladh iad le horduithe foghla coiriúla de bhun an Achta um Cheartas Coiriúil (Ordú Poiblí) 1994. D'éiligh na hiarrthóirí go raibh na freagróirí ag sárú a n-oibleagáidí faoi na hAchtanna Tithíochta, agus go raibh na horduithe a seirbheáladh ag sárú chearta cónaithe na n-iarrthóirí, de réir mar a chosain an Bunreacht iad.

**Colm Murphy v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag O'Neill J ar 23/10/2007
Lorg an t-iarrthóir chun a ath-thriail a thoirmeasc, ar bhain sí le comhcheilg chun pléascadh a chruthú, ar bhonn imeacht ama.

**Frank McBrearty and Company Limited v Coimisinéar an Gharda Síochána, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tAire-Aighne**
Breithiúnas déanta ag Gilligan J 25/10/2007
Líomhain an chuideachta ghearánaigh gur cuireadh í faoi ionchúiseamh, leatrom agus ciapadh neamhdhleathach, éagórach agus mailíseach ag gníomhairí an chosantóra chéadluaite agus daoine eile ag gníomhú in éineacht leis.

**Peter Sweetman v An Bord Pleanála, Éire agus an tAire-Aighne agus Comhairle Contae an Chláir**
Breithiúnas déanta ag Clarke J ar 25/10/2007
Lorg an t-iarrthóir agóid a dhéanamh i gcoinne bhailíocht an cheada a thug an Bord Pleanala do scéim bhóthair de bhun alt 50(4)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Mhaígh an t-iarrthóir ina theannta sin gur mhainnigh Éire maidir lena hoibleagáidí faoi Threoir 2003/35/CE ón gComhairle a chomhlíonadh.

**Paolo Nascimento v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tAire-Aighne**
Breithiúnas déanta ag Dunne J ar 26/10/2007
Bhain an cás seo le hiarratas chun iarratas ar aistriú príosúnaigh, ar náisiúnach Portaingéalach é, a chur ar neamhní.

**Patrick Brennan, John Troy, Thomas Gilson, Sean O'Donnell agus Stephen Birney v Gobharnóir Phríosún Phort Laoise agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**
Breithúnas tugtha ag O'Neill J ar 09/11/2007
Lorg na hiarrthóirí agóid a dhéanamh i gcoinne a gcoinneála trí fhiosrúchán *Airteagal 40*.

**Michael Kavanagh v Rialtas na hÉireann, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tAire Sláinte agus Leanaí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithúnas tugtha ag Symth J ar 21/11/2007
Bhain an breithiúnas seo le costais. Bhí agóid á déanamh ag an iarrthóir i gcoinne cinntí éagsúla a rinneadh chun tionscadal príosúin a fhorbairt agus an tOspidéal Mearbhaill Lárnach a athlonnú.

**C.A. and S.O.A. (agairt mionaoisigh faoina máthair agus a neaschara C.A.) v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithúnas tugtha ag McCarthy J ar 23/11/2007
Iarratas ar chead chun athbhreithniú breithiúnach ar ordú díbeartha a lorg.

**An tArd-Aighnev Ludmilla Borisnova Pratkunas**
Breithúnas tugtha ag Peart J ar 28/11/2007
Bhain an cás seo le géilleadh an fhreagróra chuig Cónaidhm na Rúise faoi Chuid II den Acht um Eiseachadadh 1965.

**M.K. v An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí**
Breithúnas tugtha ag Clark J ar 30/11/2007
Ba iarratas é seo ar ordú chun an tréimhse ama a shíneadh, ar féidir iarratas ar athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh laistigh di, de bhun alt 5(2)(a) den Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil) 2000 agus ar chead chun cinneadh an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe a chur ar neamhní ar cuireadh fógra chuig an iarrthóir ina leith an 31 Eanáir 2006.

**Vicky Leonard v Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithúnas tugtha ag Peart J ar 03/12/2007
Cead chun dearbhú a lorg maidir le neamhbhunreachtúlacht Alt 62 den Acht Tithíochta 1966.

**Niall Dillon v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an tArd-Aighne**
Breithúnas tugtha ag De Valera J ar 04/12/2007
Rinneadh agóid sa chás seo i gcoinne bhunreachtúlacht na bhforálacha faoi reachtaíocht fuaidireachta an 19ú Céad.

**Dolores Mannion v An Bord um Chúnamh Dlíthiúil, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithúnas tugtha ag McGovern J ar 07/12/2007
Bhain an cás seo le cibé ar sháraigh forálacha áirithe den *Civil Legal Aid Act 1995* cearta bunreachtúla agus ECHR an iarrthóra.

**X v An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne (leis an gCoimisiún um Chearta an Duine mar fhógrapháirtí)**
Breithúnas tugtha ag Herbert J ar 11/12/2007
Athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar an modh ar a ndearnadh an cinneadh chun stádas dídeanaí a dhiúltú.

**Catherine Martin agus Diarmuid Doorley v An Bord um Chúnamh Dlíthiúil, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithúnas tugtha ag Laffoy J ar 13/12/2007

Bhain an cás seo le bunreachtúlacht agus comhoiriúnacht ECHR alt 32(2) den *Civil Legal Aid Act 1995*.

**J.W.O. (agairt mionaoisigh faoina athair agus a neaschara J.I.W.), J.I.W. agus S.M.O. v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Coimisinéar an Gharda Síochána, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithúnas tugtha ag Hedigan J ar 13/12/2007

Cibé an sáródh an cur isteach ar shaol teaghlaigh na n-iarrthóirí mar thoradh ar ordú aistrithe a rinneadh i gcoinne an iarrthóir daraluaite a gcearta bunreachtúla agus/nó a gcearta ECHR.

**Walter Prendiville agus John Francis Murphy v Comhairle na nDochtúirí Leighis, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithúnas tugtha ag Kelly J ar 14/12/2007

Agóid maidir le bunreachtúlacht agus comhoiriúnacht ECHR forálacha áirithe d'Acht na Lia-Chleachtóirí 1978.

**Jacqueline Byrne v Scrúdóir Oifigiúil na Scannán agus an Binse Achomhairc um Scrúdóireacht Scannán agus an tArd-Aighne**

Breithúnas tugtha ag O'Higgins J ar 21/12/2007

Lorg an t-athbhreithniú breithiúnach seo cinneadh chun diúltú d'fhíséan a dheimhniú a chur ar neamhní.

Cásanna na Cúirte Uachtaraí ó 2007 lenar bhain an Stáit

**J.R. v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Coimisinéar an Gharda Síochána, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Denham J ar 01/02/2007
Líomhain an gearánach gur bhain roinnt ball dá teaghlaigh mí-úsáid ghnéasach aisti arís agus arís eile ó bhí sí 5 mbliana d'aois, agus nach ndearnadh imscrúdú ar na gearáin a rinne sí ar deiradh thiar le baill den Gharda Síochána. Sa chás seo, lorg na cosantóirí chun éileamh an ghearánaigh ina gcoinne a dhíbhe ar fhoras moill dholeithscéil agus mhíréasúnta.

**David Nicolas v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas *Ex tempore* tugtha ag Denham J ar 20/02/2007
Bhí agóid á déanamh ag an iarrthóir/achomharcóir i gcoinne dlíthiúlacht a choinneála faoi alt 5 den Acht Inimirce 1999.

**Deirdre Hayes v. An tAire Airgeadais**
Breithiúnas tugtha ag Kearns J ar 23/02/07.
Bhreithnigh an Chúirt Uachtarach gur chóir éileamh an ghearánaigh ar dhamáistí, ag eascairt as díobhálacha a fuair sé i dtimpiste nuair a bhí sé ina phaisinéar ar cúla ar ghluaisrothar a raibh na Gardaí ar a thóir, a dhíbhe.

**Francis Shortt v Coimisinéar an Gharda Síochána, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Hardiman J ar 21/03/2007
Bhí achomharc á dhéanamh ag an ngearánach i gcoinne mhéid na ndamáistí a dhámh an Ard-Chúirt air as na héagóir a rinneadh air mar thoradh ar iompraíocht mhíghradamúil agus mí-úsáid chumhachta ag baill den Gharda Síochána.

**F. Gregg Bemis v An tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Macken J ar 27/03/2007
Ba achomharc é seo i gcoinne chinneadh an Aire ag diúltú ceadúnas a thabhairt don fhreagróir, ar lorgaíodh é de bhun Alt 3(5) d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1987, chun oibreacha áirithe a dhéanamh ag láithreán loinge báite amach ó chósta Chorcaí.

**Stephen Mitchell v Éire, an tArd-Aighne agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**
Breithiúnas tugtha ag Kearns J ar 28/03/2007
Ba achomharc é seo i gcoinne ordú na hArd-Chúirte a dhíbh éileamh an ghearánaigh mar mhí-úsáid phróisis, ar fhoras gur ardaigh sé saincheisteanna a bhféadfaí iad a ardú go cuí agus go stuama in imeachtaí roimhe sin.

**Seamus Quinn agus daoine eile v An tAire Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Denham J ar 29/03/2007
Ba í an tsaincheist cibé an bhféadfadh an tAire rialacháin a leasú, a mbaineann éifeacht reachtúil leo trí rialacháin eile déanta faoi Alt 8 den Acht um Leigheasanna Ainmhithe 1993, nó cibé nach féidir leasuithe den chineál sin a dhéanamh ach trí reacht.

**Paul Clinton v An Bord Pleanála, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Geoghegan J ar 02/05/2007

Rinne an t-achomharcóir, ceann ar "the Carlton Group", iarratas ar chead chun athbhreithniú breithiúnach a lorg ar ordú ceannaigh éigeantaigh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le ceantar de Shráid Uí Chonaill, ceantar a raibh cead pleanála faighte ag an Carlton Group ina leith ó cheart, chun forbairt a dhéanamh ann.

**Eric Martin v An Bord Pleanála, Éire agus an tArd-Aighne (le Indaver Ireland Limited mar fhógrapháirtí)**
Breithiúnas tugtha ag Murray CJ ar 10/05/2007
Bhí agóid á déanamh ag an achomharcóir i gcoinne cinnidh déanta ag An Bord Pleanála chun cead pleanála a dheonú don fhógrapháirtí leis na himeachtaí seo chun saoráid bainistíochta dramhaíola agus loisceora a fhorbairt i nDamhliag, Co. na Mí.

**Maidir le cúrsaí coimircithe cúirte agus maidir le cúrsaí Francis Dolan**
Breithiúnas tugtha ag Geoghegan J ar 04/07/2007
Is éard a bhí i gceist le cinneadh sa chás seo cibé an duine "mímheabhrach" a bhí i gceist le duine le pairilis cheirbreach.

**An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Robert Francis Stapleton**
Breithiúnas tugtha ag Fennelly J ar 26/07/2007
Rinne an freagróir agóid in aghaidh é a ghéilleadh chuig an Ríocht Aontaithe de bhun Barántais Ghabhála Eorpaigh.

**Claude Michael Joseph Lavole agus Carvida Limited v Breitheamh Dúiche John O'Donnell, Ireland agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Murray CJ ar 27/07/2007
Bhí achomharc á dhéanamh ag an acomharcóir ar ordú na hArd-Chúirte ag tabhairt diúltú do *certiorari* ordaithe a d'ordaigh árthach iascaireachta a choinneáil.

**M.D. v Stiúrthóir Cliniciúil Ospidéal Naomh Breandán agus Miriam Gannon agus an Coimisinéar Meabhair-Shláinte agus an Binse um Meabhair-Shláinte**
Breithiúnas tugtha ag Hardiman J ar 27/07/2007
Is éard a bhí san chás seo léirmhíniú ar fhorálacha coinneála den Acht Meabhair-Shláinte 2001.

**Dublin International Arena Limited v Campus and Stadium Ireland Development Limited, an tAire Turasóireachta, Spóirt agus Áineasa, Éire agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Denham J ar 25/10/2007
Bhí achomharc á dhéanamh ag an acomharcóir ar ordú na hArd-Chúirte ag ceangal ar an acomharcóir urrús iomlán a chur ar fáil as costais an fhreagróra chéadluaite, a rinneadh de bhun Alt 390 d'Acht na gCuideachtaí 1963, agus as aon trian de chostais na bhfreagróirí eile, a rinneadh de bhun Ordú 29 riail 1 de Rialacha na nUaschúirteanna.

**An tArd-Aighne v Abimbola**
Breithiúnas tugtha ag Fennelly J ar 28/11/2007
Bhain sé seo leis, *inter alia*, an tionchar a bhí ag tabhairt isteach na scéime um Barántas Gabhála Eorpach ar an Acht um Eiseachadadh 1965.

**Dominic Dunne v An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Éire agus an tArd-Aighne agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin**
Breithiúnas tugtha ag Murray CJ ar 06/12/2007

Chaill an t-achomharcóir a chás san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach maidir le cibé ar sháraigh alt 8 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 2004 Airteagail 5, 10, 15 agus 40 den Bhunreacht agus Treoir 85/337/CCE ón gComhairle (arna leasú). Dámhadh costais ar an achomharcóir ag an Ard-Chúirt, d'ainneoin na gnáthrialach gur chóir don pháirtí nár éirigh leo costais na n-imeachtaí a íoc. Rinne an freagróir tríú-ainmnithe achomharc i gcoinne an ordaithe sin a rinne an tArd-Chúirt. Lorg an t-achomharcóir chun an tOrdú a chosaint agus maidir lena achomharc leis an gCúirt Uachtarach, d'iarr sé ar an gCúirt a rogha féin a dhéanamh trí chostais an achomhairc a dhámhadh air, nó, mar mhalairt air sin, gan aon ordú a dhéanamh maidir le costais. Breithiúnas tugtha ag Murray CJ: agus ordú á thabhairt don achomharcóir costais na bhfreagróirí a íoc, go gcinntear saincheist ar nós an ceann seo, de réir an cháis, agus léiríonn na cásanna a bhfuil cinneadh déanta ina leith tréith na bhfachtóirí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha, ach is iad na fachtóirí nó meascán na bhfachtóirí i gcomhthéacs an cháis aonair a chinnfidh an tsaincheist.

**Bode agus eile v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (leis an gCoimisiún um Chearta an Duine agus an tArd-Aighne mar fhógraph※áirtithe)**
Breithiúnas tugtha ag Denham J ar 20/12/2007
Bhí achomharc á dhéanamh ag an Aire i leith bhreithiúnais na hArd-Chúirte a neamhnigh a chinntí chun iarratais ar chead chun fanacht sa Stát a dhiúltú do thuismitheoirí áirithe náisiúnaigh choigríche leanaí a rugadh in Éirinn faoin Scéim IBC 05.

**Samir Morriss Gerges Fares, agus le hordú na hArd-Chúirte an 12 Iúil, 2006, Flobater Samir Moriss Gerges Fares v an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Coimisiún um Chearta an Duine agus an tArd-Aighne**
Breithiúnas tugtha ag Denham J ar 20/12/2007
Bhain an cás le ceanglas i scéim riaracháin case (an Scéim IBC 05) maidir le cónaí leanúnach laistigh den Stát.

**Gheorghe Dorin Duman agus Alina-Vica Samolia agus Kevin Duman (agairt naíonáin faoina athair agus a neaschara, Gheorghe Dorin Duman) v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí**
Breithiúnas tugtha ag Denham J ar 20/12/2007
Ba í an tsaincheist anseo cinneadh an Aire a rinneadh i scéim riaracháin, bunaithe mar fheidhmiú cumhachta feidhmiúcháin, chun dul i ngleic le grúpa uathúil náisiúnach coigríche. Rinne an tAire achomharc ó bhreithiúnais na hArd-Chúirte a neamhnigh a chinneadh chun iarratais ar chead chun fanacht sa Stát a dhiúltú do thuismitheoirí áirithe náisiúnaigh choigríche leanaí a rugadh in Éirinn faoin Scéim IBC 05.

**Oviawe agus Eile v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (fógraph※áirtí)**
Breithiúnas tugtha ag Denham J ar 20/12/2007
Bhain an cás seo le diúltú an Aire d'iarratas an fhreagróra chéadluaite faoin Scéim IBC 05.

**Folashade Olubunmi Adio agus Eile v An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí**
Breithiúnas tugtha ag Denham J ar 20/12/2007
Bhain an cás seo le diúltú an Aire d'iarratas an fhreagróra chéadluaite faoin Scéim IBC 05..

## BREITHIÚNAIS AN ECJ AGUS CFI LENAR BHAIN ÉIRE IN 2007

Cás C-175/05: Breithiúnas na Cúirte (An Séú Dlí-Sheomra) den 11 Eanáir 2007 — Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire (Mainneachtain Bhallstáit chun oibleagáidí a chomhlíonadh — Treoir 92/100/CCE — Cóipcheart — Cíos agus ceart iasachta — Ceart iasachta poiblí eisiach — Maolú — Coinníoll luach Saothair — Díolúine — Scóip)

Cás C-183/05: Breithiúnas na Cúirte (An Dara Dlí-Sheomra) den 11 Eanáir 2007 — Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire (Mainneachtain Bhallstáit chun oibleagáidí a chomhlíonadh — Treoir 92/43/CCE — Airteagail 12(1) agus (2), 13(1)(b) agus 16 — Caomhnú gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáin — Caomhnú speiceas)

Cás C-356/05: Breithiúnas na Cúirte (An Chéad Dlí-Sheomra) den 19 Aibreán 2007 (tagairt do réamhrialú ó Ard-Chúirt na hÉireann — Éire) — Elaine Farrell v Alan Whitty, An tAire Comhshaoil, Éire, An tArd-Aighne, Biúró Árachóirí Mótar na hÉireann (MIBI) (Árachas éigeantach um dhliteanas sibhialta maidir le mótarfheithiclí — Treoracha 72/166/CCE, 84/5/CCE agus 90/232/CCE — Díobhálacha do phaisinéirí feithicle — Níor comhoiriúnaíodh cuid den fheithicil chun paisinéirí ina suí a iompar)

Cás C-391/06: Breithiúnas na Cúirte (An Seachtú Dlí-Sheomra) den 3 Bealtaine 2007 — Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire (Mainneachtain Bhallstáit chun oibleagáidí a chomhlíonadh — Treoir 2003/4/CE — Saoráil rochtana ar fhaisnéis — Faisnéis Chomhshaoil — Mainneachtain trasuíomh a dhéanamh laistigh den tréimhse fhorordaithe)

Cás C-148/05: Breithiúnas na Cúirte (An Ceathrú Dlí-Sheomra) den 14 Meitheamh 2007 — Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire (Mainneachtain Bhallstáit chun oibleagáidí a chomhlíonadh — Treoir 79/923/CCE — Caighdeán uiscí sliogéisc — Ainmniú uiscí sliogéisc — Cláir um laghdú Truaillithe — Socrú paraiméadar rialaithe)

Cás C-66/07: Breithiúnas na Cúirte (An Seachtú Dlí-Sheomra) den 27 Meán Fómhair 2007 — Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire (Mainneachtain Bhallstáit chun oibleagáidí a chomhlíonadh — Treoir 2004/27/CE — Táirgí Míochaineacha le húsáid an duine — Mainneachtain trasuíomh sa dlí náisiúnta laistigh den tréimhse fhorordaithe)

Cás C-248/05: Breithiúnas na Cúirte (An Dara Dlí-Sheomra) den 25 Deireadh Fómhair 2007 — Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire (Mainneachtain Bhallstáit chun oibleagáidí a chomhlíonadh — Cosaint uisce faoin talamh ó thruailliú cúisithe ag substaintí guaiseacha — Treoir 80/68/CCE)

Case C-507/03: Breithiúnas na Cúirte (An Dlí-Sheomra Mór) den 13 Samhain 2007 — Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire (Soláthar poiblí — Airteagail 43 CE agus 49 CE — Treoir 92/50/CCE — Dámhadh conartha phoiblí ar sheirbhís phoist na hÉireann, An Post gan aon réamhfhógra conartha — Suim áirithe trasteorann — Trédhearcacht)

Cásanna Uamtha T-50/06, T-56/06, T-60/06, T-62/06 agus T-69/06: Breithiúnas na Cúirte Céadchéime den 12 Nollaig 2007 — Éire agus Eile v An Coimisiún (Cabhair Stáit — Treoir 92/81/CCE — Dleacht mháil ar olaí mianracha — Olaí mianracha a úsáidtear mar bhreosla le haghaidh táirgeadh alúmana — Díolúine a dámhadh ag údaráis na Fraince, na hÉireann agus na Iodáile — Cabhair nua — Cabhair reatha — Oibleagáid maidir le cúiseanna stáit — Cinneadh na Cúirte ar a tairiscint féin)

Cás C-418/04: Breithiúnas na Cúirte (An Dara Dlí-Sheomra) den 13 Nollaig 2007 — Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire (Mainneachtain Bhallstáit chun oibleagáidí a chomhlíonadh — Treoir 79/409/CCE — Caomhnú éan fiáin — Airteagail 4 agus 10 — Trasuíomh agus cur i bhfeidhm — IBA 2000 — Luach — Caighdeán na sonraí — Critéir — Corrlach discréide— Treoir 92/43/CCE — Caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flora fiáin — Airteagal 6 — Trasuíomh agus cur i bhfeidhm )

Cás C-532/03: Breithiúnas na Cúirte (An Dlí-Sheomra Mór) den 18 Nollaig 2007 — Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire (Mainneachtain Bhallstáit chun oibleagáidí a chomhlíonadh — Soláthar poiblí — Airteagal 43 CE agus 49 CE — Seirbhísí éigeandála otharchairr)

**Tagairt do réamhrialú ó Bhinsí na hÉireann**

Cás C-372/07: Tagairt do réamhrialú ón gCúirt Uachtarach (Éire) déanta an 6 Lúnasa 2007 — Nicole Hassett agus Cheryl Doherty/The Medical Defence Union Limited agus MDU Services Limited v Raymond Howard agus Brian Davidson

Cás C-209/07: Tagairt do réamhrialú ón gCúirt Uachtarach (Éire) déanta an 20 Aibreán 2007 — An tÚdarás Iomaíochta v Beef Industry Development Society Ltd, Barry Brothers (Carrigmore) Meats Ltd

**An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (Faisnéis soláthartha ag DFA)**

- Ní raibh éisteacht ar bith lenar bhain Éire mar Fhreagróir in 2007.
- Ní raibh breithiúnas ar bith lenar bhain Éire mar Fhreagróir in 2007.
- Bhí cinneadh amháin lenar bhain Éire in 2007 - Delaney v. Éire (iarratas uimh. 23662/2007). Scriosadh amach é sin ón liosta 29/11/2007.
- Chomhdaigh Éire breathnuithe tríú páirtí i scríbhinn i gcás Burden v. an Ríocht Aontaithe (iarratas uimh. 13378/2005). Reáchtáladh éisteacht an Dlí-Sheomra Mhóir sa chás seo an 12 Meán Fómhair 2007. Níor ghlac Éire páirt san éisteacht ó bhéal. (Chun críche faisnéise, tugadh breithiúnas sa chás seo i mí Aibreáin 2008)
- Chomhdaigh Éire breathnuithe tríú páirtí i scríbhinn i gcás Pye v. an Ríocht Aontaithe (iarratas uimh. 44302/2002). Tugadh breithiúnas sa chás seo an 30 Lúnasa 2007. (Chun críche d'fhaisnéise féin, reáchtáladh éisteach ó bhéal i mí na Samhna 2006 – níor ghlac Éire páirt san éisteacht ó bhéal)